

# Tuarascáil Bhliantúil 2019 agus na Ráitis Airgeadais







## Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2019 bunaithe ar na spriocanna atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc. Déantar cur síos ar shamplaí d'éachtaí agus forbairtí lárnacha de chuid Stiúrthóireachtaí an Taighde, an Aistrithe Eolais agus na nOibríochtaí i gcomhthéacs na spriocanna sin.

# INNEACHAR

Réamhrá	1
Ráiteas an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Stiúrthóra	4
Comhaltaí an Údaráis	7
An Fhoireann Ardbhainistíochta	8
Cairt Eagraíochta	9
Suímh na nOifigí	10
Alt Speisialta: Ó chomhairle feirme go seirbhísí tacaíochta nuálaíochta	11
Sprioc 1 - Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia, agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú	18
Sprioc 2 - Tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoireacht inbhuanaithe agus don chomhshaol	36
Sprioc 3 - Éagsúlú an gheilleagair tuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha tuaithe a fheabhsú	45
Sprioc 4 - Inniúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead	54
Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais	65

## Misean

Tacú le nuálaíocht ar bhonn na heolaíochta san earnáil agraibhia agus sa bhithgheilleagar i gcoitinne d'fhonn bonn taca a chur faoi bhrabúsacht, acmhainn iomaíochta agus inbhuanaitheacht.

## Fís

Is mian le Teagasc aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach mar an soláthraí eolais is rogha le hearnáil agraibhia na hÉireann.



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Cé go dtuairiscítear sa doiciméad seo ar ghníomhaíocht agus cúrsaí airgeadais Teagasc sa bhliain féilire 2019, cuireadh i dtoll a chéile go luath in 2020 é agus, ar an ábhar sin, is ceart trácht a dhéanamh ar thionchar phaindéim COVID-19, a bhfuil impleachtaí thar na bearta i gceist léi don tír agus do Teagasc araon. Agus an sliocht seo á scríobh i mí na Bealtaine 2020, tá ordú dianghlasála i bhfeidhm ar Teagasc agus ar an náisiún go léir, rud a fhágann go bhfuil srianta cuimsitheacha le gluaiseacht agus gníomhaíochtaí fhoireann Teagasc. In ainneoin na srianta seo, tá foireann Teagasc tar éis a léiriú cé chomh solúbtha, agus nuálach is atá siad sna hiarrachtaí atá déanta acu le leanúint de fhreastal ar chliaint agus ar chustaiméirí. Tá Grúpaí Plé á reáchtáil trí uirlisí agus ardáin dhigiteacha, cuir i gcás.

Faoi mhí na Bealtaine gach bliain, is iondúil go dtosaíonn na figiúirí ag teacht isteach ó Shuirbhé Náisiúnta Teagasc ar Fheirmeacha, na meastacháin oifigiúla ar ioncain thalmhaíochta na bliana roimhe ar dtús. Bíodh sin mar atá, chuir bearta éigeandála COVID-19, agus na bearta sláinte poiblí a bhain leo sin, isteach go mór ar bhailiú na sonraí don Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha agus tá moill curtha ar thiomsú na dtorthaí do 2019 dá bhrí sin.

Mar sin, níl sna meastacháin ioncain atá curtha ar fáil sa tuarascáil seo ach garmheastacháin (cé gur garmheastacháin maithe iad) agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú orthu nuair a fhoilseofar an Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha amach sa samhradh. I bhfianaise na srianta sin, tugann na meastacháin is fearr atá againn le tuiscint gur tháinig méadú thart ar 4% ar an meánioncam feirme teaghlaigh in 2019, agus go bhfuil sé beagán os cionn €24,200 anois. Mar sin féin, tá difríochtaí móra fós ann ó thaobh meánioncain de ag brath ar an gcóras feirme atá i gceist.

Méadaíodh an meánioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha 'Tógáil Eallach' chuig €9,600 (measta) in 2019, nó méadú 15% ar fhiigiúr 2018, agus is iad titim ar na costais táirgthe agus tacaíocht bhreise don earnáil ba mhó ba chúis leis sin. Bhí titim san ioncam ar fheirmeacha 'Eallach Eile', a n-áirítear leo réimse córais táirgeachta eallaigh (críochnaitheoirí eallaigh, mar shampla), in ainneoin go mbíonn a gcostais ionchuir níos ísle agus go bhfaigheann siad íocaíochtaí díreacha níos airde. Bhí an meánioncam ar fheirmeacha 'Eallach Eile' thart ar €14,000 in 2019, laghdú 4% ar an bhfiigiúr in 2018.

Mar fhocal scoir, bliain an-dúshlánach eile a bhí in 2019 do thionscadal mairteola na hÉireann.

Is i bhfeirmeacha déiríochta a bhí an méadú ba mhó ar ioncam le feiceáil in 2019, áit a raibh an meánioncam gar do €68,000 nó méadú 11% ar ioncam 2018. Tháinig laghdú suntasach ar úsáid dlúthbhia in 2019 toisc gur tháinig na gnáthdhálaí fáis ar ais tar éis an triomaigh in 2018.

Bhí méadú ioncain ann freisin in 2019 i gcás feirmeacha caorach. Mhéadaigh an meánioncam feirme caorach chuig thart ar €14,600, méadú 10% ar leibhéal 2018.

Cé gur tháinig an barr ar fheirmeacha curaíochta chucu féin arís in 2019 tar éis na leibhéil ísle a chonacthas in 2018, tháinig laghdú nár bheag ar phraghsanna arbhair agus tuí, rud a chuir an berr ní b'fhearr ar ceal go hiomlán. Meastar gurbh é €35,500 an meánioncam feirme curaíochta in 2019, laghdú 13% ar fhiigiúr 2018.

I measc na mbuaicphointí in 2019 bhí infheistíocht €10 milliún in Moorepark Technology Limited (MTL) a rinne Teagasc agus páirtithe leasmhara eile, tionscail arb aidhm leis saoráidí píolótacha gléasra den scoth a chur ar fáil do chuideachtaí bia. Tá tús curtha freisin le hinfheistíocht €10 milliún eile sa Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Bia in Teagasc na Cloiche Léithe. Cabhróidh an dá thionscnamh seo le cuideachtaí bia dul in oiriúint do riachtanais an tomhaltóra, a bhíonn ag athrú de shíor, agus freastal orthu. In éineacht le hinfheistíocht den sórt céanna san Ionad Náisiúnta um Bia Ullmhaithe do Thomhaltóirí ag Teagasc Bhaile an Ásaigh, tá Teagasc ag cur ar chumas na hearnála bia 'déanamh réidh do Brexit'

Caithfidh cion níos mó d'eallach maraithe teacht ó thréada déiríochta i bhfianaise leathnú an tréada déiríochta anuas ar fheabhsú san fheidhmíocht atáirgthe. Rangaítear na tairbh mhairteola san innéacs nua mairteola déiríochta Teagasc (DBI) tairbh mhairteola do dhor na mba déiríochta, bunaithe ar a n-acmhainneacht ghéiniteach mheasta eallach brabúsach ar

ardchaighdeán a tháirgeadh, leis an tionchar is lú ar fheidhmíocht na mba déiríochta. Baineann na tréithe a chuimsítear sa DBI le: 1) feidhmíocht breithe, 2) tréithe conablaigh, 3) iontógáil beatha, 4) socracht, agus 5) maoile. Tá taighde ar siúl maidir le tréithe breise a áireamh mar shláinte laonna, caighdeán feola agus tréithe comhshaoil.

I mí Eanáir 2019, sheol an tAire Andrew Doyle TD straitéis nua seacht mbliana d'fhorbairt earnáil bia orgánaigh na hÉireann. Tá príomhról ag Teagasc i 24 gníomh sa phlean straitéise a chur i ngníomh ar fud na n-earnálacha gairneoireachta, gránaigh, déiríochta, feola agus éanlaithe.

Is é Cuar Costais Laghdaithe Imeallaigh (CCLI) Teagasc an bonn atá faoi go leor de na gníomhartha i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais. Sainithníodh 14 bheart maolaithe a bheadh tairbheach, neodrach nó éifeachtach ó thaobh costais de in MACC Teagasc maidir le hastaíochtaí talmhaíochta (meatán agus ocsaíd níotrach) a laghdú. Measadh go laghdófaí na hastaíochtaí 1.85 Mt de choibhéisí dé-ocsaíde carbóin in aghaidh na bliana idir 2021 agus 2030 mar thoradh ar na bearta seo. Na daoine is mó a chuirfeadh leis an laghdú, dhéanfaidís úiré chosanta a úsáid, an EBI déiríochta a fheabhsú agus leathadh sciodair astaíochtaí ísle a úsáid.

Tá léirithe ag taighde de chuid Teagasc nach gá go mbeadh gníomhartha a fheabhsaíonn éifeachtúlacht táirgeachta ag teacht salach ar dhul chun cinn ó thaobh an chomhshaoil de. Agus an bonn láidir taighde faoina ndéanann siad, tá ár gcomhairleoirí Teagasc ardoilte go maith in ann do na dúshláin atá romhainn.

Comhfhiontar idir Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, mar aon le próiseálaithe déiríochta trí Inbhuanaitheacht

Déiríochta Éireann, is ea an Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (CTCIT), atá ag léiriú cén chaoi ar féidir le comhairleoirí tionchar a imirt ar fheirmeoirí agus iad a spreagadh chun an comhshaoil a chosaint.

Ag breathnú chun cinn ar a bhfuil i ndán dúinn in 2020 agus ina dhiaidh sin, creidim go léireofar tuilleadh tríd an gClár Treorach Feirmeacha cén chaoi ar féidir gníomhartha maolaithe aeráide a chur i bhfeidhm ar bhealaí praiticiúla ar fheirmeacha in Éirinn thar raon cineálacha fiontair, dálaí áitiúla ithreach agus aeráide agus céimeanna éagsúla d'fhorbairt ghnó.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Martina Donnelly ar a ceapadh chun Údarás Teagasc mar ionadaí na foirne agus gabhaim buíochas le Joe Larkin as an tseirbhís iontach a thug sé don Údarás sa ról sin.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh chomh maith le Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, ar bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Céim Dochtúireachta Eolaíochta air in 2019. Deirtear an méid seo sa lua: "Tá maoirseacht déanta ag an Ollamh Boyle ar chomhtháthú feidhmeanna comhairleacha, oideachais agus taighde in Teagasc ina múnla comhtháite ar leith a spreagann taighde agus aistriú eolais."

De réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, is mian liom a dheimhniú go gcloíonn Teagasc leis na gnéithe cuí den Chód Cateachais Phoiblí.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, agus a chuid comhghleacaithe uile in Teagasc as ucht a dtiomantas agus a n-ionchur don eagraíocht in 2019.



I mí na Nollag d'oscail an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, T.D., infheistíocht nua €10 milliún in Teagasc, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí. Sa phictiúr tá John Hunter, príomhoifigeach feidhmiúcháin Moorepark Technology Limited (MTL), in éineacht le Stiúrthóir Teagasc, an tOll. Gerry Boyle agus Cathaoirleach Teagasc, Liam Herlihy.

# TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



I mí na Nollag 2019, aithníodh coróinvíreas nua nach bhfacthas i measc daoine riamh roimhe. An galar arb é is cúis leis, galar coróinvíris 2019 (COVID-19), ní raibh sé fiú i mbéal an phobail ag tús 2020.

Cé nach raibh mórán tionchair ag COVID-19 ar chúrsaí feirmeoireachta sa ghearrthéarma i gcomparáid le príomhthionscail eile, bhí tionchar nár bheag ag an ngalar ar an éileamh ar phríomhtháirgí sa mhargadh. Is é fírinne an scéil gur chuir an galar isteach go mór ar ghníomhaíochtaí Teagasc inár n-oifigí, inár n-ionaid taighde agus inár gcoláistí agus, níos mó ná sin, ar theagmháil idirphearsanta idir baill foirne Teagasc agus feirmeoirí, mic léinn, comhghleacaithe sa tionscal bia, srl.

Is iontach an méid a rinne foireann Teagasc leis an dúshlán seo a shárú. Tosaíodh go han-ghasta ar fad ar shraith uirlisí cumarsáide digítí a úsáid, lena n-áirítear seimíneáir ghréasáin, seimíneáir feirme, grúpaí díospóireachta fíorúla agus cruinnithe Lync agus Zoom, chun leanúint dár seirbhís a chur ar fáil in ainneoin na géarchéime. A bhuíochas leis an tacaíocht den scoth a chuir rannóg TFC Teagasc ar fáil, bhí an fhoireann in ann obair ón mbaile.

De réir mar a thagann maolú ar ráig thosaigh COVID-19, is cinnte go mbeidh impleachtaí móra millteanacha ann do Teagasc in 2020. Tá léirithe ag an eagraíocht ar fad go bhfuil rún daingean docht acu leanúint de fhreastal ar ár gcuid páirtithe leasmhara, rud a chreidim a sheasfaidh dúinn agus muid ag iarraidh dúshlán na tréimhse atá amach romhainn a shárú.

Thar an tréimhse idir 2014 agus 2019 chonaic Teagasc leibhéal eisceachtúil éilimh agus clárúcháin sna príomhchláir oideachais ar fad.

B'ionann líon iomlán na ndeimhniúcháin QQI le haghaidh chlár Teagasc thiar in 2014 agus 2,165. B'ionann líon iomlán na ndeimhniúcháin in 2019 agus 4,078. Ba é an borradh san éileamh ar chúrsaí Theastas Glas de chuid Teagasc do dhaoine fásta uathu siúd a bhí ag lorg cáilíochta aitheanta feirmeora oilte a bhí taobh thiar den mhéadú sin, d'fhonn scéimeanna atá dírithe ar fheirmeoirí óga faoin gclár náisiúnta RDP a chomhlíonadh.

Díol suntais na figiúirí maidir lenár seirbhísí comhairleacha freisin. In 2019 d'fhreastail ár 12 réigiún chomhairleacha ar nach mór 42,000 cliant le comhairliúcháin, cuairteanna feirme agus iarratais ar scéimeanna. Glacann 11,300 de na cliaint sin páirt i bpléghrúpaí fiontar-bhunaithe: 424 stoc tirim, 286 déiríocht, agus 37 curáíocht. Cuirtear tacaíocht chomhairleach ar fáil freisin maidir le bainistíocht gnó feirme, comharbas agus oidhreacht, agus éagsúlú. Soláthraíonn comhghleacaithe speisialtóra tacaíocht sa ghortóireacht, foraoiseacht, táirgeadh muc agus éanlaithe, riar eachaí agus feirmeoireacht orgánach.

Astuithe gáis cheaptha teasa a ísliú, cáilíocht uisce a chothabháil agus a fheabhsú agus bithéagsúlacht a chosaint, is iad sin na trí phríomhdhúshlán comhshaoil atá le sárú ag earnáil talmhaíochta na hÉireann agus tá Teagasc in áit mhaith chun cuidiú leis an earnáil déanamh amhlaidh. Tá an Clár nua Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht na Talmhaíochta (ASSAP) curtha i bhfeidhm anois agus é á chur ar fáil ag 20 comhairleoir ar leith in Teagasc agus ag 10 gcomhairleoir eile sna príoiseálaithe déiríochta.

In 2019, d'infheistigh Ionad Taighde VistaMilk SFI, ama pháirtmhaoiniú ag DAFM, sna chéad chórais in Éirinn chun an méid meatáin a thagann ó fhéar a thomhas. Gás ceaptha teasa láidir é an meatán, a dtáirgeann miocrorgánaigh é i bputóg athchogantach amhail ba agus caoirigh. Cé go bhféadfaí é a mhaolú go suntasach ach cleachtais áirithe bainistíochta feirme a athrú, is é fírinne an scéil go bhféadfaí neart a dhéanamh ar leibhéal an ainmhí féin chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus comhshaoil araon a fheabhsú. Dar leis an Ollamh Donagh Berry, arb é Stiúrthóir an ionaid é thar ceann Teagasc, tá an trealamh againn in Éirinn anois chun astaíochtaí meatáin caorach, bó agus bó déiríochta ar féarach a thomhas. Is féidir an trealamh a úsáid chun straitéisí pórúcháin agus bainistíochta a mheas d'fhonn astaíochtaí meatáin ar leibhéal an ainmhí a laghdú.

Ó thaobh bithéagsúlachta de, tá tionscnaimh curtha i bhfeidhm ag Teagasc ar a fheirmeacha





féin sna hionaid taighde agus sna coláistí chun plandaí, pailneoirí agus fiadhúlra níos éagsúla a spreagadh agus a chothú. Tá a fhios ag madraí an bhaile go mbeidh sé iontach deacair gáis cheaptha teasa agus amóinia a laghdú san earnáil talmhaíochta agus beidh ar ár gcuid comhairleoirí, oideachasóirí agus taighdeoirí uile fud fad na heagraíochta a seacht ndícheall a dhéanamh cabhrú le feirmeoirí agus leis an earnáil trí chéile na hathruithe is gá a dhéanamh.


D'fhreastail na mílte feirmeoirí ar Lá Oscailte Déiríochta Teagasc na Cloiche Léithe 2019 i mí Iúil. Mar chuid de shraith chuimsitheach taighde agus comhairle déiríochta ag an ócáid chuala siad faoin gcaoi ar tháinig athrú ó bhonn ar thionscal déiríochta na hÉireann, agus onnmhairí táirgí agus comhábhar déiríochta na hÉireann ag méadú ó €1.84 billiún ar an meán idir na blianta 2007 agus 2009, chuig os cionn €4 bhilliún in 2018. Tháinig méadú ar tháirgeadh bainne in Éirinn go 7.57 billiún lítear in 2018, agus shroich sé díreach faoi bhun ocht mbilliún lítear in 2019.

Is é an dúshlán ná an gnó a fhás ar bhonn inbhuanaithe agus, chuige sin, tá Teagasc tar éis treoirínite a chur in dtoll a chéile don earnáil déiríochta. Sainaitnítear sna treoirínite sin na príomhbhearta nach mór a dhéanamh chun logh comhshaoil an tionscail a laghdú agus na

caighdeáin is airde ó thaobh leas ainmhithe de a chinntiú.

Is é is aidhm fhoriomlán leis an tionscadal €11 mhilliún 'MASTER' ná táirgí, bianna, seirbhísí nó próisis mhicribhithóim a fhorbairt a rachaidh chun leasa na sochaí trí chainníocht, cáilíocht agus sábháilteacht bia a fheabhsú. Cuimsíonn an tionscadal uaillmhianach taighde seo 31 príomhfhóireann acadúil agus tionscail Eorpach agus idirnáisiúnta le rannpháirtithe ó 13 Bhallstát AE, dhá Thír Chomhlachaithe agus comhpháirtí idirnáisiúnta amháin.

Tá an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (nó AMR) ar cheann de mhórdhúshlán in linne don duine daonna. Meastar go mbeidh 10 milliún duine ag fáil bháis gach uile bhliain faoi 2050 de dheasca AMR mura ndéanfar bearta móra láithreach bonn chun úsáid frithmhiocróbach a laghdú. Tionóladh mórchomhdháil eolaíochta i mí na Samhna darbh ainm 'ONE HEALTH - Awareness to Action, Antimicrobial and Anthelmintic Resistance Conference' chun breathnú ar an gceist seo. Tá taighdeoirí ag Teagasc, Baile an Ásaigh agus in áiteanna eile ag cur eolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta i bhfeidhm i leith an AMR d'fhonn cabhrú le feirmeoirí an gnáthchleachtas a athrú ó



bhonn agus antaibheathaigh a úsáid ar bhealach níos freagraí ar fheirmeacha.

I gcomhar le Cúnamh Éireann, tá ról nach beag ag Teagasc sa chúnamh thar lear i dtíortha atá i mbéal forbartha. Thosaigh saineolaithe déiríochta de chuid Teagasc ag obair in 2019 lena gcomhghleacaithe sa Chéinia. Tar éis do Rialtas na hÉireann maoiniú €1 mhilliún a chur ar fáil trína Ambasáid sa Chéinia, cuirfidh cuibhreannas idir Éire agus an Chéinia tús le tionscadal cruthúnais coincheapa faoi leith a bheidh dírithe ar ról na géineolaíochta agus an fhodair san fheirmeoireacht déiríochta inbhuanaithe.

Tá an Rannóg Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhéanna Feirme ag obair faoi láthair ar thionscadal forbartha san Aetóip i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

Tá eacnamaithe de chuid Teagasc, le tacaíocht deontais ó Chúnamh Éireann, ag obair le comhghleacaithe ó Institiúid Polasaí agus Straitéise Vítneam um Thalmhaíocht agus

Forbairt Tuaithe (IPSARD) chun acmhainn taighdeoirí Vítneamacha a fhorbairt maidir le samhlacha cainníochtúla de mhargaí tráchtarraí talmhaíochta a úsáid san anailís ar idirghabhálacha beartais talmhaíochta.

In 2019 dheonaigh Teagasc seilbh ar Chaisleán Bhaile Sheonach d'Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann. Is le Teagasc fós an t-eastát ina iomláine, tá an caisleán agus na gairdíní á ligean ar léas d'Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann go ceann 10 mbliana; agus is iadsan a oibreoidh an taitneamhacht. Ba í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Fáilte Éireann a sholáthair an maoiniú chun an caisleán a athchóiriú agus do na háiseanna nua eile.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Joe Larkin as an méid oibre a chuir sé isteach ar an Údarás agus mar Chomhchathaoirleach Comhpháirtíochta le cúig bliana anuas. Guím gach rath ar Martina Donnelly ina ról nua ar Údarás Teagasc.



# COMHALTAÍ AN ÚDARÁIS



An tUas. John Buckley



An tUas. Tommy Cooke



Donnelly, Martina, Uas.



An tUas. Patrick Duffy



An tOll. Gerald Fitzgerald



An tOll. Thia Hennessy



An tUas. Liam Herlihy (Cathaoirleach)



An tUas. Richard Kennedy




Cliona Murphy, Uas.



Eilís O'Connell, Uas.



An tUas. Liam Woulfe



# AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA



An tOll. Gerry Boyle  
Stiúrthóir



An tOll. Frank O'Mara  
An Stiúrthóir Taighde




An tUasal Tom  
Doherty  
An Príomhoifigeach  
Oibriúcháin



An tOll. Tom Kelly  
An Stiúrthóir um  
Aistriú Eolais



# CAIRT EAGRAÍOCHTA



# OIFIGÍ AGUS IONAIID TEAGASC

- Head Office, Research Centre and Advisory
- ▲ Research Centre and Advisory
- Advisory Centre
- Research Station
- ▲ Teagasc College and Advisory
- ▲ Private College





# Alt Speisialta

## Ó CHOMHAIRLE FEIRME GO SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA NUÁLAÍOCHTA



Údar:  
An tOllamh Tom Kelly,  
Stiúrthóir na Rannóige  
Aistrithe Eolais, Teagasc.

cheile nó go gcaillfidh na spriocúsáideoirí spéis iontu.

Soláthraithe seirbhíse is ea comhairleoirí feirme, a dhéanann i bhfad níos mó ná ról an tsoláthraí seirbhíse le cabhrú le feirmeoirí agus a dteaghlach. Tá níos mó i gceist leis an obair forbartha seo ná eolas teoriciúil ar theicneolaíochtaí a aistriú go líneach ina chleachtas. Is iomaí uair a dhéanann siad níos mó ná ról an mhalartaithe eolais fiú amháin agus cuireann dúshlán rompu féin tacú le gníomhaithe ildisciplíneacha ceistanna a réiteach i ngrúpaí nó i líonraí.

### Achoimre

Tá an saol mór ag athrú de shíor agus teacht chun cinn na teicneolaíochta le feiceáil gach áit timpeall orainn. Tá an t-ádh orm a bheith ag obair in Teagasc le 40 bliain anuas agus tá go leor athruithe feicthe agam i gcaitheamh na mblianta, ról na gcomhairleoirí i seirbhísí comhairleacha feirme ina measc. Is ann do thrí chur chuige atá mar bhonn agus mar thaca ag an malartú eolais agus ag an tacaíocht réamhghníomhach don nuálaíocht i seirbhísí comhairleacha feirme gairmiúla agus is iad na cuir chuige sin a threoraíonn na cineálacha tacaíochta a chuireann comhairleoirí ar fáil d'fheirmeoirí.

I gcás an chuid is mó de chomhairleoirí, is é an chloch is mó ar a bpaidrín ná seirbhísí a chur ar fáil do na feirmeoirí a éilíonn iad agus a thuigeann cé chomh luachmhar is atá siad. Is léir gur fiúntach an rud é tacaíocht láidir institiúideach a bheith ar fáil ó eagraíochtaí nó cumainn chomhairleacha, agus iad tacaíthe ag comhpháirtithe taighde fheidhmigh agus tionscail atá ag obair as lámha a chéile le comhchuspóirí forbartha feirme agus tuaithe a bhaint amach.

1. Is í teagmháil dhaonna bun agus barr an mhalartaithe eolais. Tá sé bunaithe ar idirghníomhaíocht, caidrimh, muinín agus inspreamhadh na ndaoine atá i gceist. Ina ról gairmiúil, baineann comhairleoirí leas as a dtionchar féin, chomh maith le tionchar feirmeoirí, as teicneolaíochtaí digiteacha agus as léiriú praiticiúil, agus déanann amhlaidh de réir riachtanais agus friotal an úsáideora. Ní mór dóibh tuiscint a léiriú ar na dúshláin atá ann agus spéis a spreagadh sna daoine ar féidir leo rud éigin a dhéanamh fúthu.
2. Bíonn roinnt bealaí cumarsáide ag teastáil. Ní ann d'aon chóras a dhéanann gach rud do gach duine. I gcás an duine aonair, is fearr a oibríonn an próiseas malartaithe eolais nuair a úsáidtear raon bealaí cumarsáide, rud a chothaíonn feasacht, suim agus éileamh ar a thuilleadh tacaíochta.
3. Is fearr cuir chuige ilghníomhaithe i gcás nuálaíochtaí casta; téann siad i ngleic le fíorchéistanna, tugann teachtaireachtaí níos soiléire, níos comhsheasmhaí, agus bíonn níos lú baoil ann, dá réir sin, go mbeidh na teachtaireachtaí sin ag teacht salach ar a

### Réamhrá

Déantar machnamh sa pháipéar seo ar thrí chur chuige bhunúsacha atá tábhachtach maidir le nuálaíocht rathúil agus tacaíochtaí fiontraíochta a chur ar fáil d'fheirmeoirí. Tá an machnamh seo bunaithe ar an taithí atá faighte ag an údar ina ról mar Stiúrthóir na Rannóige Aistrithe Eolais in Teagasc (Éire) agus in EUFRAS (Fóram Eorpach na gComhairleoirí Feirme agus Tuaithe). Is í gcomhthéacs córais éagsúla táirgeachta féarbhunaithe ar an bhfeirm theaghlaigh a fuarthas an taithí sin.

Seo a leanas na trí chur chuige thábhachtacha:

1. Bíonn idirghníomhaíocht dhaonna agus teagmháil dhíreach luachmhar
2. Teastaíonn bealaí éagsúla chun freastal ar na teachtaireachtaí, riachtanais agus mianta éagsúla a bhíonn ag daoine
3. Is fearr cuir chuige ilghníomhaithe i leith dúshláin chasta toisc go dtacaíonn siad le nuálaíocht idirghníomhach.



## 1. Luach na hidirghníomhaíochta agus na teagmhála daonna

Tá buntábhacht ag baint le teagmháil dhaonna le foghlaim ar bhealach idirghníomhach agus le glacadh le cleachtais nua. Bíonn sí ag teastáil chun riachtanas nó mian a shásamh, agus an fhéidearthacht ann gur féidir eolas agus faisnéis a mhalartú agus a cheistiú, rud a fhágann gur mó an seans go n-úsáidfear í le tacú le nuálaíocht ar an bhfeirm.

Cuireann eagraíochtaí breisithe talmhaíochta, ar nós Teagasc, tacaíocht nuálaíochta ar fáil trí dhaoine a bhfuil róil acu mar chomhairleoirí feirme agus foraoiseachta, teagascóirí talmhaíochta, gníomhairí breisithe, sainchomhairleoirí talmhaíochta, bróicéirí nuálaíochta, éascaitheoirí nó idirghabhálaithe. Baineann na trí cinn dheireanacha úsáid as cuir chuige idirghníomhacha, a dtugtar cuir chuige ó bhun aníos, cuir chuige ilghníomhaithe nó cuir chuige na saotharlainne beo orthu go minic. Déanta na fírinne, feicimid go spreagtar an idirghníomhaíocht seo anois san oideachas foirmiúil agus sa tsochaí i gcoitinne, an gcaoi a leagtar amach seomraí ranga i scoileanna na laethanta seo, cuir i gcás. Go teoiriciúil, is fearr a oireann sé sin do sheirbhísí foghlama agus tacaíochta d'aoisigh.

I gcomhthéacs an bhreisithe talmhaíochta, tá iarrachtaí fós á ndéanamh faisnéis agus eolas ó thaighde feidhmeach a aistriú go líneach. Tá i bhfad níos mó eolais ar fáil anois mar thoradh ar an iliomad foilseachán, leabhar nó treoirleabhair dea-chleachtais atá ar an bhfód, rud a spreagann glacadh leis na cleachtais nua seo ar fheirmeacha. Modhanna breisithe líneacha ba mhó a bhí i réim, agus atá fós, agus d'éirigh thar barr leo athrú san fhorbairt talmhaíochta agus tuaithe a threorú agus a éascú trí chlár chomhairleacha feirme, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le himeacht breis agus 100 bliain.

Tá cuspóir na gclár seo fós bailí, is é sin cabhrú le feirmeoirí agus le pobail tuaithe maireachtáil, forbairt agus a bheith rathúil trí sheirbhísí bia, comhshaoil agus seirbhísí eile a chur ar fáil don

saol uirbeach a bhíonn ag fás i gcónaí. Dúirt Black in 2000 “go mbeidh malartú faisnéise agus comhairle ‘Duine le Duine’, cibé acu ó fheirmeoir go feirmeoir nó ó chomhairleoir gairmiúil go feirmeoir (agus a mhalairt) fós tábhachtach” agus “gur gá soláthar a dhéanamh le ligean d’fheirmeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróisis taighde agus forbartha.”

Laistigh de chreat córais nuálaíochta talmhaíochta agus eolais (AKIS), bhí aistriú eolais lámach riamh i bpróiseas foghlama leanúnaí, beag beann ar cibé acu a bhain sé le hithreacha, le saincheisteanna tomhaltóra agus sochaí nó le haon rud idir eatarthu. Tá an córas seo comhdhéanta d’eagraíochtaí, daoine aonair agus grúpaí a éascaíonn sreabhadh faisnéise, giniúint eolais nua agus na n-idirghníomhaíochtaí is gá chun na gníomhaithe uile atá i gceist a spreagadh agus a chumhachtú. Cuid bhunúsach de gach próiseas foghlama is ea an t-aistriú nó an malartú eolais, mar aon leis an tacaíocht a thugtar le cumasú do dhaoine leas a bhaint as an eolas sin.

Ceistítear go leanúnach an chaoi a dteagascaimid daoine eile agus an chaoi a bhfoghlaimid féin agus, cé go mbíonn comhairleoirí gairmiúla ar a gcompond sa seomra ranga, sa léachtlan, sa cheardlan, i dtaispeántas praiticiúil agus ar shocrúchán oibre, ní fhéadfá an rud céanna a rá faoi gach uile dhúine fasta beo. Tuigtear anois go bhfuil cur chuige foghlaim-eoir-lámach níos tábhachtaí. An bhfuil fonn ar gach duine foghlaim? An bhfoghlaimimid uile ar an mbealach céanna? Cén chaoi a bhfeabhsaíonn uirlisí idirghníomhacha rannpháirtíocht, idirphlé agus idirghníomhaíocht/rannpháirtíocht foghlaim-eoirí? Cén chaoi ar féidir linn foghlaim aosach a éascú?

Tá na ceisteanna seo níos tábhachtaí anois go bhfuil sciob sceab ar ardáin oiliúna ar líne, cianfoghlaím, foghlaim chumaisc, srl. I bhFís Oideachais Teagasc (2018) agus tuarascáil EU SCAR AKIS (2019), tacaítear le hathrú i dtreo cineál foghlama atá bunaithe níos mó ar fhiosrúchán, lena n-áirítear an Fhoghlaim Fhadhb-Bhunaithe (PBL). Cur chuige foghlama a chuireann an mac léinn i lár an aonaigh is ea PBL, ina n-éascaíonn múinteoirí obair ghrúpa de réir mar a oibríonn na mic léinn ar fhadhb a thugtar dóibh. (Barrett, 2017)



Tá pobal dea-oilte feirmeoirí agus teaghlach feirme againn in Éirinn. Tá an-dúil acu san eolas, ach teastaíonn faisnéis uathu ar bhonn 'díreach in am' níos mó agus níos mó. Is gearr atá a réise chuimhnithe agus teastaíonn meabhrúcháin agus gnáthaimh uathu arís is arís eile. Is é ról an bhreisithe ná a chinntiú go leanann an fhaisnéis dá sreabhadh gan stad gan staonadh agus í bainteach leis an am den bhliain agus le saincheistean ar an bhfeirm áirithe sin. Cuireann oideachas maith bonn láidir faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaol.

Nuair a rinneadh anailís ar thorthaí eacnamaíocha an oideachais fhoirmiúil talmhaíochta (Heanue agus O'Donoghue 2014), deimhníodh go mbíonn tionchar suntasach dearfach aige ar an ráta toraidh inmheánach ó thaobh caipiteal daonna de, mar aon leis an tionchar dearfach ar thorthaí, déine agus ioncam ar leibhéal na feirme ó thaobh táirgeachta de. Deimhníonn an anailís na patrúin a luaitear sa litríocht idimáisiúnta maidir leis na torthaí ar oideachas. Tá sí ag teacht freisin leis an dearcadh go gcruthaíonn an fhoghlaim timpeallacht ina gcumasaítear nuálaíocht agus AKIS atá idir éifeachtach agus athléimneach.

Is ar bhonn 'Duine le Duine' a chuirtear seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleacha ar fáil go traidisiúnta. Cuirtear ar fáil ar bhealaí difriúla anois iad, ámh; san oifig, trí na meáin shóisialta, ar an bhfón, ar an bhfeirm, srl. Is féidir leis an gcomhairleoir a bheith idir fhrithghníomhach (ceisteanna a fhreagairt, faisnéis agus tuairimí a thabhairt) agus réamhghníomhach (ceisteanna a chur, spéis a léiriú, dúshlán a thabhairt agus misneach a thabhairt). Tá teagmháil phearsanta tábhachtach chun caidreamh a chothú agus imríonn gach gníomh, focal, ton agus cuma tionchar ar an duine a bhfuilimid ag déanamh cumarsáide leis agus ar an teachtaireacht atá á cur in iúl againn.

Ní mór dúinn breathnú air seo ó thaobh an fheirmeora de, duine a dhéanfaidh suas a intinn go gasta faoin té atá ag tabhairt na teachtaireachta. An spéis a léirítear ann, ina fheirm, ina theaghlach agus scéal an duine a mbuaileann sé leis, imríonn siad go léir tionchar ar na tuairimí a dtagann sé orthu. Príomhfachtóir í an spéis a léirítear san fheirm agus caithfidh an té déanamh amhlaidh d'aon ghnó ar bhealach macánta; ba cheart go léireodh sé tuiscint



ar an mbaint mhothúcháinach atá ag an bhfeirmeoir leis an talamh, leis na hainmhithe, leis na barra agus leis an gcomhshaol, agus ar stair an fheirmeora agus na feirme féin.

Rinne Grogan (2017) staidéar le déanaí ar an gcuidreamh agus ar an muinín idir an comhairleoir agus an cliant agus d'aithin luach an chaidrimh muiníne phearsanta agus eagraíochtúil maidir le sreabhadh faisnéise inchreidte iontaoifa a thacaíonn le cleachtais athraithe agus feabhsaithe agus le teicneolaíochtaí nua. Sa staidéar seo, chonacthas gur cuireadh muinín sa chaidreamh gan mhoill, ach go raibh muinín as eagraíocht an chomhairleora (Teagasc) cheana féin mar gheall ar a cáil, a stádas gníomhaireachta, a neamhspleáchas agus a cuid acmhainní. Bhí tionchar air sin ag na caighdeáin arna leagan síos agus ag an tacaíocht a cuireadh ar fáil i roghnú agus ceapadh ball foirme comhairleach.

Seachas sin, d'imir saintréithe agus iompar an chomhairleora aonair tionchar suntasach ar an gcuidreamh. Bhí tábhacht leis an gcéad imprisean agus ba léir sa staidéar seo gurbh fhearr leis na cliant comhairleoirí ní b'óige, ní ba réamhghníomhaí a bhí macánta, a chuir spéis ina gcúram agus a raibh eolas teicniúil cothrom le dáta acu. Dá mhéad taithe a bhí ag an té mar chomhairleoir nó ar an bhfeirmeoireacht is ea is éasca a bhí sé caidreamh a chothú go tapa. Léirigh an staidéar freisin cé chomh tábhachtach is atá sé go mbíonn fáil ar an té agus go bhfreagraíonn sé an cliant gan moill mhíchúí, agus gur fearr go mór cruinnithe duine le duine nuair is féidir.

Tá an fócas méadaithe ar idirghníomhaíocht rithábhachtach chun tacú le nuálaíocht ar bhealach níos fearr agus, le tuilleadh cláir rannpháirtíochta a thugann fachtóirí criticiúla le chéile, amháil foghlaim ó thaithe, faisnéis áitiúil a chomhtháthú, éascaíocht éifeachtach, féinriail ghrúpa agus caidrimh leanúnacha (Millar agus Curtis, 1997). Anois gurb é an ról atá ag pearsanra breisithe ná a bheith ina n-éascaitheoirí seachas saineolaithe (Barman agus Kumar, 2011), is féidir le comhairleoirí leas a bhaint as cumhacht na foghlama idir piaraí agus tairbhe a bhaint as an spreagadh, an taithe agus an fuinneamh comhroinnte chun foghlaim a chur chun cinn agus cleachtais, torthaí agus tionchair a fheabhsú.

Tá léirithe ag staidéir de chuid Hennessy agus Heanue (2012) go bhfuil glacadh níos forleithne le dea-chleachtais agus go bhfuil méadú tagtha ar bhrabúsacht i measc feirmeoirí déiríochta Éireannacha a ghlacann páirt ghníomhach sna pléghrúpaí déiríochta arna n-éascú ag comhairleoir. Is ionann an chaoi a ndéantar caidreamh a chothú agus a fhorbairt i measc grúpaí feirmeoirí agus an chaoi a ndéantar amhlaidh sa tsochaí i gcoitinne. Is iomaí cineál difriúil grúpa atá ann, lena n-áirítear díospóireachtaí neamhfhoirmiúla idir piaraí, ardáin r-theachtaireachtaí, grúpaí éisteachta, grúpaí tagarmharcála agus grúpaí díospóireachta éascaithe.



Nuair a rinneadh anailís ar iarmhairtí eolais talmhaíochta agus a mhéid a spreag siad sin nuálaíocht sa talmhaíocht in Éirinn, fuarthas amach gurbh ann do bhaint shuntasach ar leith le suíomhanna agus ionaid taighde, oideachais agus seirbhíse comhairlí. Aibhsíonn Lápplé, et al. (2016) arís go mbíonn scaipeadh na teicneolaíochta agus na nuálaíochta spleách ar an leibhéal teagmhála agus idirghníomhaíochta agus ar úinéireacht an phróisis. Fágann sé sin go bhfuil tábhacht ag baint freisin leis an eolas atá ag na feirmeoirí ar an gcomhairleoir agus ar an eagraíocht, agus leis an muinín atá acu astu; ‘Is iondúil gur mó tionchar a bhíonn ag teagmhálacha áitiúla, pearsanta ar fheirmeoirí ná foinsí neamháitiúla, neamhphearsanta. Níl a lán feirmeoirí sásta cloí le comhairle a fhaigheann siad ó institiúidí nach dtuigeann a gcás féin go hiomlán, dar leo.’ (Garforth et al, 2004).

## 2. Bealaí éagsúla cumarsáide agus modhanna breisithe

Ní mar a chéile aon bheirt againn; bíonn pearsantacht, roghanna cumarsáide agus nósanna éagsúla ag gach aon duine. Is é dúshlán an aistrithe eolais ná na bealaí atá ar fáil a úsáid go héifeachtach d’fhonn comhroinnt agus foghlaim eolais, agus glacadh leis an eolas sin, a dhéanamh ar an gcaoi is éifeachtaí. Níor cheart dúinn talamh slán a dhéanamh de go bhfuil gach feirmeoir ag lorg eolais go gníomhach agus caithfear go leor acu a mhealladh chun a bheith páirteach ar bhonn réamhghníomhach. Tá an seans ann dá bhrí sin nach mbeadh cuspóir agus roghanna cumarsáide an chomhairleora ag teacht le cuspóir agus roghanna cumarsáide an fheirmeora, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le deighilt chultúrtha a chuirfeadh frustrachas ar an mbeirt acu.

Ceann de phrionsabail shóisialta an bhreisithe dar le Vanclay (Vanclay, 2004) is ea ‘Tógann feirmeoirí a gcuid eolais féin...; cruthaíonn siad a gcuid eolais féin trí thurgnaimh, trialacha agus trína gcuid teoiriciúlachta féin’. Is é a dtuairim féin ná go bhfuil glacadh le heolas ina chineál fiosrúcháin eolaíochta ann féin, a chuireann le hacmhainn eolais an fheirmeora agus iad siúd a dhéanann cumarsáid leis. D’fhéadfadh breathnú thar an gclá, cumarsáid

‘duine le duine’ nó obair ghrúpa a bheith i gceist leis sin.

Admhaíonn Vanclay (2004) gur luachmhar an rud é roinnt bealaí cumarsáide agus modhanna breisithe éagsúla a úsáid. Cruthaíonn sé ardán eolais atá solúbtha agus a thacaíonn le riachtanais, nósanna agus roghanna éagsúla daoine aonair. Is é an cur chuige in eagraíochtaí amhail Teagasc ná rogha modhanna cumarsáide agus breisithe a úsáid go díreach agus go hindíreach a bhaineann leas iomlán as an AKIS agus a dtugann an t-aiseolas a fhaightear údar leo.

Luach an pháir; úsáidtear foinsí faisnéise páipéir go forleathan, lena n-áirítear ábhar foilsithe eolaíochta, na meáin feirmeoireachta, irisí comhlachta, nuachtlitreacha, póstaí agus grafaicí faisnéise, agus léann an-chuid daoine iad. In ainneoin go bhfuil fáil ag níos mó ná 95% d’fheirmeoirí na hÉireann ar fhaisnéis trína bhfón póca, is iondúil go gcuireann siad luach ar rogha ábhair chlóite, grianghraf agus grafaicí faisnéise. I suirbhé ar úsáid dhigiteach a rinne Teagasc in 2019, d’aontaigh nó d’aontaigh go láidir ní ba mhó ná 89% de ghrúpa samplach 200 comhairleoir Éireannach go mbeadh na meáin dhigiteacha agus na meáin chlóite ann le chéile go ceann cúig bliana ar a laghad (Moore, 2019). Leanann Teagasc, i láthair na huair, de nuachtlitir mhíósúil, iris dhémhíósúil d’fheirmeoirí agus leabhráin i gcomhair imeachtaí agus comhdhálacha a chur i gcló. Cuireann sé ailt agus fógraíocht ábhartha ar fáil do na meáin sheachtainiúla feirmeoireachta chomh maith cé go bhfoilsítear ar líne iad sin.

Digitíú; tá cineálacha nua cumarsáide ag teacht chun cinn mar a thagann méadú ar líon na n-uirlisí digiteacha atá ar fáil – r-phost, téacs, láithreáin ghréasáin, YouTube, podchraoltaí, seimíneáir ghréasáin, cur teachtaireachtaí agus líonraí meán sóisialta. Cumasaíonn siad sin seachadadh agus malartú faisnéise i bhfoirmeacha atá éasca le rochtain, go háirithe ar ghléasanna móibíleacha agus tríd an néal. Is é an fíorluach breise an digitithe, áfach, a mhéid a leathnaíonn sé sreabhadh an eolais san AKIS, a chuireann sé dlús faoi agus a thugann sé cumhacht do chomhairleoirí agus d’fheirmeoirí oibriú ar leibhéal níos airde idirghníomhaíochta. Mar shampla, nuair a bhuaill géarchéim Covid-19 in earrach 2020, is gasta a thosaigh comhairleoirí ag



úsáid uirlisí digiteacha chun srianta gluaiseachta a shárú. Ag obair dóibh ón mbaile, thairfead siad foilseacháin físe, chuir in eagar iad agus d'uaslódaíl chuig ardáin agus stáisiúin raidió áitiúla a raibh teacht éasca ag an bpobal orthu. Ghlac siad go sciobtha freisin le húsáid seomraí cruinnithe fíorúla le teacht in ionad na ngrúpaí díospóireachta duine le duine.

Maidir leis an olltíomsú sonraí, tá feirmeoirí ag bailiú agus ag próiseáil méideanna ollmhóra faisnéise faoi láthair, nach mór dóibh brí agus úsáid a bhaint as tuilleadh le bonn faisnéise a chur faoi na cinntí a dhéanann siad. An t-athrú seo chuig feidhm níos mó a bhaint as acmhainní digiteacha, ní mór d'idirghabhálaithe neamhchlaonta a bheith i gceannas air; ról nua a bheidh ann do chomhairleoirí agus é cumasaithe ag fardal uirlisí agus seirbhísí a bheidh leathnaithe go mór. (FAIRshare, 2020)

Imeachtaí Poiblí; Daoine a thabhairt le chéile chun éisteacht le daoine eile, féachaint ar rudaí, eolas a chomhroinnt, plé a dhéanamh, rudaí a cheistiú, taithí a fháil agus faisnéis a mheas - is rud é a bhíonn éascaithe go maith i gcomhdhála, taispeántais/laethanta oscailte, seimineáir, ceardlanna, cruinnithe, laethanta oiliúna, seónna, srl. Tá breisluach ag baint leo sin freisin sa mhéid is gurb ardáin siopadóireachta iad don spriocghrúpa agus do na bearnaí eolais a saináithníodh. Déanfaidh an feirmeoir nó an ball den phobal a mheas cibé acu atá na hábhair ábhartha dóibh nó nach bhfuil. Is féidir scil, ceannaireacht agus dearcadh an láithreora nó luach na teachtaireachta dá gcás féin tionchar a imirt orthu freisin.

Is é an taithí a fuarthas in Éirinn ó Chlár na Mairteola NÍOS FEARR (Kelly, 2011) agus ó chlár thaispeána feirme eile ná go bhfuil gá le himeachtaí a bhrandaíl agus a mhargú le himeacht tréimhse 4-5 bliana agus tacú leo trí bhealaí eile. Áirítear leis sin leas a bhaint as na meáin feirmeoireachta agus na bealaí fógraíochta agus cur chun cinn go léir. Is iomaí eolas agus léargas a fuairamar ón tionscadal AE AgriDemo, mar aon lena chomharba, Nefertiti, maidir le cén chaoi feirmeacha taispeána a eagrú agus tionchar níos éifeachtaí a bhaint amach.

Tá dhá phríomhfheidhm le bealaí cumarsáide agus breisithe: ar an gcéad dul síos, scaipeann siad faisnéis agus teachtaireachtaí a chinn duine éigin atá tábhachtach. Ar an dara dul síos, cruthaíonn siad próifíl phoiblí, spreagann spéis agus ní hamháin go dtuigfidh an faighteoir an fhaisnéis ach tuigfidh freisin an suntas agus an tábhacht a bhaineann leis

an bhfoinse, an t-ábhar, an gníomh sonrath nó an cinneadh a mbeidh tionchar le himirt air.

Is minic a chloisimid faoi sheirbhísí éileamh-bhunaithe agus cuir chuige tharraingthe seachas brú agus, cé go mbraitheann go leor de na bealaí meán seo ar chur chuige brú seachas tarraingt, tá an struchtúr laistigh de na bealaí cumarsáide éagsúla tábhachtach. Imríonn foinse, ábharthacht, cáilíocht agus comhsheasmhacht na modheolaíochta a úsáidtear tionchar ar nósanna an fhaighteora agus cruthaíonn spleáchas agus, dá bhrí sin, éileamh. Ní fios go fóill an rud maith nó dona é an t-éileamh. Is rud maith é sa mhéid go dtugann sé an deis don úsáideoir/nuálaí cinntí simplí a dhéanamh bunaithe ar thaithí daoine eile nó ar an saineolas eolaíoch. Is rud dona é toisc nach spreagann sé próisis cinnteoireachta réasúnaí an úsáideora féin agus, dá bhrí sin, b'fhéidir nach mbeadh sé chomh héasca sin cinntí eile a dhéanamh nuair nach mbeadh tacaíocht ar fáil ná a bheith cruthaitheach nó nuálach.

Is é firinne an scéil go ligeann sé don dá cheann a bheith ann i gcothromaíocht agus go n-athraíonn an chothromaíocht sin ó chinneadh amháin go cinneadh eile ag brath ar eolas, castacht agus tábhacht an ghnímh. Is é ról an chomhairleora ná tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta agus dá mhéad eolas atá ar fáil don chomhairleoir agus don feirmeoir araon is ea is fearr a oibríonn sé sin. Bíodh sin mar atá, caithfidh an chomhairleoir glacadh leis nach mar a chéile aon bheirt agus go dtagann duine ar a thuairimí síos trí na blianta, iad bunaithe ar nósanna agus eispéiris ón am atá thart.

An t-athrú ó aistriú líneach eolais ó bharr anuas (KT) go dtí malartú eolais (KE) agus comhchruthú níos rannpháirtí, is iad an rochtain i bhfad níos éasca ar fhaisnéis agus an méid ollmhór faisnéise atá ar fáil anois ba mhó a spreag iad. Tá méadú tagtha chomh maith ar speisialtóireacht i ngníomhaíocht feirmeoireachta, ar aonrú feirmeoirí agus ar an ngá le suaimhneas a fháil trí labhairt le daoine eile a bhfuil an dearcadh céanna acu. Cuirtear na comhairleoirí i gcruachás leis sin, áfach; is é sin toisc go bhfuil siad ag iarraidh cur ar chumas an chliaint an cinneadh is fearr a dhéanamh agus é a chur i bhfeidhm, amhail is dá mba é a réiteach féin é, ach le híocaíocht a fháil as an tseirbhís a chuireann siad ar fáil, ní mór dóibh a chur ina luí ar an gcliant nach n-aimseofaí an réiteach dá n-uireasa agus go raibh fíor-bhreisluch i gceist lena gcuid seirbhísí.

In ainneoin na faisnéise agus an eolais go léir, beidh gá fós le tuairiscí chun dáta agus meabhrúcháin a thabhairt d'feirmeoirí go leanúnach, agus beidh ar chomhairleoirí feasacht a chruthú, práinn fiú amháin, agus na bealaí uile atá ar fáil a úsáid chuige sin. Mar sin féin, chun tacú níos fearr le cinntí agus le gníomhartha, caithfear níos mó iarrachta a dhéanamh na buntáistí a chur ina luí ar feirmeoirí agus cur chun feidhme na cinntí seo a spreagadh. Is minic a fhiafraítear 'cén fáth?', 'cén rud?' agus 'cathain?', agus ní mór do na bealaí cumarsáide a n-úsáideann na comhairleoirí iad na ceisteanna sin a fhreagairt.





Nuair a dhírítear ar theaghlaigh shínte nó ar an bpobal nó an bonn custaiméirí tuaithe i gcoitinne d'fhonn tionchar a imirt ar chinntí feirmeoirí, baintear leas freisin as líonraí neamhfhoirmiúla móra agus as an gcaidreamh/an tionchar a bhíonn acusan ar chinntí feirmeoirí. Úsáidtear an cur chuige seo go forleathan le haghaidh a thabhairt ar shaincheistean amhail sláinte agus sábháilteacht feirmeoirí, feasacht chomhshaoil agus mhargaidh agus deiseanna éagsúlaithe do ghnólachtaí feirme. Is maith an straitéis í chun feasacht a ghiniúint agus chabhraigh teacht na meán sóisialta go mór léi, cé go mbíonn sí costasach go leor má bhaintear úsáid as fógraíocht.

### 3. Cuir chuige ilghníomhaithe

Chomh maith leis na bealaí éagsúla, is acmhainn luachmhar é tionchar na n-ilghníomhaithe a bhíonn ag idirghníomhú le feirmeoirí ó lá go lá le tacaíocht nuálaíochta agus cinnteoireacht níos fearr a éascú. Tá a dtionchar i gcomhréir dhíreach lena stádas in intinn an fheirmeora agus lena mhéid a chuirtear a dtuairim agus a gcomhairle in oiriúint don cheantar, don chomhthéacs agus don am áirithe. Comhchruthú réiteach nuálach trí idirghníomhaíochtaí ilghníomhaithe i líonraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear grúpaí, comhpháirtíochtaí agus grúpaí gníomhaithe gaolmhara (Faure, et al. 2019).

Ní féidir le haon ghníomhaí amháin atá ag tacú le cinnteoireacht nuálach a bheith chomh héifeachtach céanna le raon gníomhaithe éagsúla a chuireann comhairle, tuairimí nó spreagadh ar fáil ar bhealach comhsheasmhach. Tá sé níos fearr fós má tá rud le gnóthú ag na gníomhaithe seo, nó má tá na cinntí céanna curtha i bhfeidhm acu ina saol féin agus má bhí orthu dul trí phróiseas cinnteoireachta den chineál céanna chuige sin.

Ligeann cuir chuige ilghníomhaithe d'fheirmeoirí agus do ghníomhaithe eile san AKIS comhoibriú nó oibriú i gcomhpháirtíocht lena chéile chun comhchuspóirí a bhaint amach. Sampla simplí as Éirinn is ea nuair a d'oibrigh Teagasc le comhpháirtithe tionscail i gcomhchlár forbartha ilbhliantúla. Mar thoradh orthu sin cuireadh an leibhéal tacaíochta d'fheirmeoirí chun cinn agus cothaíodh nuálaíocht i bhfeirmeacha taispeána agus sa chaoi a ndearmadh éascaíocht ar ghrúpaí plé, rud

ba chúis le sineirgí agus obair bhuíne atá fós ann beagnach 30 bliain ina dhiaidh sin (Kelly, et al. 2004).

Tá luach an chomhoibríthe tionscail le feiceáil sa tacaíocht airgeadais atá an tionscal a chur ar fáil ar bhonn leanúnach do thaighde feidhmeach idirdhisCIPLÍneach agus do chlár aistriithe eolais. Mar bhonn agus mar thaca ag na clár seo tá na comhchuspóirí agus an fonn chun comhoibriú agus fadhbanna nó deacrachtaí a réiteach trí ghnáththeanga agus trí theagmháil agus teachtaireachtaí chomhordaithe leis an spriocghrúpa.

Tá tábhacht ag baint lena mhéid atá na hilghníomhaithe seo ina ngrúpa nó ina líonra comhordaithe a bhfuil scileanna, cúlraí agus seirbhísí difriúla acu ach a oibríonn le chéile chun fadhb a réiteach, agus is rud é sin a dhéanann an malartú eolais níos fearr fós. Téann smaointe, spreagadh agus gníomhú pleanáilte anonn is anall sna grúpaí seo, agus bíonn caidreamh cairdiúil ag teastáil chun an méid sin a éascú. Bíonn an caipiteal sóisialta a chruthaítear sna líonraí seo luachmhar, ní hamháin ó thaobh idirghníomhaíochta de ach le muinín a ghiniúint freisin. Léirigh Fisher (2013) nach leor faisnéis a chur ar fáil; ina ionad sin, tá muinín idir an faisnéiseoir agus an faighteoir riachtanach toisc nach mbeadh aon mhaitheas le haon ghníomhaíocht aistriithe faisnéise murach í.

An bhís nuálaíochta a úsáideadh i dTionscadal H2020 Agrispin chun anailís a dhéanamh ar líon mór cás-staidéir nuálaíochta éagsúla, bhí sí úsáideach i dtaca le breathnú ar chéimeanna na nuálaíochta ó ghiniúint an smaoinimh go dtí daingniú an chleachtais, mar aon le gníomhaithe a bhí páirteach agus an idirghníomhaíocht eatarthu. Ba léir ról na n-idirghabhálaithe ag céimeanna éagsúla agus luach an raoin gníomhaithe tacaíochta ildisciplíní, ach níorbh fhéidir iad a thuar de bharr na gcomhthéacsanna difriúla AKIS agus na ndifríochtaí idir na cás-staidéir (Faure, et al. 2019).

Thacaigh torthaí an tionscadail le ról níos leithne do chomhairleoirí feirme mar bhróicéir nuálaíochta, chomh maith le ról i dtacaíocht a thabhairt do líonraí nuálaíochta. Tacaíonn an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP-Agri) le cuspóirí na forbartha tuaithe trí nuálaíocht a spreagadh sa talmhaíocht agus i bpobail tuaithe. Cuireadh an EIP-Agri ar bun d'fhonn an bhearna a sháru idir

na réitigh nuálacha a chruthaítear agus na daoine siúd a úsáideann teicneolaíochtaí nua i gceantair thuaithe.

Trí chomhpháirtíochtaí a chruthú idir iad siúd a bhainfidh úsáid as na teicneolaíochtaí nua ar deireadh agus iad siúd a chruthaíonn iad, is é aidhm le EIP-Agri ná dlús a chur le glacadh le hathruithe. I mbeart 16 de Chlár Forbartha Tuaithe Chomhbheartas Talmhaíochta an AE, 2014-2020, tugadh rogha na tacaíochta airgeadais ón bhun aníos do ghrúpaí faoi stiúir feirmeoirí. Glacadh go forleathan leis an rogha sin agus bhí ní ba mó ná 1,000 Grúpa Oibríúcháin EIP bunaithe, maoinithe agus i mbun oibre timpeall na hEorpa faoi 2019.

I staidéar a rinneadh ar an ngá le tacaíocht nuálaíochta, rinne Klerkx agus Leeuwis (2008) amach go raibh ról tacaíochta nuálaíochta na n-idirghabhálaithe i líonraí agus i ngrúpaí feirmeoirí tábhachtach i gcomhthéacs an mhaoinithe phoiblí laghdaithe do sheirbhísí taighde agus comhairleacha agus na heaspa beart a léiríonn an t-éileamh ar na seirbhísí seo sa slabhra soláthair. Aithníonn Wielinga (2014) trí chomhpháirt úsáideacha i gcomhair próisis nuálaíochta atá idir chruthaitheach agus idirghníomhach laistigh de líonraí. Is iad sin: spás ríthábhachtach, gníomhaithe saora agus cumas sofheagrach toisc go bhfuil siad sin mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas comhchruthaithe agus tugann siad an deis do dhaoine a gcuid acmhainní agus uaimhianta a chomhroinnt go héifeachtach.

Tá gealltanas soiléir tugtha ag an AE, tríd an gComhpháirtíocht Eorpach sa Nuálaíocht (EIP), dlús a chur leis an bpróiseas nuálaíochta sa Talmhaíocht agus Foraoiseacht (EU SCAR AKIS, 2019). Tá nuálaíocht idirghníomhach sa Talmhaíocht agus Foraoiseacht á meas faoi láthair i roinnt tionscadail EU H2020. Tá Tionscadal LIAISON ag breathnú ar raon tionscadal agus cásanna le dea-chleachtas a bhunú agus tionchar a thomhas. Tá dhá thionscadal eile, EURAKNOS agus EUREKA, ag breathnú ar an gcaoi a bhfuil Líonraí Téamacha EU H2020 agus Grúpaí Oibríúcháin EIP ag obair.

I réimse na tacaíochta nuálaíochta go sonrach, tá sé mar aidhm ag na tionscadail AGRILINK, FAIRshare agus i2connect comhairleoirí feirme a ullmhú le tacú le nuálaíocht idirghníomhach ach tacaíocht a thabhairt le cinní, teicneolaíochtaí digiteacha agus forbairt scileanna. Cuireann Líonraí Téamacha H2020 agus Grúpaí Oibríúcháin EIP tacaíocht airgeadais ar fáil do ghníomhartha ar leith i réimsí ina bhfuil sí ag teastáil, arna saináithin ag na tairbhíthe. Tugann siad an chumhacht do dhaoine cabhrú leo féin trí phróisis nuálaíochta ó bhun aníos seachas ó bharr anuas. Údar dóchais iad sin go nglacfar le teicneolaíochtaí nua níos tapa agus go mbeidh nuálaíocht níos fearr ann. Cinnteoidh siad chomh maith go mbeidh tionchair dhearfacha a mhairfidh i bhfad ann d'fheirmeoirí agus don tsocai mar thoradh ar an infheistíocht ollmhór seo le dlús a chur le nuálaíocht agus glacadh le teicneolaíochtaí nua a bhrostu.

## Leabharliosta

- Barman, U. agus Kumar, B. (2011) Requirement of facilitation skills of extension Personnel under ATMA – review. *Agri. Review*, 32 (2) :127-133
- Barrett, Terry (2017) A New Model of Problem-based learning: Inspiring Concepts, Practice Strategies and Case Studies from Higher Education. Maigh Nuad: AISHE, 978-0-9935254-6-9 (leictreonach).
- Black, A.W.,(2000). Extension theory and practice: a review. *Animal Production Science*, 404(4) 495-502
- EU SCAR AKIS (2019). *Preparing for Future AKIS in Europe*. An Bhruiséil, an Coimisiún Eorpach.
- Faure, G., Knierim, A., Koutsouris, A., Ndah, H., Audouin, S., Zarokosta, E. agus Heanue, K. (2019). How to Strengthen Innovation Support Services in Agriculture with Regard to Multi-Stakeholder Approaches. *Journal of Innovation Economics & Management*, 28(1), 145-169.
- Fisher, R., (2013) 'A gentleman's handshake': The role of social capital and trust. *Rural Studies* 3, lgh 13-22
- Grogan, P.,(2017) An approach to Building Effective Agricultural Advisor –Client Relations M.Agr.Sc. Tráchtas (gan foilsiú) an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Heanue, K. agus O'Donoghue, C. (2014). The Economic Returns to Formal Agricultural Education (Teagasc, ISBN: 978-1-84170-6139
- Hennessy, T. agus Heanue, K. (2012) Quantifying the Effect of Discussion Group Membership on Technology Adoption and Farm Profit on Dairy Farms, *Journal of Agricultural Education and Extension* 18.(1), 41-54.
- Kelly, T., Kirley, T., O'Dwyer, T. (2004) The Importance of Industry/Extension Joint Development Programme in a Relevant and Effective Extension Service. 20<sup>th</sup> Comhdháil Idirnáisiúnta de AIAEE, Baile Átha Cliath.
- Kelly, T.G. (2011) BETTER Farms: their role in More Effective Technology Transfer, *Ceardlann Aistrithe Eolais BSAS Dáta: An 3 Márta*
- Klerkx, L. agus Leeuwis, C. (2008) Matching demand and supply in the agricultural knowledge infrastructure: Experiences with innovation intermediaries. *Food Policy* 33 (3). 260-276
- Läpple, D., Renwick, A., Cullinan, J., Thorne, F., (2016) A spatial analysis of knowledge spillovers. *Land Use Policy* 56, 238-250
- FAIRshare (2020) *European H2020 project FAIRshare -Online Inventory and Permanent Networking Facility (Farm Advisory digital Innovation tools Realised and Shared)* <https://fairshare-pnf.eu/> agus <https://www.h2020fairshare.eu/>
- Millar, J. agus Curtis, A. (1997) Moving farmer knowledge beyond the Farm Gate: An Australian study of farmer knowledge in group learning. *EJAE*(4)2, lgh. 133-142
- Moore, M., (2019) Teagasc Survey of Advisors, Digiteach. *Gan foilsiú* Bealtaine 2019
- Teagasc, (2018). Teagasc Education Vision-meeting future needs. *Clár Oideachais Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, Éire.*
- Vanclay, F. (2004) Social principles for agricultural extension to assist in the promotion of natural resource management. *Australian Journal of Experimental Agriculture* 44(3) 213 – 222
- Wielinga, E. (2014) *Concepts for Co-Creating Innovations in the EIP*. Eag. Aenis, T.; Knierim, A.; Riecher, M. C.; Ridder, R.; Schobert, H.; Fischer, H. *11ú Siompóisiam Eorpach de IFSA, Farming Systems Facing Global Challenges: Capacities and Strategies, Proceedings, Beirlin, an Ghearmáin, an 1-4 Aibreán lgh. 824-834*



# Sprioc 1

Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia, agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú



# MAIRTEOIL

## Clár Lao Déiríochta go Mairteoil

Seoladh an dara céim de Chlár Teagasc Green Acres Lao Déiríochta go Mairteoil i mí Aibreáin 2019. Coinneofar súil sa chlár ar an dul chun cinn a dhéanfaidh ceithre fheirmeoir mairteola déag thar na trí bliana amach romhainn, agus comhroinnfear an dul chun cinn sin; agus iad go léir ag ceannach laonna a póraíodh ón déiríocht. Ba thiar in 2018 a tháinig deireadh leis an gcéad chéim an-rathúil den chlár.

Oibríonn beirt chomhairleoirí cláir lánaimseartha go dlúth le gach ceann de na feirmeoirí mar a ndíríonn siad ar bhrabúsacht fhoriomlán na feirme a fheabhsú trí bhainistíocht féaraigh níos fearr, scileanna tógála laonna, sláinte ainmhithe, bainistíocht airgeadais agus pleanáil feirme.



Sa phictiúr ag an seoladh bhí: An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Cormac Farrelly, AgriLand (Comhpháirtí Meán); Comhairleoirí Cláir Alan Dillon, David Argue agus Sean Cummins in éineacht leis na feirmeoirí rannpháirteacha, urraitheoirí tionscail (MSD Animal Health; Volac; TP Whelehan/Cortevea Agriscience; Liffey Mills; Munster Bovine; Drummonds).

## Lá Oscailte Teagasc DairyBEEF2019

Bíonn thart ar mhíllíon lao fireann déiríochta agus lao crosphóraithe idir mairteoil agus déiríocht ar fáil le haghaidh táirgeadh mairteola gach bliain. Príomhtheachtaireacht d'imeacht lae oscailte Dairy BEEF 2019 a bhí ar siúl ag Ionad Taighde Comhshaoil Teagasc i gCaisleán Bhaile Sheáin ab ea éifeachtúlacht táirgeachta agus feirme ón bhféar a uasmhéadú, agus éifeacht na táirgeachta ar an gcomhshaoil a laghdú. Áiríodh san imeacht comparáidí cuimsitheacha idir córais éagsúla táirgthe mairteola déiríochta agus réimeanna críochnaithe, agus anailís bhrabúsachta. Léiríodh ag an ócáid freisin an taighde is déanaí ó Teagasc ar an bhfeirmeoireacht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.



Áiríodh sa ghrúpa eagraithe: An Dr. Padraig French, Ruth Dunne, Wayne Hayes, Sean Cummins (Comhairleoir Green Acres), John Watchorn (Feirmeoir Féaraigh Grass10 na bliana 2018), Ger Shortle (Bainisteoir Réigiúnach Chill Mhantáin/Cheatharlach/Loch Garman), Donall Fahy & An Dr. Nicky Byrne (Clár Teagasc na Gráinsí ó lao déiríochta go mairteoil), an Dr. John Finn, Rioch Fox

“Beidh ar chórais bheostoic na hÉireann spriocanna diana comhshaoil a shásamh, agus beidh eolas agus teicneolaíocht mhéadaithe ag teastáil chuige sin,” a mhínigh an Dr. John Finn, Ceannaire Fiontair Teagasc Caisleán Bhaile Sheáin. “Áirítear leis sin bainistíocht chothaitheach éifeachtach, leathadh scioldair astaíochtaí ísle, agus úsáid úiré cosanta a chuireann le torthúlacht na hithreach, le cosaint chaighdeán an uisce agus le híslíú astaíochtaí gás ceaptha teasa.”

## Póru cothromaithe - an t-innéacs mairteola déiríochta

Caithfidh cion níos mó d'eallach maraithe teacht ó thréada déiríochta i bhfianaise leathnú an tréada déiríochta anuas ar fheabhsú san fheidhmíocht atáirgthe. Beidh uirlis de dhíth ina ndéantar rangú ar thairbh mhairteola do dhóir na mba déiríochta, ina ndéantar cothromú idir mianta na bhfeirmeoirí déiríochta agus mairteola.

Rangaítear na tairbh mhairteola san innéacs nua mairteola déiríochta Teagasc-ICBF (DBI) tairbh mhairteola do dhóir na mba déiríochta, bunaithe ar a n-acmhainneacht ghéiniteach mheasta eallach brabúsach ar ardchaighdeán a tháirgeadh, leis an tionchar is lú ar fheidhmíocht na mba déiríochta. Baineann na tréithe a chuimsítear sa DBI le: 1) feidhmíocht breithe, 2) tréithe conablaigh, 3) iontógaíl beatha, 4) socracht, agus 5) maóile. Tá taighde ar siúl maidir le tréithe breise a áireamh mar shláinte laonna, caighdeán feola agus tréithe comhshaoil.

## Múnla Bainistíochta Atáirgthe

Is uirlis tacaíochta don chinnteoireacht é Múnla Bainistíochta Atáirgthe na Gráinsí a d'fhorbair Teagasc chun cabhrú le bainistíocht atáirgthe na dtréad diúil. Ceadaíonn comhéadan úsáideora d'feirmeoirí méid reatha tréada, fad séasúir pórucháin, próifíl bhreithe, ráta athsholáthair agus ráta básmhaireachta réamhscoite a iontráil dá bhfeirm.

Tá infhaighteacht fuinnimh timpeall ar bhreith laonna bunaithe ar leibhéal na ndlúthbhianna a bheathaítear, ar chaighdeán an tsadhlaís, agus ar dháta curtha ar féarach faoi mar a léiríonn an t-úsáideoir. Na feirmeoirí ar mian leo feidhmíocht atáirgthe tréada a fheabhsú; is iadsan a roghnaíonn roghanna bainistíochta roimh an gcéad séasúr pórucháin eile. Ina measc sin tá roghnú athar mhalartaigh, dlús fuinnimh na réime bia tar éis breithe a mhéadú, bithbhrostú na bó trí tharbh vaiseachtóimite a úsáid, agus srian a chur go sealadach ar aga diúil an lao.

## Vitimín D d'eallach

Tá taighdeoirí Teagasc ag déanamh taighde - i bhfianaise na faisnéise nua ar ról vitimín D mar



fhorbheatha d'eallach i bhfeidhmiú na himdhíonachta - ar cheart athrú a dhéanamh ar na moltaí ina leith. Taispeántar i dtaighde Teagasc go dtagann méadú ar na leibhéil vitimín D nuair a bhíonn laonna ar féarach, ach go dtagann laghdú suntasach orthu ach a dtagann laghdú ar uaireanta an lae agus a gcuirtear eallach faoi dhíon, go háirithe faoinár gcórais forbheathaithe le cainníochtaí ísle dlúthbhianna. Díritear an saothar sin faoi láthair, i gcomhar le hinstiúidí taighde eile, ar iniúchadh ar an gcaoi ina dtéann an leibhéal vitimín D sin i bhfeidhm ar sho-ghabháltacht galar agus an féidir le forbhia torthaí na ngalar a mhaolú.

# CAOIRIGH

## Táirgiúlacht caorach

Is tionscadal ama mhaoiniú ag an AE é SheepNet a dhírítear ar tháirgiúlacht caorach. Is meascán de rath atáirgthe, marthanacht suthach agus uan agus méid áil atá sa táirgiúlacht caorach (líon na n-uan a thógtar in aghaidh na caorach a cúpláladh). Tá SheepNet deartha chun aistriú feasa idir taighde agus páirtithe leasmhara a spreagadh chun na dea-chleachtais agus na nuálaíochtaí a scaipeadh go forleathan, leis an aidhm táirgiúlacht caorach a mhéadú. Bíonn na sé phríomhthír den AE ina dtáirgtear caoirigh páirteach in SheepNet (Éire, an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe (ball den AE in 2019), an Rómáin, an Spáinn agus an Iodáil) agus an Tuirc.

## Caoirigh agus seamair

Tá na tionscail taighde reatha maidir le córais innilte in Teagasc Bhaile Átha an Rí ag díriú ar an tionchar ar tháirgiúlacht na gcórais táirgthe uan ar féarach a bhaineann le hionchorprú seimre báine agus foráistí coimhdeachta eile i mbáinseacha arna n-iniú ar caoirigh, le fócas speisialta ar thionchair ainmhithe, chomhshaoil agus eacnamaíocha.

Taispeántar sna príomhthorthaí go dtí seo gur bhain uain méachan maraithe amach naoi lá níos tapúla le háireamh na seimre báine sa bháinseach i gcoibhneas le seagalach ilbhliantúil ina haonar. Maidir le táirgeadh ábhair thirim ó bháinseach, d'fhás 13,483kg d'ábhar tirim / ha sna báinseacha féir amháin, d'fhás 13,926kg d'ábhar tirim / ha sna báinseacha idir fhéar agus seamair ag ráta 145kg N / ha, agus d'fhás 13,590kg d'ábhar tirim / ha sna báinseacha idir fhéar agus seamair ag ráta 90kg N / ha. Cé nach bhfuil ach difríocht bheag le feiceáil idir na cóireálacha, gné dhearfach is ea go bhfástar leis an gcóireáil íseal N (90kg N / ha) an oiread féir chéanna nó beagán níos mó ná na cóireálacha arda N eile (145kg N / ha) le seamair bhán nó gan í.



Feirmeoirí ag foghlaim faoi thaighde ar chórais innilte agus iad ar cuairt ar Teagasc Bhaile Átha an Rí.



# DÉIRÍOCHT

## Comhchlár/comhoibríthe

Rinne Kerry Agribusiness agus Teagasc ceiliúradh ar 25 bliain de bheith ag obair i gcomhar le chéile ar an gComhchlár ar cuireadh tú leis thiar in 1994, ar choincheap nuálach é den fhoghlaím phiarthreoraithe agus den aistriú feasa. Cuireadh an Comhchlár chun feidhme thar an tréimhse 25 bliain ar fuð contaetha Chiarraí, Chorcaí Thuaidh, Luimnigh agus an Chláir.



An líne chúil, ó chlé go deas an Dr. Sean McCarthy Kerry Agribusiness, Bainisteoir seirbhíse, Edward McCarthy Feirmeoir Monatóra, John Collins Bainisteoir Oibríochtaí Kerry Agribusiness Líne thosaigh: Bainisteoir Réigiúnach Teagasc Majella Maloney, Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle, Feirmeoir Monatóra Pádraig McCarthy, Nora O'Donovan comhairleoir déiríochta Teagasc Thrá Lí, Ger Courtney, Comhordaitheoir Comhchlár Teagasc.

Sheol Glanbia Ireland agus Teagasc an chéad ghlúin eile de chomhchlár a bhfuil sé mar aidhm aige na scileanna agus na teicneolaíochtaí a sholáthar d'fheirmeacha teaghlaigh chun córais feirmeoireachta déiríochta éifeachtúla agus inbhuanaithe a oibriú.

## Imeachtaí Calfcare

Bhí sraith de cheithre cinn déag d'imeachtaí CalfCare ar siúl i ngeimhreadh 2019. Tháinig Teagasc agus Sláinte Ainmhithe na hÉireann le chéile chun na himeachtaí feirme sin a eagrú, leis na próiseálaithe bainne déiríochta Arrabawn, Aurivo, Carbery, Centenary Thurles, Dairygold, Glanbia, Kerry Agribusiness, Lakeland Dairies, North Cork Creameries, Tipperary Co-op agus le tacaíocht ó Volac.

## Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe 2019

D'fhreastail na mílte feirmeoirí ar Lá Oscailte Déiríochta Teagasc na Cloiche Léithe 2019 i mí Iúil. Mar chuid de shraith chuimsitheach taighde agus comhairle déiríochta ag an ócáid chuala siad faoin gcaoi ar tháinig athrú ó bhonn ar thionscal déiríochta na hÉireann, agus onnmhairí táirgí agus comhábhar déiríochta na hÉireann ag

méadú ó €1.84 billiún ar an meán idir na blianta 2007 agus 2009, chuig os cionn €4 bhilliún in 2018. Tháinig méadú ar tháirgeadh bainne in Éirinn go 7.57 billiún lítear in 2018, agus shroich sé díreach faoi bhun ocht mbilliún lítear in 2019.

Thug Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle, rabhadh d'fheirmeoirí déiríochta go bhfuil roinnt príomhdhúshlán os comhair tionscal déiríochta na hÉireann faoi láthair: an t-athrú aeráide; caighdeán uisce; buanáú an iomaíochais; rochtain ar mhargaí; agus, infhaighteacht lucht



Sa phictiúr ag plé na bpleananna do Lá Oscailte Déiríochta '19 Teagasc na Cloiche Léithe An Dr. Tom O'Dwyer (Teagasc), an Dr. Ann Marie Butler (Banc Uladh), an Dr. Pat Dillon (Teagasc), Philip Cocoman (Ornua), Liam Herlihy (Cathaoirleach Teagasc), Ailish Byrne (Banc Uladh), Michael Berkery (FBD) agus an tOll. Frank O'Mara (Teagasc).



An Dr. Mike Egan ag tabhairt aithris ar roinnt den slua ollmhór ar Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe.

saothair oilte: "Is é an dúshlán an gnó a fhás go hinbhuanaithe," a dúirt sé. "Maidir leis an athrú aeráide, tá Teagasc tar éis treoirínite a léiriú don earnáil déiríochta, ina sainathnítear príomhghníomhartha nach mór a dhéanamh chun lorg comhshaoil an tionscail a laghdú."

## Triail seamhain gnéasaitheanta

Thug taighdeoir Teagasc Stephen Butler breac-chuntas ar thorthaí trialach seamhain gnéasaitheanta le déanaí ag Lá Oscailte Teagasc na Cloiche Léithe. Is de bharr na leibhéal feidhmíochta torthúlachta a fuarthas sa staidéar sin ar straitéis inmharthana é an seamhan gnéasaitheanta chun bodóga athsholáthair a ghiniúint ar fheirmeacha tráchtála, ach teastaíonn níos mó oibre chun na cúiseanna don drochfeidhmíocht le seamhan gnéasaitheanta a shainnithint i bhfo-thacar de thréada inar féidir feidhmíocht den scoth a ghnóthú leis an ngnáthsheamhan.



Sa phictiúr ag an 9ú Comhdháil Eorpach ar Fheirmeoireacht Beostoic Bheacht (ECPLF) inar tugadh deis dhíreach do na toscairí teicneolaíochtaí beachtais a mheas i dtáirgeadh déiríochta, mairteola, caorach, éineola agus muc tá Peter Hynes, Aherla, an Dr. Bernadette O'Brien, Teagasc (Cathaoirleach an Choiste Eagraithe), Fergal Dennehy, Leas-Ard-Mhéara Chorcaí & an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde Teagasc. Ba iad Teagasc príomh-eagraithe ECPLF 2019 a bhí ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh i mí Lúnasa.

## GRASS

### Luach beathaithe

Tá tionscadal comhoibritheach TEAGASC le hOllscoil Cornell sna Stáit Aontaithe ag scrúdú fíorluach cothaitheach an fhéaraigh innilte agus a ról in réimeanna bia ba déiríochta. Soláthrófar leis an tionscadal tuiscint níos fearr ar chothú ba déiríochta innilte. Is trí chainníochtú beacht na n-idirghníomhaíochtaí cothaitheacha lena mbaineann, ar féidir forbheatha straitéiseach nó barrfheabhsú réime bia a chur chun feidhme d'fhonn éifeachtúlacht na gcóras féaraigh a mhéadú.

### PastureBase Ireland

Tháinig méadú mór ar úsáid PastureBase Ireland in 2019. Tá thart ar 450,000 bó déiríochta á mbainistiú trí chóras PastureBase Ireland (PBI), bunachar sonraí féaraigh náisiúnta na hÉireann agus uirlis tacaíochta cinn-teoireachta féaraigh. Dúirt Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle: "Is figiúr iontach é sin ós rud é nár cuireadh tús le PBI ach thiar in 2013. Chonaiceamar méadú faoi 60% ar líon na bhfeirmeoirí a chomhlánaíonn níos mó ná 20 brat féir feirme gach bliain. Ag buaic an tséasúir i mbliana, bhí 1,600 brat feirme á gcur i gcrích go seachtainiúil in PastureBase Ireland. Táimid ag súil go leanfaidh an figiúr sin ag méadú."



Comhairleoir déiríochta Teagasc Joe Kelleher ag cur i láthair ag siúlóid PastureBase Ireland ar fheirm Niall Moloney i gCraobh Chomhartha, Co. Luimnigh. Ba é Niall feirmeoir féaraigh óg na bliana 2018.



# MUCA

## Prionsabail BHARAINNEACHA

Cruthaíodh le Treoirhionscnamh Teagasc maidir le Slabhra Soláthair Mhuc Barainneach in 2018 go bhféadfaí feabhsúcháin ar iomaíochas, ar chostéifeachtacht, ar ídiú fuinnimh agus ar éifeachtúlachtaí comhshóite beatha a fháil le Prionsabail Bharainneacha a chur i bhfeidhm sa phróiseas táirgthe muc. Thug an Roinn Forbartha Muc tionscnamh Barainneach nua isteach in 2019 i gcomhar le Bord Bia agus le RTBM. Ba é an cuspóir tacaíocht a thabhairt don ghlacadh le prionsabail déantúsaíochta barainneacha chun feabhsuithe oibriúcháin agus éifeachtúlachta a bhaint amach ar fheirmeacha muc.

D'oibrigh na rannpháirtithe le painéal comhairleoirí Barainneacha a bhunaigh Teagasc agus Bord Bia. Bhí Teagasc i gceannas ar bhainistíocht oibríochtúil agus theicniúil an tionscnaimh, lenar seachadadh meascán de thionscadail Gnólachtaí Nuathionscanta Barainneacha agus Barainneacha Plus. Seachadtar sa chlár sin ceann de príomh-mholtaí ó thuarascáil an Ghrúpa Geallsealbhóir i dTionscal na Muc le RTBM.

## Samhail Gheilleagrach Táirgthe Muc Teagasc (SGMT)

Is le seoladh na samhla geilleagraí muc nua in 2019 atá samhlacha geilleagracha anois ag Teagasc d'eallach, caoirigh agus muca. Ionsamhlaítear sa tsamhail feidhmíocht bhitheolaíoch agus eacnamaíoch na bhfeirmeacha muc, agus is féidir í a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar chásanna nach féidir a thástáil ar fheirmeacha réadacha toisc go bhfuil siad ró-chostasach nó nach bhfuil siad indéanta.

Tacóidh torthaí ionsamhlaithe leis an gcinnteoireacht ar fheirmeacha muc Éireannacha. Áireofar le húsáidí an SGMT sa todhchaí measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch na n-athruithe i sonraíochtaí réime bia, na ngalar, nó costas na gceanglas dlíthiúil nua i réimsí an laghdaithe um fhriathsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhicróbach, an chomhshaoil nó an leasa.





## Cúrsa bainistíochta feirme

Ag leanúint ar aghaidh ó Theastais pháirtaimseartha sa Talmhaíocht i dTáirgeadh Muc (Leibhéal 5) agus mar fhreagairt ar éileamh ó pháirtithe leasmhara, thug Teagasc Cúrsa Bainisteoirí Feirme Muc (Leibhéal 6) isteach atá deartha go sonrach do mhic léinn i mbun bainistíochta faoi láthair, nó a bhfuil sé mar aidhm acu bainistíocht a dhéanamh ar fheirm mhuc.

Is dámhachtain comhpháirte é an cúrsa a chuimsíonn ceithre mhodúl Leibhéal 6 (Bainistíocht Riar Muc, Cothú Muc a Bhainistiú, Bainistíocht Trealamh Muc, Atáirgeadh Muc Feidhmeach) i ndáil le bainistíocht feirme muc le creidiúnú ó QQI. Faightear meascán de léachtaí ann ón Roinn Forbartha Muc agus aoichainteoirí seachtracha chomh maith le díospóireachtaí grúpa, turais lae agus gníomhaíochtaí obair bhuíne. Chríochnaigh 21 mac léinn an cúrsa tionscnaimh i mí Mheán Fómhair 2019.

## Dea-chleachtas PiG an Aontais Eorpaigh

Is tionscadal arna mhaoiniú ag Fís 2020 é PiG AE le Grúpa Nuálaíochta Muc na hEorpa, lena mbaineann

lónra 19 n-eagras ó 13 thír AE. Tá sé mar aidhm ag PiG AE iomaíochas tionscal muc na hEorpa a mhéadú trí tháirgeoirí a nascadh agus na dea-chleachtais agus na nuálaíochtaí a chomhroinnt.

Aithnítear ceithre phríomhthéama tionscadail: Bainistiú Sláinte, Caighdeán Feola, Leas Ainmhithe agus Táirgeadh Beachtas agus baineann dhá dhúshlán in aghaidh na bliana le gach téama. Aithnítear an dea-chleachtas trí Grand Prix PiG an AE, comórtas bliantúil ar fud an Aontais Eorpaigh, le níos mó ná 300 táirgeoir san iomaíocht le bheith ar cheann d'ochtar Ambasadóirí PiG an AE, trína gcuid smaointe agus dea-chleachtas a chomhroinnt.

Bhí buaiteoir ag Éirinn sa bhliain tionscnaimh (2017) i mBainistíocht Sláinte, agus d'éirigh léi arís in 2019 sa dúshlán "Caighdeán Feola – Feirmeacha Oscailte chun Dul i nGleic leis an bPobal".

## Comhdháil Náisiúnta Muc le Teagasc

Ba é téama Chomhdháil Náisiúnta Muc le Teagasc 2019 ná "Díriú ar an Todhchaí", agus ionchorpraíodh an téama sin le gach cur i láthair. Tionóladh comhdháil Dheireadh Fómhair ag ionaid i dTiobraid Árann agus sa Chabhán.

Sa phictiúr ag Comhdháil Náisiúnta Muc Teagasc sa Chabhán tá Wellington Osawe, OÉG, Mark Hawe, DAERA-NI, Ciarán Carroll, Teagasc agus Liz Donnelly, DAERA-NI.



# CURAÍOCHT

## Lá Oscailte

Thug Lá Oscailte Barr Teagasc 2019 deis iontach do 3,000 cuairteoir taispeántais phearsanta a fheiceáil ó chlár taighde feidhmeach agus straitéiseach Teagasc maidir le barra. Agus “Barra & Leatóirí” mar theideal air, i gcomhpháirt leis an Irish Farmers Journal - díriodh an ócáid ar an tábhacht a bhaineann le leathadh cruinn leasacháin chun tacú le táirgiúlacht inbhuanaithe, le taispeántais leata leasacháin bheo i rith an lae. Leagadh béim san ócáid, arna hóstáil ag Scoláirí Walsh agus foireann Teagasc, ar thaighde gníomhach ar fud 30 seastán.



Ciaran Collins, speisialtóir curaíochta Teagasc, ag cur i láthair ag Lá Oscailte na mBarr agus na Leatóirí a bhí ar siúl in ionad taighde barr Teagasc i bPáirc na Darach.

## Fóram Curaíochta

Bhí Fóram Náisiúnta Barr Teagasc ar siúl i Meán Fómhair 2019. Tugadh aghaidh san fhóram ar roinnt ábhar agra-namaíoch, agus ar athruithe don CBT freisin a rabhthas ag dúil leo tar éis 2020. Clúdaíodh san fhóram an víreas plandaí BYDV go mion freisin le caint ó Steve Foster, Feithideolaí Taighde ó Rothamsted Research, an Ríocht Aontaithe.

Sa phictiúr ag Fóram Náisiúnta Barr Teagasc (ón gclé: Andy Doyle (Irish Farmers Journal), Steve Foster, JohnJoe Byrne (RTBM), Fran Morrín (RTBM), ó Teagasc Michael Hennessy, John Spink, Ciaran Collins.





## Seagalach

Cuireadh cineál nua seagalaí ilbhliantúla dioplóidí déanaí le hInnéacs Brabúis Féaraigh de €118 leis an Liosta Cineálacha Féir Molta 2019 in Éirinn den chéad uair. Is é sin an chéad chineál a tráchtálaíodh ón gcomhaontú margaíochta a síníodh idir Teagasc agus Goldcrop thiar in 2013. Faightear cothromaíocht an-mhaith sa chineál féir a tháirgtear in Teagasc Pháirc na Darach d'fhás an earraigh, an tsamhraidh agus an fhómhair; agus baineann luachanna arda sadhlais leis. Tá sé rangaithe mar an dara cineál dioplóideach déanach is airde sa liosta molta.



An tOll. Frank O'Mara (Teagasc, Stiúrtóir Taighde), an Dr. Michael O'Donovan (Teagasc, Ceann Eolaíochta Féaraigh) An tUas. Dave Barry (Goldcrop) an Dr. Pat Conaghan (Teagasc, Póraitheoir Féir) An tUas. Liam Herhily (Teagasc, Cathaoirleach) An tUas. John Murphy (Goldcrop) An tOll. Gerry Boyle (Teagasc, Stiúrtóir) an Dr. Pat Cashman (Goldcrop) An tUas. Donal Fitzgerald (Goldcrop) an Dr. Pat Dillon (Teagasc, Ceann Agrid).

## VICCI

Is le tionscadal Ionad Fíorúil Éireannach Teagasc um Fheabhsú Barr (VICCI), a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a cuireadh ar chumas Teagasc acmhainn a fhorbairt le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cineálacha barr feabhsaithe a fhorbairt le héifeachtúlacht mhéadaithe ar úsáid acmhainní.



Shínigh IPM Potato Group Ltd agus Teagasc comhaontú nua chúig bliana déag in 2019 i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Sa phictiúr (Líne thosaigh) bhí: An Dr. Marcel De Sousa, Stiúrtóir IPM; Ian Ireland; Stiúrtóir Bainistíochta, Donegal Investment Group; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrtóir Teagasc; Liam Herhily, Cathaoirleach Teagasc; Ba iad (Ar chúil): An Dr. Colm McDonnell, Bainisteoir T&F, IPM; an Dr. Denis Griffin, Póraitheoir Prátaí, Roinn Eolaíochta na mBarr, Teagasc; Sean Mulvany, Ceann Aistriú Teicneolaíochta, Teagasc agus John Spink, Ceann Timpeallachta Barr agus Úsáide Talún, Teagasc.

Mar shampla, is amhlaidh in éagmais beart rialaithe leordhóthanach, ar féidir le smál Septoria tritici (SST) a bheith ina chúis le caillteanais bharr suas le 50% nuair a fhástar cineálacha cruithneachta so-ghabhálacha faoinár ndálaí aimsire, ar dálaí iad a chabhraíonn le forbairt SST. In éineacht leis sin tá cailliúint roinnt ceimiceán mar gheall ar chumas SST frithsheasmhacht/fulaingt i leith fuingicídí a fhorbairt. I gcomhar le Lárionad John Innes sa Ríocht Aontaithe, d'aithin taighdeoirí Teagasc dhá phórlíne cruithneachta a bhfuil frithsheasmhacht fheabhsaithe SST acu, agus táimid ag obair leis an tionscal chun an fhrithsheasmhacht sin a mhapáil agus a chur isteach in ábhar réamhphórcháin.

## Grúpa Geallsealbhóirí Próitéiní

Bunaíodh Grúpa Náisiúnta Geallsealbhóirí Próitéiní Barr in 2019. Tá sé mar aidhm aige cabhrú le táirgeadh próitéiní plandaí in Éirinn a threorú agus a fhorbairt chun roghanna nua a sholáthar do shaothróirí agus ionadú allmhairithe a bhaint amach.

## Leathadh beacht na leasachán

Seachadadh sraith náisiúnta ceardlann, i gcomhar leis an Fertiliser Association of Ireland, chun cur le heolas agus scileanna conraitheoirí talmhaíochta maidir le leasachán a chur ar bharr féaraigh agus curaíochta. Áiríodh leis na ceardlanna taispeántais phraiticiúla ar na socrúithe cearta do leatóirí leasacháin a bhaint amach chun doirteadh a íoslaghdú.



# FORAOISEACHT

Thug comhairleoirí foraoiseachta 500 cuairt chomhairleach, 4,200 seisiún comhairleach trí chomhairliúchán ríomhphoist, teileafóin agus oifige in 2019; agus sheol siad 600 pacáiste faisnéise saincheaptha amach. Bhí sé sin sa bhreis ar 39 clinic chomhairleach idirphearsanta (ar ar fhreastail 360 duine) agus sraith de 15 shiúlóid bainistíochta foraoise ar fud na tíre.

## Anailís riosca lotnaidí (ARL)

Tá anailís riosca lotnaidí a rinne taighdeoirí TEAGASC ag cuidiú chun todhchaí na foraoiseachta in Éirinn agus níos faide i gcéin a áirithiú. Is doiciméad teicniúil é Anailís Riosca Lotnaidí ina ndéantar anailís ar an dóchúlacht go dtiocfaidh lotnaidí isteach agus go bhfaighidís bonn i limistéar sainithe, m.sh. ar oileán na hÉireann. Déantar meastachán ansin ar mhéid féideartha na dtionchar eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta ar an limistéar sin. Ar deireadh, sainaitheofar san ARL bearta is féidir a ghlacadh chun riosca na lotnaide a laghdú trí rialáil.

## EARTH

Ba í an chonclúid ó thionscadal EARTH (Saothrú agus Réadú Tanúchán ó Choillte Crua-adhmaid) go mbaineann an fhéidearthacht le tanúcháin trastomhais bhig fearnóige, fuinseoige, beithe agus seiceamair dá dtiontú go bíomáí taobh amuigh le haghaidh úsáidí foirgníochta inmheánacha, mar lindéir fuinseoige agus dorais. Mar gheall ar a airíonna meicniúla agus ar a inchóireáilteacht le leasaitheach, is í an fhuinseog an speiceas is oiriúnaí de na cinn a ndearnadh tástáil orthu chun críochna struchtúracha amhail déanmhais áineasa beaga, clóis súgartha agus fálú.

## Críonadh siar na fuinseoige

Ba é an Dr. Miguel Gorris a chríochnaigh an banc géinte ar 208 crann fuinseoige a bhí fulangach do chríonadh siar na fuinseoige, agus seoladh 1,000 géinitíopa fuinseoige Éireannach thar lear dá scagthástáil faoi dhálaí diana brú galair. Is iad na cuspóirí taighde le saothar Teagasc ar an ngalar géinitíopaí fuinseoige fulangacha a aithint i bhforaoisí na hÉireann, staidéar a dhéanamh ar na meicníochtaí móilíneacha trína dtugtar fulangacht do ghéinitíopaí fuinseoige aonair agus modhanna iomadaithe éifeachtacha a fhorbairt d'ábhar fuinseoige fulangach.

## Foraoiseacht ghearruainíochta

Fuarthas tásca luatha ó taighde Teagasc ar an bhféidearthacht don fhoraoiseacht ghearruainíochta (FGU) go mbaineann cumas suntasach don FGU in Éirinn leis an bhfearnóg Iodálach agus Eucalyptus nitens, ag brath ar dhálaí an láithreáin.

Saothraítear díbhinní inbhuanaitheachta saibhre le comhtháthú na foraoiseachta agus na feirmeoireachta go rathúil - ach is féidir leis a bheith dúshlánach.



# GAIRNEOIREACHT

## Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí (IPM)

Bhí sé mar aidhm ag roinnt tionscadal náisiúnta agus Eorpach in 2019 córais IPM a fheabhsú i bpríomhlotnaidí gairneoireachta. Ba le maoiniú ón tionscal a leanadh le faireachán ar an speiceas ionrach Cuil Fínéagair Bhreaceteach, agus thacaigh an Scoláire Walsh arna mhaoiniú ag Teagasc leis an saothar sin, atá ag fiosrú éifeachtúlacht chomparáideach na mbrat barr i gcoinne leathadh traidisiúnta lotnaidicídí chun an lotnaid sin a bhainistiú.

## Folláine ithreach a fheabhsú

B'fhócas de chuid an tionscadail Best4Soil, arna mhaoiniú ag an Fís 2020 AE, folláine na hitreach a chothabháil agus tuiompar galar ithreach agus néimeatóidí pataigineacha plandaí a laghdú. Chomhoibrigh Teagasc le hocht n-institiúid Eorpacha chun uirlis nua tacaíochta cinnteoireachta a chruthú d'fhonn an fhéidearthacht de thuiompar féideartha galair mar chuid d'uainíocht saothróra a léirshamlú. Bhí Teagasc freagrach as idirghníomhaíochtaí idir barra agus galair a thiomnú do 32 barr gairneoireachta agus d'os cionn 80 orgánach is cúis le galair. Baineadh leas as an mbunachar sonraí sin chun uirlis tacaíochta cinnteoireachta ar líne a chruthú.


## Dearbhú i dtáirgeadh gairneoireachta

Dámhadh maoiniú ar an Roinn Forbartha Gairneoireachta i gcomhar le Roinn Sábháilteachta Bia Teagasc, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath trí RTBM chun tionscadal taighde cheithre bliana a dhéanamh ar chur chuige agranamaíoch a bharrfheabhsú chun na rioscaí a bhaineann le huisce uisciúcháin agus dromchlaí cóireáilte do bharr goirt a laghdú. Déanfar measúnú sa tionscadal sin ar mhodhanna oibre reatha maidir le bainistíocht uisce agus rialú miocróbach i dtáirgeadh gairneoireachta tráchtála.

## Taighde beacán

Is mór-onnmhairiú gairneoireachta iad na beacáin. Féadann víris beacáin caighdeán agus luach na mbarr a laghdú, agus bítear ag dúil go mór le cineál frithsheasmhach in aghaidh víreas a phóru. Críochnaíodh mórshaothar taighde Teagasc ar víris beacán in 2019, inar léiríodh gur féidir víris a tharchur idir cineálacha a mheastar a bheith “neamh-chomhoiriúnacha”, rud a fhágann gur dúshlán mór é póru cineáil atá frithsheasmhach in aghaidh víreas.

Ceann de na torthaí a bhí inspéise ná gur féidir víris a léirshamlú go rathúil san fhíochán beo ach leas a bhaint as modh “Hibridiúchán Fluaraiseachta in Situ” (FISH) (sa phictiúr ar dheis). Fuarthas amach go raibh víris éagsúla lonnaithe i réigiúin éagsúla den líonra mícíteach, a bhfuil impleachtaí aige ar an gcaoi a dtarchuirtear víris chuig saothrán neamh-ionfhabhtaithe ach freisin ar an gcaoi ina n-idirghníomhaíonn siad lena chéile laistigh den óstach.



## Duilliúr gearrtha


Feileann táirgeadh duilliúir ghearrtha go rímhaith d'aeráid mheasrtha na hÉireann agus tá an earnáil ag fás go seasta, ag díriú ar mhargadh bláthanna gearrtha Eorpach brabúsach dar luach € 2.5 billiún. Plandaítear an eocailip agus an labhras go forleathan agus tá dubailt tar éis teacht ar aschur tráchtála le cúig bliana anuas.

Tá Teagasc, i gcomhar leis an tionscal agus le tacaíocht ó mhaoiniú RTBM, ag déanamh taighde ar theicneolaíochtaí traidisiúnta agus micrea-iomadaithe do phríomhspeicis chun infhaighteacht tráchtála máthairphlandaí ardluacha a mhéadú le haghaidh iomadú tráchtála.


# SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA

Ag deireadh Nollaig 2019

## Comhairleoirí



## Idirghníomhú le cliaint



## Próifílí foirne



Is comhairleoir stoic thirim i nGnó agus Teicneolaíocht é Mark Coyne, as Contae na hIarmhí ó dhúchas, atá lonnaithe in oifig Teagasc i dTulach Mhór atá mar cheanncheathrú réigiún comhairleach na hIarmhí/ Uíbh Fhailí/an Chabháin/ Mhuineacháin. Cháiligh sé ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le céim B.Agr.Sc. agus d'oibrigh sé roimhe seo in oifigí Teagasc i gcontaetha Chiarraí agus Laoise.

Tá os cionn 250 cliant ag Mark a oibríonn réimse córas mairteola lena n-áirítear lao diúil go mairteoil; lao déiríochta go mairteoil; eallach stóir chuig mairteoil; lao diúil go scoitheadh srl. Mar chuid den fhoireann stoic thirim sa réigiún chabhraigh Mark le 'Grass on the by-pass' a bhunú, ar léiriú é ar dhea-chleachtas féaraigh atá suite ar fheirm cliaint atá le feiceáil ó sheachbhóthar Thulach Mhór.

### Cé hiad mo chuid custaiméirí?


"Is é an aidhm atá againn tacú le córais inbhuanaithe mairteola agus uaineola, rud a chiallaíonn go dtabharfaidh feirmeoirí cosaint don chomhshaol agus go ndíreoidh siad ar bhrabúsacht trí mhéid an fhéir innilte i réim bia a n-ainmhithe a uasmhéadú," a deir Mark.

Is amhlaidh ó baineadh na cuótaí déiríochta thiar in 2015 atá Mark, ag obair le Seirbhís Leathnaithe Déiríochta Teagasc, tar éis tacaíocht a thabhairt do níos mó ná 30 dá chliant chun tiontú ina bhfeirmeoirí déiríochta. Beag beann ar fhiontar, deir Mark go bhfuil suim níos mó á léiriú ag a chliant i dtionscnaimh chomhshaoil. "Tá líon mór de mo chliant sa scéim GLAS," a deir sé. "Creidim go mbeidh feirmeoirí sa cheantar réidh chun glacadh le tionscnaimh chomhshaoil nua de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn."

Grianghraf: Déanann Mark Coyne agus a chliant Sean Bracken a dhéanann feirmeoireacht in aice le Cill Chormaic i gcontae Uíbh Fhailí iniúchadh ar bhrat le haghaidh patraisí a chuirtear ar chinnfhearainn ghoirt Sheáin.



## Pléghrúpaí



## Gníomhaíochtaí pleanála feirme:

**1,116**

Plean TAMS

Monatóirí Brabúis

**7,936**

**8,100**

Plean feabhsaithe feirme ón Aistriú Feasa

## Gníomhaíochtaí Eile:

**95**

NÍOS  
FEARR/  
Monatóir  
feirmeacha

**375**

Cruinnithe/  
seimineáir

**303**

Siúlóidí/  
taispeántais  
feirme



## Teagasc ConnectEd

Leanann Clár Teagasc ConnectEd ar aghaidh ag seachadadh clár aistrithe feasa ar ardchaighdeán don earnáil agraibhia. Bliain ghnóthach eile ab ea 2019 don chlár inar seachadadh 28 cúrsa oiliúna don tionscal agus 1,133 áit oiliúna líonta. Sheol Teagasc ConnectEd sraith rathúil de Sheimineáir Ghréasáin Earraigh a mheall lucht féachana leathan ar fud na hearnála agraibhia. Seoladh sraith nua Máistir-Ranga san fhómhar lenar cuimsíodh ábhair mar Bhonneagar Foirgneamh Feirme don Earnáil Airgeadais agus Cáilíocht agus Folláine Ithreach. Faigheann na baill de Teagasc ConnectEd foilseacháin mhíosúla agus cuirí chuig imeachtaí Teagasc. Thacaigh Teagasc ConnectEd freisin le rochtain ar chórais Teagasc ar líne mar NMP Online agus Monatóir Brabúis chuig 290 agra-ghairmí ar fud na hÉireann.

## CECRA

Tá oiliúint Scileanna Comhairleacha CECRA Teagasc mar chuid de chreat oiliúna ar fud an AE a dhíríonn ar oiliúint mhodheolaíochta do chomhairleoirí agus sainchomhairleoirí feirme. I measc na gcúrsaí tá Oiliúint in Áisitheoireacht Grúpa, Margaíocht agus Caidreamh Poiblí, Ceannaireacht Foirne srl. Cuireadh 206 áit oiliúna ar fáil sa chlár thar 15 mhodúl (dhá lá ar fhad). D'fhonn deimhniúchán CECRA a bhaint amach éilítear ar rannpháirtithe freastal ar chúig mhodúl, cuairt a thabhairt ar sheirbhís chomhairleach lasmuigh d'Éirinn, freastal ar sheimineáir agus machnamh a dhéanamh ar chás-staidéar.

# OIDEACHAS

## Éileamh ar chúrsaí

Thar an tréimhse idir 2014 agus 2019 chonaic Teagasc leibhéal eisceachtúil éilimh agus clárúcháin ar fud príomhchlár oideachais. Léiríodh an méid sin sna treochtaí deimhniúcháin foghlaimeoirí bliantúla iomlána de chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do chúrsaí Teagasc. B'ionann líon iomlán na ndeimhniúcháin QQI le haghaidh chlár Teagasc thiar in 2014 agus 2,165. B'ionann líon iomlán na ndeimhniúcháin in 2019 agus 4,078. Ba é an borradh san éileamh ar chúrsaí Theastas Glas de chuid Teagasc do dhaoine fásta uathu siúd a bhí ag lorg cáilíochta aitheanta feirmeora a bhí taobh thiar den mhéadú sin, d'fhonn scéimeanna atá dírithe ar fheirmeoirí óga faoin gclár náisiúnta RDP a chomhlíonadh.

Tharla buaicleibhéal clárúcháin do chúrsaí Teagasc thar an tréimhse 2015/2016 as ar eascair buaic-iomlán deimhniúcháin QQI de 6,253 in 2018. Éascaíodh don ghlacadh eisceachtúil clárúcháin sin le ceadú ó RTBM do 97 post Teagasc d'oifigeach oideachais sealadach ar bhonn conradh dhá bhliain agus seacht bpost riaracháin oideachais shealadacha thar an tréimhse idir 2014 agus 2018.

Cé gurbh ionann an líon iomlán deimhniúcháin do 2019 agus beagnach dhá oiread an lín thiar in 2014, tá siad níos ísle ná an t-iomlán do 2018. Tá dhá fhachtóir mar chúis leis an treocht sin. Tháinig líon na bpost conarthaí sealadacha d'oifigheach oideachais chun buaice sa tréimhse 2016/17, agus tá tromlach mór na gconarthaí sin imithe in éag anois. Bhí tionchar díreach aige seo ar an toilleadh clárúcháin. Ina theannta sin tháinig maolú éigin ar leibhéal an éilimh eisceachtúil ar chúrsaí Teagasc. Mar sin féin tá éileamh fíor-ard ann i gcónaí i gcomparáid leis na leibhéil roimh 2014, agus is dóigh go mbeidh éileamh leanúnach ar chúrsaí Teagasc le tabhairt isteach an chlár CBT tar éis 2020.

## Céim nua

Seoladh Céim nua in Eolaíocht Talmhaíochta arna seachadadh i gcomhar le Teagasc istigh i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ag an Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe & Féaraigh, An Chloch Liath, Corcaigh.



Labhair Tom Curran, an dara duine ón deis, ar chomharbas agus oidhreacht ag an Imeacht Céimithe sin i gColáiste Talmhaíochta Teagasc Chloich na Coillte..



Ciara O'Donovan (ar dheis), a mhúineann i gColáiste Talmhaíochta Chloich na Coillte, le mic léinn ionchasacha.

# BIA

## Ionsamhlú díleáite bia

Bhí baint ag taighdeoirí Teagasc le líonra mórscála arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach chun an prótacal eolaíochta d'ionsamhlú díleáite bia a fheabhsú agus a chaighdeánú. Is toradh é an prótacal ar chomhoibriú fadtéarmach idir níos mó ná 27 institiúid acadúil ó 18 dtír éagsúla. Táthar díreach tar éis páipéar a fhoilsiú ina mionsonraítear an prótacal san iris iomráiteach *Nature Protocols*.

## Bianna tomhaltais réitithe

Tá an tIonad Náisiúnta Bia Ullmhaithe Tomhaltais (NPCFC) ag Teagasc Bhaile an Ásaigh ag lánfheidhmiú anois le ceapadh Shay Hannon mar bhainisteoir NPCFC. Bítear ag cur chun cinn an NPCFC agus a chumais go leanúnach, agus tá os cionn 60 gnóthas bia tar éis leas a bhaint as seirbhísí an ionaid go nuige seo. Suiteáladh agus coimisiúnaíodh ceann de na príomhphíosáí trealaimh, Easbhruíteoir Dhá Scriú le Clextral, in 2019. Tá taighdeoirí Teagasc ag scrúdú próiseas faoi láthair do chineálacha nua plaisteach bithfhoinisithe.

## Táirgí bÁCáilte

Tá taighdeoirí ag Teagasc Bhaile an Ásaigh agus Teagasc na Cloiche Léithe ag fiosrú tionchair an tsiúcra laghdaithe ar airíonna bÁCála agus ar cháilíochtaí céadfacha na dtáirgí bÁCáilte. Thaispeáin siad an tionchar a bhíonn ag laghdú siúcra ar chácaí spúinse ar na comhdhúile aramatacha ó chomhábhair agus iad siúd a ghintear le linn bÁCála. Roghnú cúramach na gcomhábhar agus úsáid ábhar ionaid don siúcros nádúrtha; féadfaidh siad torthaí diúltacha bÁCála agus easpa mealltachta don tomhaltóir i dtáirgí milseogra bÁCáilte le siúcra laghdaithe a mhaolú.

Sa phictiúr ag ócáid Geataí Teagasc ar “Bithchlaochlú Bia - Próisis Bhitheolaíoch um Fhorbairt Bia Inbhuanaithe agus Úrscéal” in Teagasc na Cloiche Léithe, Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí tá na Dochtúirí André Brodkorb, Linda Giblin, Sheila Morgan, Teagasc agus an tOllamh Comhlacht Kostas Gkatzionis, University of Aegean, an Ghréig. (féach Foodworks thall)





## Foodworks

Thacaigh FoodWorks, clár luasaire ama reachtáil ag Teagasc, Fiontraíocht Éireann agus Bord Bia, le 76 gnóthas nuathionscanta bia Éireannach chun smaointe gnó inscálaithe agus dírithe ar onnmhairí a fhorbairt. Go nuige seo, tá rath onnmhairithe bainte amach ag cuideachta amháin as gach triúr cinn in Food Works cheana féin, agus baineadh margaí domhanda amach ar cheithre mhór-roinn: an Eoraip, an Afraic, an Áise agus Meiriceá Thuaidh.

Tar éis dianphróiseas roghnúcháin, roghnaíodh sé chuideachta uaimhianacha bia agus dí in Éirinn chun páirt a ghlacadh in Food Works 2019. I measc na gcuideachtaí bhí béilí fálróide leis an ngnólacht nuathionscanta T4 Adventure agus brandaí níos seanbhunaithe mar bhiotáille neamh-mheisciúil le Silk Tree Botanics agus Clintons Crisps. Tá an chéad fheirm seilide in Éirinn, Gaelic Escargot, ag glacadh páirte sa chlár i mbliana freisin, mar aon le dhá ghnólacht nuathionscanta bunaithe ar shneaicéanna núiosacha.

## Bainne A2

Ba é an tátal ó Mháistir-Rang Teagasc A2 ná gur teoranta í an fhianaise eolaíochta láidir chun tacú le haon éilimh i ndáil le hól bainne A2. Bhí éilimh den sórt sin thar a bheith tábhachtach i nuálaíocht agus i bhfoirmlíú táirgí déiríochta nua san am atá caite.

## Déiríocht agus gránaigh a chumasc

Tá féidearthachtaí nua onnmhairiúcháin ann do chomhábhair Éireannacha sna meascáin de ghránaigh agus déiríocht choipthe; agus tá taighdeoirí TEAGASC agus COC tar éis a bheith ag déanamh taighde ar fhorbairt agus ar shaintréithe na meascán éagsúil. Is le cur solad bainne le táirgí gránach-bhunaithe a fheabhsaítear ábhar na gothaitheach tábhachtach, lena n-áirítear aimíonaigéid riachtanacha, aigéad líonoiléach, vitimíní sailltuaslagtha, cailciam agus fosfar.

## Miocralgaí

Tá taighdeoirí Teagasc ag iniúchadh cineálacha miocralgaí, atá i measc na bhfoinsí cothaitheach is saibhre agus is inbhuanaithe dá bhfuil ann. Léirigh siad gur féidir le teicnící eastósctha núiosacha mar ultrafhuaim, einsímí agus teicnící eastósctha le cúnamh micreathonn feabhas a chur ar eastóscadh próitéiní agus comhdhúile bithghníomhacha eile ó mhiocralgaí.

Is tionscadal leanúnach é EnhanceMicroAlgae (Deiseanna tionsclaíochta ard-bhreislúacha do mhiocralgaí i Limistéar an Atlantaigh – Miocralgaí a Fheabhsú) le buiséad de €2.45 milliún, agus é mar aidhm aige an leas is fearr a bhaint as miocralgaí i Limistéar an Atlantaigh, le roinnt comhpháirtithe lonnaithe sa Spáinn, sa Phortaingéil, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.



## Tionscadal MASTER

Seoladh tionscadal taighde MASTER, Gníomh Nuálaíochta faoi Fhís 2020, ag ionad taighde bia Teagasc Bhaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath i mí Eanáir. Sa phictiúr thíos ag seoladh an tionscadail €11 mhilliún bhí an tOllamh Frank O Mara, an Dr. Sinead Waters, an Dr. Paul Cotter agus an Dr. Fiona Brennan, Teagasc. Cuimsíonn an tionscadal uailmhianach taighde seo 31 príomhfhoireann acadúil agus tionscail Eorpach agus idirnáisiúnta le rannpháirtithe ó 13 Bhallstát AE, dhá Thír Chomhlachaithe agus comhpháirtí idirnáisiúnta amháin.

## BIA Innovator

Is iad Teagasc, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí, Bord Oideachais agus Oiliúna Ros Comáin-na Gaillimhe, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus SCCUL na comhpháirtithe bunaidh de CLG Campas BIA Innovator, tionscadal mórathraithe lena gclaochlófar tírdhreach na fiontraíochta bia in Iarthar na hÉireann. Is faoin gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí a chómhaoinítear é, agus tugann sé aghaidh ar an ngá atá le bonneagar réigiúnach spáis oibre don bhia trí lárionad nuálaíochta agus gorlann dhinimiciúil bia agus dí ar scála leordhóthanach a ghnóthú, 2301 méadar cearnach (23,767 troigh chearnach); le cruthú 360 post laistigh de thrí bliana thar 40+ gnóthas agus ina bhfaighidh 2,400 duine oiliúint, forbairt agus tacaíocht ó na comhpháirtithe bunaithe agus na páirtithe leasmhara níos leithne. Is cumasóir bonneagair uathúil é le tairbhí éiceachórais nuálaíochta forleathana ina shuíomh ag Teagasc Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.


Beidh 12 aonad táirgeachta de ghrád bia ag **BIA Obair**, lena gceadófar do chontanam fáis idir:

- Sain-ghorlanna bia comhoibrithe (déiríocht, feoil, bia mara agus iltáirgí)
- Aonaid tosaigh,
- Aonaid fáis HPSU

Soláthrófar le **BIA Accelerate** struchtúr conaire contanaim a bhfuil géarghá leis ar fáil chun tacú le gnóthais bhia fás agus scála a bhaint amach. Cuimseoidh sé Crios Rannpháirtíochta Gnó – do phiarfhoghlaim fiontraíochta agus cóitseáil meantóra, Ionad Faisnéise Gnó agus Limistéar Taispeána & Oiliúna le húsáid mar shaotharlann phainéal blaiste le haghaidh piarmheasúnú ar fhorbairt táirgí nua.

**BIA Eolas** - Timpeallacht foghlama shaintiomanta lena dtabharfar spreagadh do mhalartú agus nuálaíocht, lena gcomhtháthófar príomhthairiscintí cócaireachta: cláir chreidiúnaithe gairmoiliúna, oideachas leanúnach d'fhiontraithe bia, gairmithe tionscail, chefanna, máistir-ranganna do chócairí baile agus imeachtaí speisialta. Cuimseofar leis cistin taispeána / halla éisteachta mór, Ionad Oiliúna Cócaireachta agus sealaíocht deisce.

Beidh **BIA Blas** ina shaoráid taispeána agus oiliúna/imeachtaí dhéfhéidhmeach ina soláthraítear líonra “Mear” do cheannaitheoirí trádála; soláthraithe seirbhíse agus infheisteoirí. Soláthrófar leis taispeántas buan maidir le forbairt táirgí nua a thiocfaidh ó fud Champas BIA Innovator, agus feidhmeoidh sé mar phointe lárnaigh do ghrúphníomhaíochtaí.





# Sprioc 2

Tacaíocht a sholáthar  
d'fheirmeoireacht inbhuanaithe  
agus don chomhshaol



# AN TUARASCÁIL UM INBHUANAITHEACTH

Is sa tuarascáil seo, arna foilsiú in 2019, a chuirtear síos ar na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus nuálaíochta den inbhuanaitheacht ar leibhéal na feirme trí leas a bhaint as Suirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc. Tuairiscítear go mion na torthaí eacnamaíocha (toradh eacnamaíoch agus brabúsacht talún, treoshuíomh an mhargaidh, táirgiúlacht saothair agus inmharthanacht), sóisialta (leochaileacht teaghlaigh, riosca leithlisithe, próifíl aoise, oideachas agus cothromaíocht oibre is saoil), comhshaoil (gáis cheaptha teasa, amóinia, nítrigin agus riosca caillteanais fosfair) agus nuálaíochta (cleachtais éagsúla) thar an tréimhse idir 2012 agus 2017 ar fud feirmeacha déiríochta, eallaigh, caorach agus curaíochta.

Léirítear sa tuarascáil an bhearna ioncain idir feirmeacha déiríochta agus cineálacha eile feirme in Éirinn, atá tar éis méadú go mór leis an bhforás i dtáirgeadh bainne na hÉireann le blianta beaga anuas. Aibhsítear sa tuarascáil freisin go bhfuil raon leathan leibhéal ioncain i measc na bhfeirmeoirí ó gach cineál feirme. Cé gurb é tomhas na feidhmíochta eacnamaíche atá i bpríomhshruth an tSuirbhé Náisiúnta Feirme, is amhlaidh le blianta beaga anuas atáthar tar éis raon feidhme an tsuirbhé a leathnú le réimse méadaitheach méadrachtaí comhshaoil a áireamh, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal na feirme. Áirítear le heagrán na tuarascála den chéad uair i mbliana freisin méadrachtaí d'astaíochtaí amóinia ar leibhéal na feirme.

Thug an Dr. Cathal Buckley, údar na tuarascála agus Eacnamaí Teagasc, le fios go bhfuil éifeachtúlacht astaíochtaí ar leibhéal na feirme ag feabhsú, le treocht i dtreo níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus amóinia in aghaidh an aonaid táirge a tháirgtear. Taispeántar sa tuarascáil freisin, áfach, go bhfuil astaíochtaí gás ceaptha teasa agus amóinia ag méadú le himeacht ama ar fheirmeacha atá ag dul i méid. Beidh sonraí a thiomasaítear tríd an tuarascáil ina n-acmhainn luachmhar do lucht ceaptha beartas agus don tionscal agraibhia chun tuiscint a fháil ar an mbealach is fearr le hiarrachtaí leanúnacha a dhírú chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí feirme agus rannchuidiú le spriocanna náisiúnta maidir le laghdúithe ar astaíochtaí gásacha.

Léirítear sa tuarascáil an gaol dearfach idir brabúsacht eacnamaíoch agus éifeachtúlacht astaíochtaí, agus an claonadh ann na leibhéil is airde éifeachtúlachta astaíochtaí le fáil ar na feirmeacha is brabúsaí. Tugann sé sin le tuiscint gur féidir feabhsú ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch a bhaint amach taobh le taobh le feabhsú ar éifeachtúlacht astaíochtaí.

Is tuairisc mhaith atá sa tuarascáil ar thart ar 90,000 feirm in Éirinn, ach ní chlúdaítear na feirmeacha is lú sa tír inti i dtéarmaí mhéid eacnamaíoch. Mar sin féin, rianófar na feirmeacha beaga sin i suirbhé ar leithligh ach leas a bhaint as an modheolaíocht chéanna, a dtabharfar faoi in 2020.



Sa phictiúr ag seoladh Thuarascáil Teagasc um Inbhuanaitheacht:  
(Ó chlé go deas) An Dr. Kevin Hanrahan, an Dr. Emma Dillon, Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle, an Dr. Mary Ryan agus Brian Moran.

## Teagasc/SRUC

Tá Teagasc agus Coláiste Tuaithe na hAlban (SRUC) tar éis comhoibriú le fada ar shaincheistanna comhleasa. Chonacthas an dliaióg mhullaigh á cur leis an bpróiseas sin in 2018 thall i nDún Éideann, leis an gcéad cheann de shraith comhdhálacha bliantúla dírithe ar shainaithint réiteach agus cuidiú le deiseanna nua a chruthú do gheilleagair thuaithe. Tugadh aghaidh sa chomhdháil 2019, ag Teagasc Bhaile an Ásaigh, ar na príomhdhúshláin chomhshaoil, tomhaltóirí agus eacnamaíocha atá os comhair na gcóras beostoic bunaithe ar fhéarach sa dá thír.

Cuireadh béim ar leith ar roghanna chun córais táirgeachta beostoic inbhuanaithe agus athléimneacha bunaithe ar fhéarach a chruthú, ar féidir leo cuidiú chun astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (GHG) a mhaolú agus oiriúnú d'aeráid athraitheach, agus slándáil bia agus cothaithe á sholáthar i gcónaí. Pléadh go sonrach sa chomhdháil an chaoi chun ról an bheostoic inbhuanaithe a neartú i mbith-gheilleagar ciorclach.



Sa phictiúr ag comh-Chomhdháil Teagasc/SRUC ag Teagasc Bhaile an Ásaigh bhí (ó chlé go deas): An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; Liam Herlihy, Cathaoirleach, Teagasc; An tOllamh Wayne Powell, POF, SRUC, agus Sandy Cumming CBE, Cathaoirleach SRUC.

## Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach

Tá sé seo ar cheann de na príomhdhúshláin reatha atá os comhair an chine dhaonna. Meastar go bhfaighidh 10 milliún duine bás gach bliain faoi 2050 mar gheall ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR) mura nglactar céimeanna móra láithreach bonn chun úsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú. Tá taighdeoirí ag Teagasc Bhaile an Ásaigh agus in áiteanna eile ag cur eolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta i bhfeidhm ar an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, go sonrach chun cuidiú leis an aistriú i dtreo úsáid antaibheathach níos freagraí ar fheirmeacha. Tá siad ag obair le feirmeoirí, tréidlianna agus tomhaltóirí chun idirghabhálacha ar leibhéal na feirme agus ar

leibhéal an mhargaidh a fhorbairt chun tacú le hathrú iompraíochta.

Áiríodh ar chomhpháirt amháin den chlár sin oibriú le Grúpa Forfheidhmithe CellCheck de chuid Sláinte Ainmhithe Éireann (AHI) d'fhonn cur chuige eolaíochta iompraíochta a úsáid chun tacú le rannpháirtíocht níos mó le teiripe roghnach bó triomaithe san earnáil déiríochta roimh athruithe reachtacha in 2022. I measc na ngníomhaíochtaí in 2019 bhí suirbhé ar fheirmeoirí agus Ceardlann le Grúpa Forfheidhmithe CellCheck agus meastóireacht ar thionscnamh AHI.



Sa phictiúr i mí na Samhna 2019 ag an gcomhdháil One Health- Awareness to Action, Antimicrobial and Anthelmintic resistance (Feasacht chuig Gníomhú, Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach agus Fhrith-heilminteach) i dTulach Mhór bhí: (Ó chlé go deas) An Dr. Lisa O Connor, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; an Dr. David Graham, POF Sláinte Ainmhithe Éireann; Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara; An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; An tOllamh Michael Diskin, Teagasc.

## Feabhsú ithreach

Léiríodh feabhsú éigin ar thorthúlacht na hithreach tar éis blianta den mheath nó den mharbhántacht in athbhreithniú bliantúil 2018 ar thorthaí samplaí ithreach arna n-ullmhú ag Teagasc. Rianaíodh san athbhreithniú na treochtaí i dtorthúlacht ithreach idir na blianta 2007 agus 2018. Léiríodh san anailís feabhsuithe suntasacha ar pH na hithreach le cúpla bliain anuas, agus stad den mheath ar leibhéal fosfair (P) agus potaisiam (K) sna hithreacha, agus tuairiscíodh roinnt feabhsuithe in 2018.

## Inbhuanaitheacht ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta

Ba é “fás inbhuanaithe a stiúradh” an téama do sheastán Teagasc ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta i gCeatharlach, agus thug taighdeoirí, speisialtóirí agus comhairleoirí Teagasc aghaidh ar na trí cholún



den inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus comhshaoil thar an imeacht thrí lá. Thug speisialtóirí fiontair, speisialtóirí comhshaoil agus comhairleoirí túsline breac-chuntas ar na teicneolaíochtaí chun táirgiúlacht feirme a bharrfheabhsú agus an comhshaoil a fheabhsú.

Dúirt an Ceann um Aistriú Feasa ar an gComhshaoil, Pat Murphy; “Is dhá theicneolaíocht iad leathadh sciodair astaíochtaí ísle agus úiré chosanta nach mór d’fheirmeoirí a ghlacadh má táimid chun dul i ngleic go dáiríre leis na leibhéil amóinia agus gás ceaptha teasa a thagann ón talmhaíocht. Beidh sé ríthábhachtach don todhchaí an bhithéagsúlacht a fheabhsú ar fheirmeacha, go háirithe trí fhálta agus críocha fearainn, agus is bealach iontach é féachaint ar speicis tháscacha cosúil le beacha le seiceáil go bhfuil ár ngníomhaíochtaí feirmeoireachta ag teacht leis an dúlra.”

Dúirt an Dr. Dúirt David Wall, taighdeoir comhshaoil Teagasc: “Is iad na hithreacha an

bonn agus an taca le talmhaíocht na hÉireann agus baineann ríthábhacht leis an gcaoi ina mbainistimid iad chun cáilíocht ithreach a chothabháil do tháirgiúlacht talmhaíochta na hÉireann sa todhchaí. Is céimeanna iad aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna cosúil le balcadh ithreach agus cailliúint cothaitheach ar féidir leis an bhfeirmeoir aonair a ghlacadh chun a bhfiontar feirmeoireachta a fheabhsú. Tá an fhoireann nua comhairleoirí cáilíochta uisce (ASSAP) ag obair le feirmeoirí ar fud na tíre chun cáilíocht uisce a chothabháil agus a fheabhsú.”

Taispeánadh sa taispeántas lasmuigh ag seastán Teagasc ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta go leor dea-chleachtas feirmeoireachta don chomhshaoil:

- Taispeánadh sa chéad bhanrach próifíl na hithreach, inar léiríodh doimhneacht fréamhaithe ag barra féir agus mustaird agus fadhbanna a bhaineann le bainistiú bhalcadh na hithreach.



Áiríodh ar thaispeántas Teagasc ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta in 2019 puball inar clúdaíodh an réimse leathan gníomhaíochtaí Teagasc sa taighde, comhairle agus oideachas. Ina theannta sin bhí roinnt limistéar taispeána lasmuigh ann inar clúdaíodh táirgeadh, bainistiú ithreach, feabhsú na bithéagsúlachta agus an fhoraoiseacht. Buaicphointe ab ea é nuair a thug an tUachtarán Michael D. Higgins agus a bhean Sabena cuairt ar thaispeántas Teagasc.





- Léiríodh sa dara banrach an chomparáid idir leathadh sciodair le píobán sraoilleach agus leathadh sciodair le steallphláta, agus rinneadh achoimre ar na tairbhí a bhaineann le leasachán úiré cosanta.
- Taispeánadh sa tríú banrach cumhdaigh féir éagsúla agus conas is féidir le táirgeadh agus bainistíocht féir cuidiú le brabúsacht a bharrfheabhsú go hinhuanaithe.
- Taispeánadh sa bhanrach deiridh Bainistíocht Chomhtháite Lotnaidí (IPM). Tarraingíodh aird ar bhearta chun bithéagsúlacht plandaí a chur chun cinn agus chun tacú le líon na mbeach. Taispeánadh freisin an fhoraoiseacht a chomhtháthú i gcórais táirgeachta inbhuanaithe.

## Tacú le slándáil bia idirnáisiúnta

### an Chéinia

Thosaigh saineolaithe déiríochta Teagasc ag obair in 2019 lena gcomhghleacaithe sa Chéinia ar phríomhcheisteanna a mbaineann tábhacht leo don earnáil déiríochta sa Chéinia. Dheonaigh Rialtas na hÉireann maoiniú €1m trína Ambasáid sa Chéinia, agus cuirfidh cuibhreannas Éireannach-Céiniach tús le tionscadal uathúil chruthúnas coincheapa a dhíreofar ar ról na géineolaíochta agus an fharae san fheirmeoireacht déiríochta inbhuanaithe.

## an Aetóip

Tá Roinn Eacnamaíocht Talmhaíochta agus Suirbhéanna Feirme Teagasc ag obair faoi láthair ar thionscadal forbartha san Aetóip i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal leanúint leis an obair forbartha sheanbhunaithe arna maoiniú ag Cúnamh Éireann agus atá ar siúl i gCúige Tigray i dtuaisceart na hAetóipe.

## Vítneam

Tá eacnamaithe Teagasc le tacaíocht deontais ó Chúnamh Éireann ag obair le comhghleacaithe ó Institiúid Beartais agus Straitéise Vítneam um Thalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe (IPSARD) d'fhonn acmhainn taighdeoirí Vítneam a fhorbairt chun samhla cainníochtúla de mhargaí tráchtarraí talmhaíochta a úsáid san anailís ar idirghabhálacha beartais talmhaíochta sna margaí tráchtarraí talmhaíochta.

## an Eiritré

Thug an tAontas Eorpach ceadú foirmiúil do thogra le haghaidh tionscadail slabhra luacha déiríochta san Eiritré, faoi stiúir Teagasc, agus a mbeadh COBÁC, COC, LUKE (an Fhionlainn), Vita, Self Help Africa agus roinnt institiúidí Eiritréacha páirteach ann. Tosóidh an tionscadal an 3 Feabhra 2020 agus maoiníofar é ar feadh tréimhse 50 mí dar luach €4 mhilliún. An togra nua. Leagfar an bhéim ar thrí phríomhchuspóir: (i) nuálaíochtaí nua ar fheirmeacha beaga agus ar feadh an tslabhra luacha le haird ar rannchuidiú beostoic déiríochta; (ii) an cumas tacaíochta taighde, oideachais agus nuálaíochta san Eiritré a neartú; (iii) tionscnaimh nua maidir le fostaíocht don aos óg.



Sa phictiúr tá an Dr. Tom Beresford, an tOll. Gerry Boyle, an tUas. Nguyen Van Hieu - Leas-Aire na hAireachta Pleanála agus Infheistíochta, an Dr. Lance O'Brien, an Dr. Pat Dillon.

# INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL

Rinne Ionad Taighde VistaMilk SFI infheistíocht in 2019 sna chéad chórais in Éirinn chun táirgeadh meatáin ar féarach a thomhas. Is iad na micrea-orgánaigh i bputóg athchogantach cosúil le heallach agus caoirigh a tháirgeann meatán, ar gás ceaptha teasa láidir é. Cé go mbaineann cumas mór maolaithe le hathrú na gcleachtas bainistíochta feirme, baineann cumas ollmhór freisin ar leibhéal an ainmhí aonair inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil araon a fheabhsú.

Sa phictiúr bhí príomhtheicneoir VistaMilk, Katie Starsmore ag bunú an chórais Greenfeed a ceannaíodh le déanaí agus atá lonnaithe i dTeagasc na Cloiche Léithe, na chéad chórais Greenfeed in Éirinn chun meatán a thomhas lasmuigh.





## Clár na nDobharcheantar Talmhaíochta

Ceanglaítear ar Bhallstáit an AE faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a Rialachán Níotráití, faoi Airteagal 5 (6) de Threoir AE maidir le Níotráití. Is faoi réir na Rialachán GAP atá DAFM tar éis a bheith ag faireachán ar éifeachtacht bhearta na hÉireann ó 2008 i leith trína maoiniú suntasach ar an gClár Dobharcheantar Talmhaíochta atá curtha ar fáil ag Teagasc ó bunaíodh é. D'fhógair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D. in 2019 go leanfadh an Clár Dobharcheantar Talmhaíochta (ACP) ar aghaidh go ceann cheithre bliana eile síos go dtí 2023.

Ba é téama chomhdháil Eolaíochta Dobharcheantar 2019 ná “Uisce ardchaighdeán a ghnóthú i dtírdhreacha talmhaíochta éagsúla agus táirgiúla faoi aeráid athraitheach.” Ghabh Andrew Doyle T.D., Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara buíochas leis an 300 feirmeoir sna sé dhobharcheantar as a rannchuidiú chun cumas na hÉireann a léiriú feirmeoireacht a dhéanamh go héifeachtúil, agus glacadh le cineálacha nua cur chuige don fheirmeoireacht lena laghdófar lorg na talmhaíochta ar an gcomhshaol.

Thug an tAire Doyle le fios go bhfuil athruithe suntasacha déanta ag an ACP i mbainistíocht cothaitheach ar fheirmeacha. Tá laghdú tar éis teacht ar líon na bpáirceanna le barraíocht P ithreach acu i gceithre cinn de na dobharcheantair, agus tá méadú tar éis teacht

ar na páirceanna le P an-íseal nó íseal acu; rud a léiríonn laghdú foriomlán i leibhéil P ithreach agus ar a sheal féin laghdú leis an riosca go gcaillfead P san uisce, ar léiriú é den treocht náisiúnta.

Le linn Seachtain na bhFálta Sceach 2019 reáchtáil Teagasc imeachtaí do chonraitheoirí innealra agus d'fheirmeoirí, chomh maith le rannpháirtíocht a fháil ó pháirtithe leasmhara eile ar spéis leo fálta sceach, d'fhoill aird a tharraingt ar an dea-chleachtas i gothabháil na bhfálta sceach ina soláthraítear an timpeallacht oiriúnach d'éin agus do phailneoirí.



Sa phictiúr le Andrew Doyle, TD, Aire Stáit Bia, Foraoiseachta agus Gairneoireachta inniu i gColáiste Teagasc Chill an Dátúnaigh ag seoladh Seachtain Náisiúnta Fálta Sceach Teagasc 2019 bhí an Dr. Catherine Keena, Speisialtóir Teagasc maidir le Bainistiú na Tuaithe; an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc agus Francis Quigley, Speisialtóir Teagasc maidir le hInnealra Feirme

Sa phictiúr ag Comhdháil Eolaíochta Dobharcheantar 2019 bhí: (Ó chlé go deas) Liam Herlihy, Cathaoirleach Teagasc; Jack Nolan, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Per-Erik Mellander, Edward Burgess, Teagasc; Caroline Read, Overseer Ltd, NZ; Andrew Doyle, T.D. Aire Stáit Bia, Foraoiseachta & Gairneoireachta agus Claudia Olazabal, an Coimisiún Eorpach.





## Comhdháil Agra-Chomhshaoil Teagasc

"Is i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an rialtais a leagtar amach na spriocanna dúshlánacha don talmhaíocht: Astaíochtaí a laghdú idir 10% agus 15% faoi 2030; ceapadh carbóin a sheachadadh; agus tacú le héagsúlú lena n-áirítear táirgí bithbhunaithe agus bithfhuinneamh, "a dúirt an Dr. Karl Richards, Ceann na Roinne Taighde Comhshaoil, Ithreacha agus Úsáid Talún i dTeagasc, ag Comhdháil Náisiúnta Agra-Chomhshaoil Teagasc 2019:

Faightear sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide seo go leor de na bearta a sainithníodh i gCuar Costais Laghdaithe Imeallagh Teagasc (MACC), ina ndéantar measúnú ar acmhainneacht laghdaithe réimse beart maolaithe, chomh maith lena gcostais agus buntáistí comhbhainteacha ar ghás ceaptha teasa (GHG) agus astaíochtaí amóinia don tréimhse 2020-2030.

Sainithníodh 14 bheart maolaithe a bheadh tairbheach, neodrach nó éifeachtach ó thaobh costais de in MACC Teagasc do laghdú astaíochtaí talmhaíochta (meatán agus ocsaíd nítriúil). Measadh go laghdófaí na hastaíochtaí faoi 1.85 Mt de choibhéisi dé-ocsaíde carbóin in aghaidh na bliana (CO<sub>2</sub>-e yr-1) idir 2021 agus 2030 mar thoradh ar na bearta sin. Na daoine is mó a rannchuidíonn leis an laghdú; úsáideann siad úiré chosanta, feabhsaíonn EBI déiríochta agus úsáideann leathadh sciodair astaíochtaí ísle.

Ina theannta sin, d'aithin an MACC go bhféadfadh ceapadh carbóin ó fhoraoisiú agus ó bhainistíocht ithreacha orgánacha arda 2.97 Mt CO<sub>2</sub>-e yr-1 eile a bhaint idir 2021-2030 agus uasmhéid 3.25 Mt CO<sub>2</sub>-e yr-1 a ghnóthú faoi 2030. Tá an cumas ag saothrú barr bithbhreosla / bithfhuinnimh agus ag díleá anaeróbach laghdú breise tuairiscithe de 1.37 Mt CO<sub>2</sub>-e yr-1 a sheachadadh faoi 2030, a bhaineann den chuid is mó le díláithriú úsáid breosla iontaise.

Ba í an phríomhtheachtaireacht ó Karl Richards ná gurb eol dúinn an fhéidearthacht don mhaolú, ach tá am teoranta againn anois chun feirmeoirí a spreagadh na gníomhartha a ghlacadh agus maolú a sheachadadh. Tíocfaidh laghduithe níos mó ar ghás ceaptha teasa mar thoradh ar ghníomhartha luatha.



Bernard Harris, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara (DAFM); an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; an Dr. Helen Sheridan, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC); Mary Barrett, Clár Uiscí na nUdarás Áitiúil (LAWPRO) & an Dr. Mary Ryan, Teagasc sa phictiúr ag Comhdháil Náisiúnta Agra-Chomhshaoil Teagasc a bhí ar siúl i gContae Uíbh Fhailí

## Tuilte a léarscáiliú le satailít

Léiríodh in anailís mhórsála 2019 ar thuilte tuaithe an cumas a bhaineann ag sonraí Copernicus ESA saora in aisce méid agus tionchar na dtuilte i gceantair thuaithe a léarscáiliú. Baineadh úsáid as íomhánna Sentinel 1A RADAR chun léarscáileanna mionsonraithe náisiúnta maidir le méid tuilte a léiriú gach 12 lá idir Samhain 2015 agus Aibreán 2016. Rinneadh faireachán leis na léarscáileanna ar athruithe i méid na dtuilte mar fhreagairt ar stoirmeacha aonair thar an tréimhse, agus sainathnóidh iontu na ceantair ina bhfacthas na tuilte is marthanáí. Measadh gurb ionann an t-uasachar tuilte i rith na tréimhse sin agus 24,356 heicteár, agus sainathnóidh tuilte marthanacha (tuilte ocht n-uaire as a chéile nó níos mó) ar thart ar 3,000 ha.

Dar leis an bpríomhúdar an Dr. Rob O'Hara ó aonad Anailíse Spásúla Teagasc: "Soláthraíonn ceantair thuaithe feidhm éiceachórais thábhachtach do bhailte agus cathracha trí chuid mhór de thionchar tuilte an gheimhridh a mhaolú. Féadfaidh soláthar na feidhme sin tionchar diúltach a fheidhmiú ar cheantair thuaithe ámh ar feadh tréimhse nach beag tar éis na dtuilte féin. Tar éis cúlú na dtuilte, is féidir leis na hithreacha faoina mbun fanacht ar maos ar feadh roinnt seachtainí.

"Bhain tionchar suntasach d'fheirmeoirí mar ar ídíodh na stórais farae geimhridh agus nárbh fhéidir féar athsholáthair a innilt. Ba le comhcheangal léarscáil tuilte Sentinel le híomhánna ilspecitreacha ó NASA/Satailít Landsat 8 le Suirbhéireacht Gheolaíochta SAM a chonacthas tionchar na dtuilte marthanacha nó ag deireadh an gheimhridh ar fhás an fhéir earraigh. Sna cásanna ina bhfacthas na hithreacha fós ar maos i mí Aibreáin, léirigh na híomhánna satailíte fás i bhfad níos lú agus níor tháinig siad aniar go dtí na leibhéil ionchais go dtí mí Iúil."



Radharc satailíte ar thuilte ag Droichead na Sionainne.

## Próifílí foirne



Oifigeach Taighde Ainmhithe agus Bitheolaíocht, Teagasc Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe

Is as Contae Mhaigh Eo ó dhúchas don Dr. Fiona McGovern, oifigeach taighde atá lonnaithe i dTeagasc

Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe. Rinne Fiona staidéar ar Eolaíocht Ainmhithe sular chríochnaigh sí PhD i gcothú ainmhithe ó COBÁC sula ndeachaigh sí le Teagasc mar chomhalta taighde iardhochtúireachta.

### Cé hiad mo chuid custaiméirí?

"Mar oifigeach taighde bíonn mo príomhfhócas ar na tosca géiniteacha agus neamh-ghéiniteacha a théann i bhfeidhm ar tháirgeadh i gcórais caorach. Táimse mar bhall d'fhoireann a dhéanann bailíochtú ar innéacs caorach géiniteach máthartha Chaoirigh Éireann a bhfuil sé mar aidhm aige fónacht na n-aithreacha le fiúntas géiniteach ard i dtreáda tráchtála a mheastóireacht trí scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht feidhmíochta caorach, feidhmíocht uan, cáilíocht conblaigh agus fad saoil caorach i measc scoth na n-ainmhithe Éireannacha i gcodarsnacht le scoth na n-ainmhithe Nua-Shéalannach."

Tá Fiona ag fiosrú an chaidrimh freisin idir iontógaíl beatha, aschur meatáin agus géineolaíocht i gcórais caorach. I measc na dtreithe comhshaoil a ndéantar breithniú orthu tá astaíochtaí gáis cheaptha teasa (meatán, amóinia, ocsaíd nítríúil) agus níotráití. Is iad sin na chéad tionscadail taighde ar leibhéal náisiúnta ina ndéantar imscrúdú ar aschur meatáin ó chórais táirgthe caorach ar féarach in Éirinn agus ina scrúdaítear ar deireadh an tionchar a bhíonn ag pórú ainmhithe d'fhiúntas géiniteach ard nó íseal ar "lorg crúibe" comhshaoil an chórais táirgthe.



# Sprioc 3

Éagsúlú an gheilleagair thuaithe a spreagadh agus cáilíocht na beatha sna ceantair thuaithe a fheabhsú



## Sláinte agus Sábháilteacht

Is dúshlán mór d'earnáil na talmhaíochta í sláinte agus sábháilteacht cheirde a fheabhsú mar gheall ar chineál guaiseach na hoibre feirme agus ar phróifíl shocheacnamaíoch na hearnála. Feidhmíonn Teagasc Comhthionscnamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus le heagraíochtaí feirmeoireachta chun sláinte agus sábháilteacht feirme a chur chun cinn. Cuimsítear le clár sláinte agus sábháilteachta ceirde Teagasc (OHS) idir thaighde agus aistriú feasa trí na meáin, oideachas agus oiliúint agus soláthar comhairle.

- Fuair 18 bhfeirmeoir bás in 2019 i dtionóiscí agus iad i mbun oibre, as iomlán de 46 bhás sa láthair oibre, le 11 acu siúd d'aois 65 bliana nó níos sine. Le linn 2019, rinne Teagasc leis an HSA nuashonrú ar a staidéar geo-dhéimeagrafach ar threochtaí timpistí marfacha feirme ón mbliain 2004 i leith. Sa tréimhse trí bliana is déanaí, bhí 46% de bhásanna feirme sa chatagóir 70 bliain nó níos sine, 29% d'aois idir 55-69 agus 25% d'aois 54 bliana nó níos óige. Ba léir an treocht de bhásanna laghdaithe do dhaoine faoi bhun 55 bliana d'aois agus básanna méadaithe thar an aois sin i sonraí an staidéir.
- Reáchtáladh “Eispéireas na Sábháilteachta ar Fheirmeacha”, imeacht inar cuireadh chun cinn an tsábháilteacht ag Feirm Chomhar Éimhín, Buiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann i mí Aibreáin. B'imeacht comhoibríoch é sin idir muintir Uí Mhóráin, Teagasc, IFA, HSA, ICMSA, Comharchumann Arrabawn, FRS Networks, An Garda Síochána, Embrace agus Agri Aware.

Thug an tAire Stáit Bia, Foraoiseachta agus Gairneoireachta Andrew Doyle T.D. cuairt ar an Taispeántas Sábháilteachta Feirme ag Lá Oscailte Náisiúnta Déiríochta Teagasc/FBD i dTeagasc na Cloiche Léithe i mí Iúil 2019. Gné den taispeántas ab ea úsáid na drámaíochta/n-aisteoirí chun tarlú agus iarmhairtí ó thimpiste feirme a léiriú ar bhealach beoite.



An tsábháilteacht feirme a chur chun cinn tríd an amharclannaíocht, ag lá oscailte Déiríochta Teagasc/FBD na Cloiche Léithe '19 i Mainistir Fhear Maí, Co Chorcaí. Sa phictiúr tá Michael Somers, Teagasc, Ciaran Roche, Bainisteoir Riosca FBD, Paul McManus, aisteoir, Brian Howe, Teagasc, Andrew Doyle, T.D., Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara & an tOllamh Gerry Boyle, Stúirthóir Teagasc.

- Bhí mór-thaispeántais Sábháilteachta Feirme ar siúl ag “Barra agus Leatóirí” Lá Oscailte Náisiúnta Curaíochta Teagasc ag Teagasc Pháirc Darach i gCeatharlach i mí an Mheithimh agus ag na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, Fionnmhach, Co Cheatharlach. Reáchtáladh taispeántais agus léirithe Sláinte agus Sábháilteachta ag imeachtaí réigiúnacha Teagasc freisin. Ghlac foireann Teagasc páirt freisin in imeachtaí do “Sheachtain na Sábháilteachta Feirme” de chuid na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann a bhí ar siúl i mí Iúil.
- Moladh do mhic léinn Choláiste Talmhaíochta Teagasc a bheith ina “Seaimpíní Feirme don tSábháilteacht” ag seimineáir a eagraíodh roimh thús an chleachtaidh oibre ar an bhfeirm do mhic léinn i mí Feabhra. Thug íospartach timpiste aitheasc uathu ag na seimineáir, a rinne cur síos ar iarmhairtí a ngortaithe. Tionóladh na seimineáir i gcomhar le HSA, ESB Networks agus le hurraíocht ó FBD Insurance. Méadaítear leis an tsraith seimineár sin sláinte feirme agus oiliúint chuimsitheach le creidiúnú ó QQI a chuirtear ar fáil do mhic léinn.
- Coinníonn Teagasc orthu ag soláthar oiliúna “Cód Cleachtais Sábháilteachta Feirme” d’fheirmeoirí ar bhonn náisiúnta. Soláthraítear modhanna praiticiúla sa seisiún oiliúna leathlae chun oibriú go sábháilte ar fheirmeacha. Forbraíodh é i gcomhpháirt leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), agus téann sé i ngleic leis na guaiseacha réadúla ar fheirmeacha. D’fhreastail 1,700 feirmeoir in 2019 ar chúrsa leathlae arna sholáthar ag Teagasc.
- Bronnadh Cistiú Taighde Spreagthaigh Mhara na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar Theagasc chun cineálacha cur chuige iompraíochta a imscrúdú d’fhonn sábháilteacht feirme a fheabhsú. D’éascaigh an cistiú do cheapachán taighdeora iardhochtúireachta agus beirt Scoláirí PhD Walsh.
- Cuireadh tús le tionscadal nua cheithre bliana in 2019 chun oiliúint shaincheaptha a fhorbairt, a sheachadadh agus a mheastóireacht chun an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thabhairt do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí Teagasc chun dul i ngleic le feirmeoirí ar shaincheistanna sláinte agus sábháilteachta. Faigheann an tionscadal darb ainm “An Feirm Ground” urraíocht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Roinn Sláinte. Seachadfar é i gcomhar leis an Líonra Náisiúnta Forbartha Sláinte na bhFear.
- Cuireann Teagasc Sláinte agus Sábháilteacht Feirme chun cinn go gníomhach trína fhoilseacháin, (Today's Farm, TRresearch, Nuachtlitreacha) agus trí na meáin thalmhaíochta. Baintear úsáid ar leith as na meáin shóisialta mar Twitter, Facebook agus Instagram. Eisíodh ocht bpreasráiteas náisiúnta in 2019, a bhain le mórthionscnaimh, imeachtaí agus tuarascálacha staidéir sláinte agus sábháilteachta ceirde le Teagasc.
- Cheap Teagasc an dara Comhairleoir is Speisialtóir Náisiúnta i Sláinte agus Sábháilteacht Feirme in 2019 d’fhonn acmhainn Teagasc a mhéadú chun

## Positive Mental Health in Farming



**Teagasc**  
AGRICULTURE AND FOOD DEVELOPMENT AUTHORITY

Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta a sholáthar d'fheirmeoirí agus chun freastal ar an ualach oibre taighde atá ag dul i méid.

- Dhámh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (AE OSHA) conradh in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar thodhchaí na Talmhaíochta agus na Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde (OSH) do Theagasc i gcomhar le Leibniz-Institut für Agrartechnik und Bioökonomie eV (ATB), an Ghearmáin agus le hInstitiúid Agranamaíoch na Meánmhara Zaragoza – Ionad Idirnáisiúnta um Ard-Léinn Agranamaíochta na Meánmhara (IAMZ CIHEAM), sa Spáinn. Tá sé i gceist leis an Athbhreithniú lucht ceaptha beartais agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi phríomh-shaincheisteanna a bhaineann le dul chun cinn OSH sa Talmhaíocht san Eoraip.
- Tugadh cuireadh do Speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta Teagasc John McNamara mar Chainteoir ag comhdhála Idirnáisiúnta sa Ríocht Aontaithe agus san Eastóin in 2019. Mar obair leantach ar imeacht na Ríochta Aontaithe eisíodh blag “Cur Chun Cinn Meabhairshláinte i measc Feirmeoirí – Peirspictíocht Chomhairleach Feirme” agus foilsíodh an páipéar “Glacadh sláinte agus sábháilteachta feirme trí athrú innealtóireachta agus iompraíochta” in Iris Agranamaíochta na hEastóine tar éis chomhdháil na hEastóine. Ghlac John McNamara páirt freisin i ngrúpa taighde idirnáisiúnta ar theoiric an bhrú ó thaobh na sábháilteachta feirme de ag Ionad Nua-Eabhrac um Leigheas agus Sláinte Talmhaíochta, SAM.
- Gníomhaíocht COST an AE – Cultúr Sábháilteachta agus Bainistíocht Riosca sa Talmhaíocht (SACURIMA) Is líonra eolaithe é an Ghníomhaíocht sin ó 39 dtír a bhfuil sé mar aidhm aige sábháilteacht feirme a fheabhsú ar fud na hEorpa. Is é an Dr. John McNamara, Speisialtóir Sláinte agus Sábháilteachta Theagasc an Leas-Chathaoirleach air. Léiríodh Moltaí Beartais eatramhacha leis an nGníomhaíocht in 2019.



An Coimisinéir Eorpach um Nuálaíocht, Taighde, Cultúr, Oideachas agus an Óige Mariya Gabriel Uas. (sa lár) agus ó chlé go deas: An tOllamh Risto Rautiainen (Cathaoirleach Gnímh), an Fhionlainn; Kevin Keary, Coimisiún an AE; Anne Marie Heiberg Uas., an Iorua; Petya Stavreva Uas., an Bhulgáir; Helle Birk Domino Uas., an Danmhairg; an tUas. José Rato Nunes, an Phortaingéil; an tUas. Pat Griffin, HSA na hÉireann agus an Dr. John McNamara, Teagasc (Leas-Chathaoirleach Gníomhaíochta).



# AN FHORBAIRT TUAITHE

## Feirmeoireacht Capall

Thug Comhdháil Náisiúnta Eachaí Teagasc 2019 aghaidh ar dhúshláin agus ar dheiseanna san earnáil. Fuair tinreamh láidir comhairle agus léargas ó phainéalaithe oirce Éireannacha, Briotanacha, Beilgeacha agus Dúitseacha. Dúirt Wendy Conlon, speisialtóir eachaí Teagasc: “Tugadh aghaidh ar ábhair éagsúla lenar áiríodh scrúduithe tréidliachta réamhcheannaigh, ról féideartha na bhfoinsí in-athnuaite i bhfiontair eachaí, agus aitheantas á thabhairt don éiginnteacht agus do na príomhdhúshláin féideartha ón mBreatimeacht.”

Reachtáladh ócáid ar ar fhreastail tinreamh chomh mór céanna ag Cooley Farm i gCill Mhantáin inar taispeánadh capaill éagsúla a measadh de bheith an-indíolta agus ábharthacht an mharcaigh oilte agus an chórais táirgeachta ardchaighdeáin. Idir an dá linn, tairgeadh 10 lá oiliúna do phóraitheoirí óga ar fheirmeacha taispeána ardchaighdeáin ar fud na tíre, agus léirigh siad a gcuid foghlama ag comórtais chraobhchomórtais náisiúnta agus domhanda araon.

Bhí Póraitheoirí Óga de Leabhar Graí Capall Spóirt na hÉireann (ISH) san iomaíocht ag na Craobhchomórtais Dhomhanda i mí Iúil. Is comhchlár é Clár Póraitheoirí Óga ISH idir Teagasc agus Leabhar Graí Capall Spóirt na hÉireann de chuid Eachspóirt Éireann atá dírithe orthu siúd atá idir 14-25 bliana d’aois ar spéis leo capaill feidhmíochta a mheasúnú, a thaispeáint agus a phórú.

## Feirmeoireacht orgánach

I mí Eanáir 2019, sheol an tAire Stáit Bia, Foraoiseachta agus Gairmeoireachta, Andrew Doyle T.D. straitéis nua seacht mbliana d’fhorbairt earnáil bhia orgánach na hÉireann. Áirítear leis an straitéis réimse leathan moltaí chun forbairtí réamh-mheasta margaidh don earnáil a chur san áireamh. Bhain ionchur ó raon leathan páirtithe leasmhara tionscail mar aon le próiseas comhairliúcháin phoiblí le forbairt na straitéise.

Bíonn príomhról ag Teagasc in 24 ghníomh sa phlean straitéise a sheachadadh ar fud na n-earnálacha gairmeoireachta, gránach, déiríochta, feola agus éineola. Tar éis seoladh an phlean, bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise don Bhia Orgánach lena n-áirítear ionadaíocht ó Theagasc, agus tuairiscíonn sé go tréimhsiúil ar an dul chun cinn a rinneadh sa Straitéis chuig Coiste Forfheidhmithe Ardleibhéil FW2025.



Sa phictiúr le táirgeoirí agus próiseálaithe gránach orgánach Andrew agus Leonie Workman tá comhairleoir feirmeoireachta orgánaí Teagasc Elaine Leavy (an dara duine ó chlé) agus comhairleoir curaíochta Teagasc Alan McEvoy (ar dheis).

## An Fheirm Theaghlaigh a Aistriú

Reáchtáil Teagasc babhta rathúil eile de na Clinicí Comharbais agus Oidhreachta d'Aistriú na Feirme Teaghlaigh in 2019. Tharla fiche imeacht i seacht nAonad Réigiúnacha idir seachtain deiridh mhí Mheán Fómhair agus an chéad seachtain de mhí Dheireadh Fómhair le níos mó ná 1,000 teaghlach feirme ag freastal orthu. Thapaigh feirmeoirí agus comharbaí an deis comhairle "Duine le Duine" a fháil ó aturnaetha áitiúla, cuntasóirí, speisialtóirí eadrána, faisnéis do shaoránaigh, oifigigh chosanta sóisialta chomh maith le comhairleoirí fiontair Teagasc, agus speisialtóirí Teagasc san fhoraoiseacht, bainistíocht airgeadais agus feirmeoireacht chomhoibríoch.

## Feirmeoireacht chomhoibríoch

Is éard atá san fheirmeoireacht chomhoibríoch ná beirt fheirmeoirí nó níos mó ag obair le chéile i socrú foirmiúil chun comhleasa na ndaoine i gceist. Is é an príomhbhuntaiste a bhaineann le socrú comhoibríoch ná go dtairgeann sé torthaí méadaithe d'fheirmeoirí tríd an gcumas scála a bhaint amach ar chostas caipitil níos ísle; laghdú na gcostas a mhacasamhlaítear idir feirmeoirí; agus comhroinnt riosca. Is féidir le comhfhiontair feirmeoireachta cuidiú le dul i ngleic leis an dúshlán sóisialta a bhaineann leis an tsamhail "feirmeoireachta aonair"; rud a chiallóidh gur slí bheatha níos tarraingtí a bheidh san fheirmeoireacht. Osclaíonn siad freisin an fhéidearthacht an dea-chleachtas feirmeoireachta agus bainistíochta gnó a chomhroinnt. Cheap Teagasc speisialtóir san fheirmeoireacht chomhoibríoch in 2019.

## Comharbas agus oidhreacht

I mí an Mheithimh, i gcomhar leis an RDS, reáchtáil Teagasc Comhdháil Comharbais agus Oidhreachta le cainteoirí náisiúnta agus idimáisiúnta ag tabhairt páipéar a chuir feabhas le tuiscint na bhfachtóirí a fheidhmíonn tionchar ar fheirmeoirí agus ar chomharbaí i réimse an chomharbais. Chuir Brian Leonard, Scoláire RDS-Teagasc Walsh páipéar i láthair "Ceachtanna agus Torthaí óna Thaighde PhD - Dearcadh na hÉireann ar Shoghluaisteacht Talún".

## Monatóir Brabúis

Críochnaíodh os cionn 16,500 Monatóir Brabúis Teagasc san iomlán in 2019 - ca. 8,500 le cliaint Teagasc, agus chríochnaigh sainchomhairleoirí príobháideacha 6,800 do chliaint nár chliaint le Teagasc iad, agus chríochnaigh mic léinn Feirmeoirí Óga agus oideachais aosaiigh beagnach 1,000 díobh.

## Tig leat feirmeoireacht

Ba é cuspóir na hócáide idirghníomhaí seo a tionóladh i gCiarraí (féach pictiúr thíos) feirmeoireacht déiríochta a chur chun cinn mar ghairmréim dhearfach, bealaí éagsúla a léiriú chun éirí i d'fheirmeoir déiríochta agus eolas foriomlán ar fheirmeoireacht déiríochta a mhéadú. Eagraíodh an ócáid sin mar chuid den fheachtas taispeána do thionscadal NEFERTITI. Eagraíodh an ócáid faoi **Thionscadal NEFERTITI Fís 2020** laistigh de Líonra 10 "Mealltacht Feirme: Tig leat feirmeoireacht".



D'fheidhmigh Teagasc, i gcomhar le IASTA (Cumann Múinteoirí Eolaíochta Talmhaíochta na hÉireann), mar óstach ar imeacht "Tig leat Feirmeoireacht" le os cionn 130 mac léinn in Eolaíocht Talmhaíochta ag freastal air.

# EACNAMAÍOCHT

## Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc

Leanann Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc (NFS) ar aghaidh ag soláthar an mheastacháin bhliantúil oifigiúil ar ioncaim a thuilltear ó na príomhfhiontair feirmeoireachta in Éirinn. Is le comhoibriú na bhfeirmeoirí rannpháirteacha a bhailíonn Roinn Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhé Feirme Teagasc sonraí mionsonraithe micreacnamaíocha agus feirme go bliantúil ó shampla ionadaíoch d'fheirmeacha na hÉireann.

Is leis na sonraí mionsonraithe a bhailíonn an NFS a mhúnlaítear an bunús taobh thiar de go leor den anailís eacnamaíoch a fhoilsíonn Teagasc ag a chomhdháil bhliantúil Súil siar agus Súil chun Cinn mar a gcuirtear feidhmíocht eacnamaíoch agus ionchais na bpríomhchóras d'fheirmeoireacht na hÉireann i láthair gach bliain. Ag an gcomhdháil Súil siar agus Súil chun Cinn a tionóladh i mí na Samhna 2019 cuireadh réamhaisnéisí do na príomhchórais feirme go léir i dtalmhaíocht na hÉireann i láthair mar aon le nuashonrú ar anailís eacnamaíoch Teagasc ar thionchar féideartha an Bhreitheachta ar thalmhaíocht na hÉireann agus ar ioncaim feirme.

Ba faoi mhí na Bealtaine gach bliain arbh iondúil go mbeadh meastacháin oifigiúla ó Shuirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc ag an Roinn Eacnamaíochta Talmhaíochta agus Suirbhé Feirme ar na torthaí d'ioncaim thalmhaíochta ón mbliain roimhe sin. Bíodh sin mar atá, chuir bearta éigeandála agus na bearta sláinte phoiblí gaolmhara maidir le COVID-19 isteach go mór ar ghníomhaíocht bailithe na sonraí don Suirbhé Náisiúnta Feirme agus chuir siad moill le tiomsú na dtorthaí do 2019 dá bhrí sin. Is amhlaidh dá réir nach bhfuil sna luachanna ioncaim a thugtar don tuarascáil seo agus garmheastachán, agus tiocfaidh siad faoi réir roinnt leasuithe nuair a fhoilseofar an Suirbhé Náisiúnta Feirme amach sa samhradh 2020.

I bhfianaise na srianta sin, tugann na meastacháin is fearr atá againn le tuiscint gur tháinig méadú thart ar 4% ar an meánioncam feirme teaghlaigh in 2019, agus go bhfuil sé beagán os cionn €24,200 anois. Mar sin féin, tá difríochtaí móra fós ann ó thaobh meánioncaim de ag brath ar an gcóras feirme atá i gceist.

Tháinig méadú ar an meánioncam feirme teaghlaigh ar fheirmeacha “Tógáil Eallaigh” chuig €9,600 measta in 2019, nó méadú 15% ar fhigiúr 2018, leis an titim ar na costais táirgthe agus tacaíocht bhreise don earáil mar na gnéithe ba mhó ba chúis leis sin. Chonacthas titim san ioncam ar fheirmeacha “Eallach Eile”, lena n-áirítear réimse córas táirgeachta eallaigh (e.g. críochnaitheoirí eallaigh), in ainneoin go mbíonn a gcostais ionchuir níos ísle agus go bhfaigheann siad íocaíochtaí díreacha níos airde. Bhí an meánioncam ar fheirmeacha “Eallach Eile” thart ar €14,000 in 2019, ar laghdú faoi 4% ar an bhfigiúr in 2018 é.

Ba ar na feirmeacha déiríochta a chonacthas an méadú ba mhó ar ioncaim in 2019, agus an meánioncam ar fheirm déiríochta gar do €68,000, arbh ionann é sin agus méadú faoi 11% ar ioncam 2018. Tháinig laghdú suntasach ar úsáid dlúthbhianna in 2019 toisc gur tháinig na gnáthdhálaí fáis ar ais tar éis an triomaigh in 2018.

Chonacthas méadú ar ioncaim sna feirmeacha caorach freisin in 2019. Tháinig méadú ar mheánioncam feirme caorach chuig thart ar €14,600, ar mhéadú faoi 10% ar leibhéal 2018 é.

Cé gur tháinig na barra ar fheirmeacha curaíochta aniar in 2019 tar éis na leibhéil ísle a chonacthas in 2018, tháinig laghdú nach beag ar phraghsanna gránach agus cocháin, rud a bhain an tairbhe de na barra feabhsaithe go hiomlán. Meastar gurb ionann an meánioncam ar fheirm curaíochta in 2019 agus tipteall ar €35,500 ar laghdú faoi 13% ar fhigiúr 2018 é.



An Dr. Kevin Hanrahan, an Dr. Jason Loughrey, an tUas. Tom Houlihan, an Dr. Emma Dillon, an tOllamh Gerry Boyle, an Dr. Trevor Donnellan, an Dr. Fiona Thorne, an tUas. Michael McKeon, an Dr. Anne Kinsella.



## An Breatimeacht

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach go foirmiúil an 31 Eanáir 2020, agus faoi láthair tá sí san idirthrímhse a thiofadh chun deiridh an 31 Nollaig 2020. Le linn 2019 thug eacnamaíthe Teagasc faoi thaighde eacnamaíoch ar thionchar ionchasach an Bhreatimeachta. Cuireadh an taighde sin ar fáil don rialtas, agus scaipeadh é ar gheallsealbhóirí tionscail.

Tugadh láithreoireachtaí ar thionchar na gcásanna éagsúla Breatimeachta ar thalmhaíocht na hÉireann agus ar ioncam feirme ag cruinnithe faisnéise Teagasc ConnectEd, seimineáir acadúla in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe agus ag comhdháil a d'eagraigh PwC agus Banc Ceannais na hÉireann "Ar Bhruach an Bhreatimeachta". Tugadh chun suntais i dtaighde eacnamaíoch Teagasc an tionchar mór diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar luach onnmhairí agraibhia na hÉireann, ar ioncam na hearnála talmhaíochta agus ar na hioncaim ar leibhéal na feirme.

## Smaointeoireacht na dearthóireachta

Tá taighdeoirí Teagasc ag tacú le dearadh teicneolaíochta atá dírithe ar an úsáideoir chun rialachas iomchuí a áirithiú maidir le clochlú digiteach na talmhaíochta. Áiríodh leis na tionscnaimh oibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (mar Ghníomhaireacht Íocaíochta), Grúpa Bogearraí agus Córais Teileachumarsáide (TSSG), Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, chun cur chuige "smaointeoireacht na dearthóireachta" a úsáid d'fhorbairt aipe le haghaidh gléas cliste geoichlibeáilte chun tacú le comhlíonadh feirmeoirí le scéimeanna éagsúla; iniúchadh ar úsáid na meán sóisialta chun eolas a mhalartú agus chun dea-chleachtais rialachais sonraí a mhúnlú maidir le húinéireacht, úsáid agus comhroinnt sonraí trí shraith ceardlann náisiúnta ilghníomhaithe "sonraí & eitice" leis na pobail feirmeoireachta, eolaíochta agus agraiteicneolaíochta.

Nasctar le chéile sa chlár taighde iompar feirmeoirí i leith feidhmíocht feirme sa talmhaíocht dhigiteach leis an taighde chun táirgeadh agus úsáid féir a thomhas trí bhreathnóireacht ar an talamh agus trí shamhaltú na freagartha bainistíochta feirme ar an adhaimsir. Buaicphointe amháin ó 2019 a bhain le feidhmíocht eacnamaíoch feirme le linn adhaimsire ab ea an toradh go gciallódh gach lá earraigh fliuch breise ar fheirmeacha déiríochta na hÉireann go gcaithfí 4.42 kg breise de dhlúthbhia a bheathú in aghaidh an ainmhí.

Agus timthriall na feirmeoireachta digítú á chur i gcrích, déantar anailís ar thionchar na feirmeoireachta ar an gcomhshaol le modhanna anailíse spásúla ar dhraenáil feirme, feirmeoireacht le meas ar an dúlra agus léarscáilíú ar ghnáthóga feirme arna stiúradh ag an meaisínfhoghlaim; leis an bhfaisnéis ag fillleadh ar an bhfeirmeoir maidir le hathléimneacht, tionchair agus feidhmíocht.

## Féar mar bhithmhais

Níos mó san fhéar ná de réir dealraimh? Ceist í seo ar thug grúpa speisialtóirí ón Nua-Shéalainn, ón Danmhairg agus ó Éirinn aghaidh uirthi le linn cuairte cheithre lá ar thrí Ionad Taighde Teagasc agus ar Ionad Taighde Bithgheilleagair BEACON in 2019.

Is ó ábhair inmí coitianta a thagann an chúis leis an bplé sin, maidir leis an ngá aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ón talmhaíocht, chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le húsáid fheabhsaithe dár n-acmhainní bitheolaíochta, aitheantas go bhfuil eolas agus eispéiris chomhlántacha ann ar fud na dtrí thír, agus feasacht mhéadaitheach ar na deiseanna a thagann ón mbithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe.

## SKIN

Is príomhpháirtí é Teagasc sa Líonra Eolais agus Nuálaíochta Slabhra Soláthair Gairid (SKIN), tionscadal arna mhaoiniú ag Clár Nuálaíochta Fís 2020 an Choimisiúin Eorpaigh (2017-2019).



Sa phictiúr ag an tríú ceann de thrí Cheardlann Eorpach um Dhúshlán na Nuálaíochta a tionóladh i dTeagasc Bhaile an Ásaigh tá Bridín McIntyre, an Dr. Anne Kinsella, an Dr. Maeve Henchion agus an Dr. Áine Macken-Walsh.

## Comhpháirtíocht Microsoft

Sa phictiúr thíos ag Coláiste Talmhaíochta Teagasc Bhéal Átha hÉis, an Cabhán, tháinig an Coimisinéir Eorpach Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ag an am, Phil Hogan, an 2ú duine ó dheas, le chéile le Teagasc agus Microsoft ag síniú Meabhráin Comhthuisceana (MOU) faoina n-oibreoidh an dá eagraíocht le chéile chun teicneolaíocht talmhaíocht-bhunaithe a fhorbairt chun talmhaíocht na hÉireann ar chur ar aghaidh mar thaca le forbairt agus nuálaíocht na tuaithe.



Taispeántar sa phictiúr ó chlé mac léinn Teagasc, Killian Faulkner; Cathriona Hallahan, Stiúrthóir Bainistíochta Microsoft Ireland; Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; An Coimisinéir Eorpach Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe ag an am, Phil Hogan; agus Noel Prunty, mac léinn Teagasc i gColáiste Talmhaíochta Bhéal Átha hÉis sa Chabhán tar éis Meabhráin Comhthuisceana (MOU) a shíniú lena rollfar amach treoirthionscnamh leathanbhanda tuaithe Airband mar chuidiú chun dul i ngleic leis an nascacht tuaithe.

# FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

## Fuinneamh agus Gnó Tuaithe

Reáchtáladh an ócáid seo i gcomhar le Teagasc agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA), istigh i gCill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair. Is é Seó Fuinnimh agus Gnó Tuaithe Éireann an t-ionad ilfhreastail do na deiseanna is déanaí i bhfuinneamh in-athnuaithe agus i mbainistíocht carbóin chomh maith leis an gcomhairle phraiticiúil maidir le héagsúlú feirme.

## Bithghás

Is é cuspóir foriomlán an Chláir Taispeána Bithgháis Bhig (SBDP) tacú le taispeántas agus le himscaradh díleáiteoirí anaeróbacha feirme ar scála beag. Ní bhfaightear teicneolaíocht an díleá anaeróbach (DA) go forleathan i bPoblacht na hÉireann, in ainneoin gur teicneolaíocht atá ar fáil ar bhonn tráchtála í; agus tá na mílte sampla rathúil de ann go hidirnáisiúnta agus i dTuaisceart Éireann.

Is iad príomhaidhmeanna an taighde an laghdú ar gháis cheaptha teasa ó úsáid DA, an feabhsú ar lorg carbóin feirme agus rannchuidiú an díleáiteáin le riachtanais chothaitheach ithreach do ghnáthfheirm déiríochta a fháil amach. Scaipfead cás-staidéir ar an taispeántas agus ar an taighde tacaíochta trí líonra comhairleoirí agus cumarsáide feirme Teagasc, maille leis na bealaí scaipthe atá ann cheana.

Tá súil ag Teagasc a ghléasra taispeána DA a choimisiúnú sa Ghráinseach laistigh den chéad 12 mhí eile.

## Fuinneamh sa Talmhaíocht 2019

Táthar ag dúil go mbeidh fuinneamh in-athnuaithe ar scála feirme agus pobalbhunaithe mar chuid lármach den bheartas fuinnimh in Éirinn sa todhchaí má táthar chun uailmhianta Phlean an Rialtais don Ghníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh. Reáchtáladh an ceathrú comhdháil agus taispeántas Fuinneamh sa Talmhaíocht i gColáiste Talmhaíochta an Ghoirtín i mí Lúnasa. Ba é Michael Creed, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, a sheol an t-imeacht náisiúnta mór.

Is comhthionscnamh é Fuinneamh sa Talmhaíocht idir Teagasc, Comhairle Contae Thiobraid Árann, IFA agus Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann. Ba é Údarás Fuinnimh

## Próifílí foirne



Is as Baile Mhistéala, Co. Chorcaí, do Shiobhán O'Farrell-Barry; a chuaigh le Teagasc in 1997 agus í ag obair san Oifig Chomhairleach sa Chloch Liath. Bhog sí chuig post mar Oifigeach Foirme i gColáiste

Chill an Dátúnaigh in 2000, agus ansin bhog sí ar ais go dtí an Chloch Liath in 2008, mar a bhfeidhmíonn sí ina ról reatha mar Oifigeach Airgeadais i bhFoireann Airgeadais na nDeontas Taighde.

### Cé hiad mo chuid custaiméirí?

Mar bhall d'Fhoireann Airgeadais na nDeontas Taighde, tugaim tacaíocht do cheannairí tionscadail le bainistíocht airgeadais ar thionscadail atá maoinithe go seachtarach, óna dtionscnamh go dtí an tuarascáil deiridh agus an t-íniúchadh. Ullmhaím agus cuirim éilimh isteach i gcomhréir le treoirlínte na gníomhaireachta maoinithe agus de chuid Teagasc, agus déanaim faireachán ar bhailiúchán maoinithe atá dlite do Theagasc. Is páirtithe inmheánacha agus seachtaracha araon iad mo chustaiméirí.

Is ceannairí tionscadail agus taighdeoirí eile iad mo chustaiméirí inmheánacha a bíonn ag obair ar thionscadail mhaoinithe, chomh maith le foirne eile laistigh den Roinn Airgeadais. Is ionann mo chustaiméirí seachtaracha agus na gníomhaireachtaí maoinithe éagsúla a mbíonn Teagasc ag plé leo, in éineacht le hinstiúidí taighde eile mar ollscoileanna, in Éirinn agus thar lear araon. Cinnteoidh mé go gcoinnítear ceisteanna, pointí iniúchta agus costais dhiúltaíthe chomh híseal agus is féidir, agus go n-éilíonn Teagasc an t-uasmhéid maoinithe sheachtaracha dá bhfuil ar fáil.

Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) príomh-urraitheoir an imeachta. Cruthaíonn Fuinneamh sa Talmhaíocht feachtas ar na buntáistí a bhaineann le teicneolaíochtaí in-athnuaithe do ghnó na feirmeoireachta.

Tugadh an deis in airéine na nAgra-todhchaíochtaí don lucht freastail breathnú ar an agraiteicneolaíocht is déanaí, deis na feithiclí leictreacha is déanaí a thriail chomh maith le breathnú ar an lódaire Kramer atá go hiomlán leictreach. Bhí níos mó ná 60 taispeántóir sa halla taispeána, agus bhí bús mór ann, agus ionadaíocht ann ó gach réimse; grianchumhacht fhótavoltach, gaoth, bithmhais, airgeadas agus comhairleacht.



# Sprioc 4

Inniúlacht eagrúcháin a  
fheabhsú agus luach ar airgead  
a sheachadadh



# STRAITÉISE CHUMARSÁIDE

Chuir Teagasc straitéis chumarsáide agus rannpháirtíochta inmheánach i gcrích in 2019. Tá sí bunaithe ar theachtaireacht shoiléir don fhoireann - "Is fúmsa an difríocht a dhéanamh" - agus baineann cúig phríomhchuspóir léi:

- a áirithiú gur feasach don fhoireann i gcónaí cad atá an eagraíocht ag iarraidh a bhaint amach,
- rannpháirtíocht agus nuálaíocht a spreagadh trí smaointe agus tuairimí a chomhroinnt,
- cabhrú leis an bhfoireann tuiscint a fháil ar thábhacht an ról a fheidhmíonn siad féin agus a gcomhghleacaithe san eagraíocht níos leithne,
- tionchar na heagraíochta agus éachtaí na mball foirne aonair a aithint agus a cheiliúradh mar ghnáthamh laethúil
- tacú agus treisiú le ráiteas soiléir maidir le Luachanna Daoine Teagasc go bhfuil sé mar aidhm againn go léir iad a chleachtadh inár saol oibre.



Sa phictiúr ag an seoladh tá Martina Donnelly, comhalta d'Údarás Teagasc, Alan Phelan, an tOllamh Gerry Boyle, Siobhan Culleton, Cathaoirleach Teagasc Liam Herlihy.

## Comhionannas agus Cearta an Duine

Bíonn sé d'fhreagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Is oibleagáid dhlíthiúil é sin, ar a dtugtar Dualgas na hEanála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine, agus tháinig sé ó Alt 42, an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Tá na dualgais sin tar éis a bheith mar chuid de dhlí na hÉireann ón mbliain 2014 i leith.

Is oibleagáid leanúnach ar chomhlachtaí poiblí é an dualgas, nach foláir é a ionchorprú mar chuid de thimthriall pleanála straitéisí foriomlán na heagraíochta. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta agus ar siúl ar roinnt tionscnamh mar chuid de na tionscadail Inscne agus Éagsúlachta a mbeidh tionchar dearfach acu ar chearta daonna dár bhfoireann, iarrtar ar chomhlachtaí poiblí freisin “cuntas a thabhairt freisin ar a gcuid gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar thionchar a saothair ar chearta daonna agus ar chomhionannais faoi mar a bhaineann sé le baill an phobail, le daoine a úsáideann a gcuid seirbhísí, agus lena bhfoireann, ina dtuarascáil bhliantúil”.

Cé go bhfuil Teagasc tar éis a bheith ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna rochtana ar fhoirgnimh mar chuid de na tionscadail foirgneamh, go bhfuil sé ag tacú le mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu agus leis na daoine is leochailí dár gcliaint, ní dhearnadh measúnú foirmiúil ar chearta daonna eile ar n-úsáideoirí seirbhíse chun a fháil amach an bhfuil easnaimh sna seirbhísí a sholáthraímid. Déanfar dul chun cinn air sin in 2020.

## An Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta

Bhuail an Coiste Comhpháirtíochta Náisiúnta le chéile cúig huairé in áiteanna éagsúla Teagasc in 2019. Bhí an deis ag ionadaithe foirne ag an gComhpháirtíocht Náisiúnta athbhreithniú a dhéanamh le linn 2019 ar dhoiciméid bheartais agus straitéisí don eagraíocht sular foilsíodh an leagan deiridh lena n-áirítear an beartas TCI, an Beartas um Úsáid Inghlactha TFC, an Beartas um Chumhdach Leanaí agus an Straitéis Chumarsáide Inmheánach.

Bunaíodh Grúpaí Oibre Comhpháirtíochta chun cúnaimh le leabú an chórais Sláinte & Sábháilteachta nua, agus chun moltaí maidir

le Cothromaíocht Saoil agus Oibre a mheas. Bhí gá le tuilleadh breithnithe ar mholtaí um Chothromaíocht Saoil agus Oibre, agus cuireadh an obair ar aghaidh isteach sa bhliain 2020. Mheas an fhoireann go raibh tabhairt isteach an chórais H&S an-dearfach, agus bhunaigh an grúpa oibre bearta iomadúla chun cúnaimh le baill foirne na bealaí nua oibre a leabú agus rannchur le rath an chórais i dTeagasc. Lean Grúpa Oibre um Oideachas Comhpháirtíochta ar aghaidh ag reáchtáil dhá chruinniú in 2019 chun ábhair éagsúla i réimse an Oideachais a phlé.

Ceapadh Martina Donnelly mar chomhchathaoirleach nua ar an gCoiste Comhpháirtíochta Náisiúnta i mí na Samhna 2019, tar éis do Joseph Larkin scor den ról agus de Theagasc.

## Airgeadas

Thacaigh an Roinn Airgeadais in 2019 le feabhsú leanúnach ar bhainistíocht airgeadais i dTeagasc. Tá an cumas buiséadaithe i dTeagasc ag teacht chun cinn agus ag aibíú le tacaíocht na Roinne Airgeadais. Cuireadh oiliúint i mbainistíocht airgeadais ar fáil do Phríomh-Imscrúdaitheoirí taighde, agus thacaigh an Roinn Airgeadais le glao RTBM le 72 buiséad tionscadail. Cuireadh tús le dáileadh uathoibríoch tuarascálacha airgeadais rialta ar bhainisteoirí. Aontaíodh agus cuireadh próisis chaighdeánacha maidir le bailiú fiach chun feidhme.

## An Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Thug Teagasc an córas Sláinte & Sábháilteachta nua isteach in 2019, a cuireadh chun feidhme ar fud na láithreacha go léir. Cuireadh Céim 1 i gcrích d'uasghrádú mór ar bhonneagar Wi-Fi Teagasc, agus tá Wi-Fi ar fáil anois i ngach oifig. Tugadh isteach iarratais agus torthaí ar líne chuig gach cúrsa coláiste le tionscadal athsholáthair an Chórais Bhainistíochta Mac Léinn. Rinneadh tástáil ar chóras nua um Bainistiú agus Billeáil Caidrimh le Custaiméirí, agus beidh sé réidh lena chur chun feidhme sa bhliain 2020. Choinnigh Teagasc air freisin ag infheistiú in uasghrádú na nasc sonraí ardluais chuig a champais níos mó.

## Lá Idirnáisiúnta na mBan

D'fhreastail os cionn 120 ball foirne ar an gceardlann léargas gairmréime agus ar an ócáid líonraithe ag Teagasc na Cloiche Léithe chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh i mí an Mhárta. Tagann sé sin sna sála ar an gcomhdháil foirne ar Inscne agus Éagsúlacht a tionóladh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan in 2018.

Dhírigh imeacht Balance for Better i mbliana, ar ar fhreastail comhghleacaithe idir fhir agus mhná, ar léargais ghairmréime a chomhroinnt agus ar an gcaoi chun tacú níos fearr le tallann bhaineann ar fud na heagraíochta.

Tar éis roinnt láithreoireachtaí spéisiúla ó chomhghleacaithe agus ó chainteoirí seachtracha, labhair Judith Spring ó Choláiste Kingstown faoin gclár Teagasc Ceannaireacht ón Taobh Istigh, agus d'éascaigh do cheardlann dar theideal "Céard atá dár gcoinneáil siar?".

## Cairt Custaiméirí Teagasc

Críochnaíodh in 2019 bileog nuashonraithe Chairt Custaiméirí Teagasc agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí nua don tréimhse 2019-2021.

- Déantar achoimre sa Chairt Custaiméirí ar an leibhéal seirbhíse a bhfuil sé mar aidhm againn a sholáthar dár gcustaiméirí seachtracha; agus déantar cur síos inti ar ár nós imeachta um ghearáin ó chustaiméirí.
- Leagtar amach réimse tionscnamh sa Plean Gníomhaíochta Custaiméirí a bhfuil sé mar aidhm acu cur leis an dul chun cinn a baineadh amach le blianta beaga anuas. Soláthraítear creat ann chun caighdeán ár seirbhíse do chustaiméirí a thomhas, a thuairisciú agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

## Maoiniú i gcomhair taighde

Fuair Teagasc maoiniú €3.7 milliún i gcomhair taighde ó Chlár Horizon 2020 an Choimisiúin Eorpaigh in 2019. I gcomparáid leis na heagraíochtaí taighde agus na hollscoileanna

uile ar fud na hEorpa, tá Teagasc sa chúigiú háit maidir le líon na dtionscadal ar bronnadh maoiniú orthu sa réimse agraibhia den mhaoiniú Eorpach ó cuireadh tús le Horizon 2020 sa bhliain 2014.

Tá cóipeanna den bhileog nua um Chairt Custaiméirí ar fáil don fhoireann agus do chliant ag deasca fáilte Teagasc.



Thug bail de Chomhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht cuairt ar Theagasc na Cloiche Léithe i mí Feabhra 2019. Sa phictiúr ó chlé go deas; an Dr. Mark Felon, an Dr. Michael O Donovan, Teagasc,, an tUas. Jackie Cahill T.D. agus Leas-Chathaoirleach; an Seanadóir Tim Lombard, an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; an tUas. Pat Deering, T.D. agus Cathaoirleach, an Seanadóir Paul Daly, an tUas. Kevin O Keeffe T.D., an Dr. Pat Dillon, an Dr. Donagh Berry Teagasc.



## An Clár um Rannpháirtíocht Daoine

Chuir Teagasc tús le mórfheachtas feasachta inmheánach in 2019 ar inbhuanaitheacht “An Clár um Rannpháirtíocht Daoine”, lena n-áirítear laghdú ar ídiú fuinnimh agus ar dhramhaíl, athchúrsáil a mhéadú, plaistigh aonúsáide a dhíothú agus uisce a chaomhnú. Tá foireann feasachta fuinnimh curtha ar bun chun oibriú le soláthraithe leictreachais, dramhaíola, lónadóireachta agus eile ag Teagasc chun inbhuanaitheacht a fheabhsú.

Tá Cosantóirí Glasa Áitiúla tar éis teacht aníos i ngach suíomh de chuid Teagasc; is daoine iad sin atá ag iarraidh a gcion féin a dhéanamh trí thionscnaimh inbhuanaitheachta a chur chun cinn sa láthair oibre agus trína gcomhghleacaithe a spreagadh agus a fhostú chun a dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

## Tairseach nua d’earcaíocht ar líne

Sheol Roinn Acmhainní Daonna Teagasc tairseach nua le haghaidh earcaíochta ar líne (Tairseach Deiseanna Teagasc - TOPjobs). Chun iarraitas a dhéanamh ar fholúntais phoist i dTeagasc sa todhchaí, caithfidh próifíl a bheith ag iarthóirí ar TOPjobs agus caithfidh siad a n-iarraitas a chur isteach ag baint úsáide as an tairseach. Is tairseach so-úsáidte agus idirghníomhach é TOPjobs, agus áiríteofar seirbhís níos éifeachtúlaí d’iarthóirí agus do bhainisteoirí leis.

## Shínigh Teagasc agus TNO Meabhrán Comhthuisceana

Shínigh Teagasc agus TNO, ionad nuálaíochta teicneolaíochta na hÍsiltíre, Meabhrán Comhthuisceana (MoU) i láthair Ambasadóir na hÍsiltíre, AO an tUas. Adriaan Palm, i gCeannoifig Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach, i mí Aibreáin.



Sa phictiúr ag síniú meabhráin comhthuisceana (MoU) idir Teagasc agus Eagraíocht na hÍsiltíre um Thaighde Eolaíochta Feidhmeach (TNO) tá, ó chlé: an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc, Ir. Berry Vetjens, Stiúrthóir Margái, TNO agus AO an tUas. Adriaan Palm, Ambasadóir na hÍsiltíre chun na hÉireann.

## Seachtain na hEolaíochta

Le linn Sheachtain na hEolaíochta le Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) i mí na Samhna reáchtáladh “Féile Feirmeoireachta agus Bia” Teagasc in ionaid ar fud na tíre. Le beagnach 30 imeacht ar siúl thar ocht gcontae, idir cheardlanna do scoileanna, laethanta oscailte, thaispeántais agus léachtaí poiblí.



Ba é an téama do Sheachtain na hEolaíochta 2019 ná “Gníomhú ar son na hAeráide” agus cuimsíodh an téama sin síos trí chlár na n-imeachtaí chun cabhrú le daoine an t-athrú aeráide a thuiscint, conas is féidir leis an eolaíocht agus an teicneolaíocht cuidiú le todhchaí dhearfach aeráide a chruthú agus an tionchar ar féidir le daoine a imirt ar an athrú aeráide.

Seo a leanas cuid de na himeachtaí:

- Ag Teagasc na Gráinsí sa Mhí, tháinig Teagasc le chéile le hOifig Sláinte agus Sábháilteachta Bia an AE don léacht phoiblí “Antaibheathaigh, Sláinte Ainmhithe agus Gníomhú ar son na hAeráide”, faoi chathaoirleacht an Aire Gnóthaí Eorpacha, Helen McEntee, T.D.
- Reáchtáil Teagasc Bhaile an Ásaigh ócáid “Slisne na hEolaíochta” i Leabharlann Bhaile Bhlainséir in aice láimhe, Baile Átha Cliath, ag ar casadh taighdeoirí eolaíochta Teagasc i réimsí an bhia, na gairmeoireachta agus na heolaíochta spásúla ar an lucht freastail.
- I dTeagasc na Cloiche Léithe, Mainistir Fhear Maí, d’óstáil an láithreoir teilifíse Kathriona Devereux ócáid “Eolaíocht 60 Nóiméad” dar theideal “Bia don Todhchaí: Eolaíocht na hInbhuanaitheachta agus an tAthrú Aeráide” ina bhfacthas taighdeoirí Teagasc.

An Dr. Maria Hayes, Teagasc Bhaile an Ásaigh, in éineacht le cuairteoirí óga na Seachtaine Eolaíochta ag imscrúdú earraí bÁCáilte lena n-áirítear algaí mara sláintiúla.



## Caisleán Bhaile Sheonach

Oslaíodh Eastát, Músaem agus Gairdíní Chaisleán Bhaile Sheonach go foirmiúil don phobal ag tús mhí Lúnasa. Go nuige seo, rinneadh athchóiriú ar ocht gcinn de sheomraí an chaisleáin. Tá an t-athchóiriú mar chuid de thionscadal cheithre bliana chun Eispéireas nua a chruthú ar Eastát, Músaem agus Gairdíní Chaisleán Bhaile Sheonach.

“Tugtar léargas sna seomraí athchóirithe den chaisleán ar an saol thuas staighre agus thíos staighre istigh sa chaisleán. Áirítear leis sin tollán seirbhíseach 86 méadar ar fhad a shíneann faoi thalamh ón teach feola go dtí na cistineacha, na cistineacha féin, íoslach fíona, Halla na nAspal mórthaibhseach, leabharlann agus seomra bia lena síléalacha snoite 3T agus an parlús mór agus seomra leapa ar an gcéad urlár”, Tom Doherty, Príomhoifigeach Oibríochtaí, Teagasc. Bíonn rochtain ag cuairteoirí freisin ar thaispeántais spéisiúla Mhúsaem Talmhaíochta na hÉireann.

Cé gur le Teagasc fós an t-eastát ina iomláine, beidh an caisleán agus na gairdíní á ligean ar léas d’iontaobhas Oidhreacht na hÉireann ar feadh 10 mbliana; agus is iadsan a oibreoidh an taitneamhacht. Ba í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (€5.0m) agus Fáilte Éireann (€2.5m) a sholáthair an maoiniú chun an caisleán a athchóiriú agus do na háiseanna nua eile.

## Tuarascáil fuinnimh

Feidhmíonn Teagasc as 55 ionad príomha ar fud na tíre de scálaí éagsúla ó mhéid Campais go dtí oifigí Comhairleacha beaga áitiúla, agus miondealaítear na láithreacha ina;

- 10 gCampas Mhóra ar an meán ag díreach faoi bhun 6,000m<sup>2</sup> d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe
- 45 Oifig Chomhairleach ar an meán ag díreach faoi bhun 340m<sup>2</sup> d'achar urláir cóireáilte/oiriúnaithe

D'ídigh Teagasc 26,112 MWh d'fhuinneamh in 2019, ar laghdú faoi bheagnach 3% é ar a ídiú thiar in 2018. Is féidir miondealú a dhéanamh air sin mar seo a leanas:

- 10,964 MWh leictreachais (42% den fhuinneamh iomlán);
- 10,058 MWh de bhreosla iontaise chun spásanna a théamh (38.5% den fhuinneamh iomlán);
- 4,439 MWh de bhreosla feithicle, lena mbaineann talmhaíocht, iompar tráchtála agus flít carranna (17% den fhuinneamh iomlán);
- 660 MWh de bhreoslaí in-athnuaite (2.5% den fhuinneamh iomlán - ní thugtar san áireamh leis an bhfigiúr sin cion an leictreachais cheannaithe a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite nó eilimint an bhreosla in-athnuaite de bhreoslaí iompair ceannaithe).

Is i dtimpeallacht thógtha Teagasc a ídítear an chuid is mó den fhuinneamh, ag freagairt do thart ar 83% den ídiú iomlán; agus tá Teagasc ag déanamh suirbhéanna ar oiriúint a fhoirgneamh go léir lena múnlófar forbairt agus cur chun feidhme ar chlár uasghrádaithe foirgneamh. D'fhorbair Teagasc plean gníomhaíochta fuinnimh agus píblíne tionscadal mar thoradh ar chlár iniúchta fuinnimh straitéiseach.

Leantar ar aghaidh ag seachadadh roinnt tionscadal, mar insliú, suiteálacha caidél gréine agus teasa, barrfheabsú na rialtán Téimh, Aerála agus Aerchóirithe (HVAC) & uasghráduithe an Chórais Bhainistíochta Foirgníochta (BMS) ar fud na heagraíochta, de réir mar a chuirtear maoiniú ar fáil. Tá tús curtha le clár iarfheistithe soilsiú LED ar fud an ghrúpa freisin, rud a thabharfaidh laghduithe astuithe carbóin timpeall ar 700t/sa bhliain nuair a sheachadfar é.



Sa phictiúr tar éis síníú comhaontaithe chun Ionad Forbartha Déiríochta Inbhuanaithe na Síne-na hÉireann a bhunú i mBéising i mí na Bealtaine tá ó chlé go deas: An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir, Teagasc; An tOllamh Alexander Evans, Déan na Talmhaíochta, COBÁC; Michael Creed, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara; Han Changfu, Aire Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe, an tSín; An tOllamh Qin Yuchang, Ard-Stiúrthóir, Institiúid Eolaíochta Ainmhithe, Acadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne; Ma Ying Uasal, Ard-Rúnaí agus Leas-Stiúrthóir, Institiúid Eolaíochta Ainmhithe, Acadamh Eolaíochtaí Talmhaíochta na Síne agus an tOllamh Frank O'Mara, Stiúrthóir Taighde, Teagasc.



# AITHEANTAS D'ÉACHTAÍ

## Tugann COC aitheantas do cheannairí den scoth

Bhronn Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Dochtúireacht Oinigh Eolaíochta ar Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle.



Sa phictiúr tar éis searmanas bronnta na ngradam tá an tOllamh Gerry Boyle, Daragh Horgan, Rena Buckley, Siobhán Talbot agus Marty Meehan.

## Acadamh Ríoga na Sualainne

Cheap Acadamh Ríoga Talmhaíochta agus Foraoiseachta na Sualainne (KSLA) an tOllamh Tom Kelly, Stiúrthóir um Aistriú Feasa i dTeagasc, mar Chomhalta Idirnáisiúnta de rannán Ginearálta an Acadaimh. Reáchtáladh an searmanas bronnta istigh i Stócólm i mí Eanáir, agus tá sé mar aitheantas do shaothar an Ollaimh Kelly chun talmhaíocht agus ceantair thuaithe na hEorpa a fhorbairt.



An tOllamh Tom Kelly (ar chlé) sa phictiúr le Eva Pettersson, Ard-Rúnaí agus Stiúrthóir Bainistíochta an KSLA, (Acadamh Ríoga Talmhaíochta agus Foraoiseachta na Sualainne) agus Shane Hamill, Bainisteoir Trádála, Bord Bia (Oirthuaisceart na hEorpa).

## Acadamh Ríoga na hÉireann

An tOllamh Catherine Stanton, Ionad Taighde Bia Teagasc, An Chloch Liath, duine de na 27 comhalta nua d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Sa phictiúr ag fáil a scrolla ón Ollamh Peter Kennedy, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann.



## Gradam Boinn Óir



Is é an tUas. Dermot McCarthy (Ceann na Seirbhísí Comhairleacha) buaiteoir Ghradam Boinn Óir 2019.

Chuaigh Dermot isteach sa Roinn Talmhaíochta in 1979, ónar ghlac sé post in ACOT agus bhí sé ar dhuine de na príomh-speisialtóirí bainistíochta feirme le linn tabhairt isteach na gcúoltaí bainne.

Le linn na tréimhse sin, bhí Dermot ina phríomhthacaíocht do chomhairleoirí i bhforbairt seirbhísí airgeadais d'fheirmeoirí, lena n-áirítear anailís ar chuntais chánach, córais faisnéise bainistíochta déiríochta agus mairteola agus leaganacha luatha de na huirlisí pleanála Monatóir Brabúis agus Finpack.

Ceapadh Dermot in 1996 mar Phríomhchomhairleoir Déiríochta agus bhí sé i gceannas ar an bhfoireann Speisialtóirí Déiríochta tráth a leabaíodh comhchláir le comhpháirtithe sa tionscal déiríochta mar chomhpháirt ríthábhachtach chun tacú leis an earnáil déiríochta. Ghlac sé post mar Stiúrthóir Cúnta Seirbhísí Comhairleacha Theas in 2005, agus ceapadh é in 2010 mar Cheann na Seirbhísí Comhairleacha le freagracht as gach réigiún.

Comhghairdeas le Dermot agus leis na hainmnithe eile: John Hogan (Bainisteoir Feirme i bPáirc na Darach), Anne Birch (Fáilteoir na Ceannoifige) agus Jim Grant (Staitisteoir, Stiúrthóireacht Taighde). Staitisteoir).



## Seimineár Comhaltachtaí Walsh Bliantúla Teagasc

Ba í Hazel Rooney Comhalta Walsh Teagasc foriomlán na bliana in 2019. Ba í an Buaiteoir den “Cur i láthair ó bhéal is fearr agus buaiteoir Boinn Óir Teagasc” ag seimineár bliantúil Chomhaltacht Walsh Teagasc. Gerry Boyle agus Hazel Rooney. Ar dheis sa phictiúr: An tOllamh Gerry Boyle agus an Dr. Hazel Rooney.



## Gradam do Leas Ainmhithe

Ba í an Dr. Laura Boyle, Oifigeach Sinsearach Taighde ag Teagasc, a fuair gradam 2019 ón British Society of Animal Science (BSAS) agus ón Royal Society for the Prevention of Cruelty to Animals (RSPCA) as Forbairt Nuálach i Leas Ainmhithe, a bronnadh ag Comhdháil Bhliantúil BSAS i nDún Éideann.

## Gradam Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

An Dr. Orla O'Sullivan, Ionad Taighde SFI Microbiome Ireland APC agus Ionad Taighde Vistamilk SFI, Teagasc ag fáil gradaim SFI um Thaighdeoir Luaith-ghairmréime na Bliana 2019 ón Ollamh Mark Ferguson Ard-Stiúrthóir SFI (ar dheis) agus an tOllamh Paul Ross, COC.





## Eolaí Óg BT

Ba é an mac léinn ó Chontae na hIarmhí Charlie Drumm buaiteoir an ghradam Teagasc ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019. Ba é an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Theagasc a bhronn an gradam air. D'fhorbair Charlie an córas Freshgraze - fál soghluaiste uathobrithe néalrialaithe do bheostoc.


Ciallaíonn an gléas Freshgraze nach bhfaigheann na ba riamh deis siúl ar an bhféar úr ach beidh féar úr ar fáil dóibh i gcónaí. Is féidir leis an bhfeirmeoir leithdháileadh an fhéir a athrú go héasca ag am ar bith i rith an lae óna fhón cliste.



## Rath eachaí

Bhí Rosemary Gaffney (Stiúrthóir an Chúrsa Eachaí, Coláiste Chill an Dátúnaigh) mar bhall d'fhoireann bhuacach Pharai-eachraíochta na hÉireann ag Camchuairt Dhomhanda Seaimpíní Longines san Eachléim in Doha, Catar, i mí an Mhárta 2019. Bhuaigh Rosemary agus a triúr comhfhoirme an triúr háit ag an CHI Al Shaqab, ceann de na himeachtaí is mó le rá ar an bhféilire eachaíochta idimáisiúnta.





Tuarascáil an Údaráis agus  
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite  
Don bhliain airgeadais dar  
críoch an 31 Nollaig 2019

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

CLÁR NA nÁBHAR	Leathanach
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	67
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS	69
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH	75
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS	77
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH	78
RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS STAID AIRGEADAIS TEAGASC	79
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	80
RÁITEAS Ó TEAGASC AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ	81
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID	82
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE	83 - 110



## TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar a éilítear le halt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas comhdhlúite ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid airgeadais an Ghrúpa agus Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí Teagasc
- ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar acmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus Teagasc amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar ioncam agus caiteachas an Ghrúpa do 2019 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Teagasc agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam ar aon dul leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

### Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile.

Sholáthair Teagasc faisnéis eile áirithe in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ábhair eile áirithe ar a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988
- chun a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach, cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh nó ná bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm le halt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Teagasc agus chun tuairiscí orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á chur chun feidhme dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaíocht nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní rátháíocht é go mbraithefear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann le hiniúchadh arna chur chun feidhme de réir na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaíocht nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí ar nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam:

- sainaitheam agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais bíodh mar gheall ar chalaíocht nó earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca gan míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaíocht a bhrath níos airde ná míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid a bhrath, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh seo d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an

ghnóthas leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur i gcumas Teagasc leanúint mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcóis le Teagasc a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chluáidítear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, trí sin a dhéanamh, breithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhsheasmhach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le mo chuid eolais arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá cumar air ar shlí eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má dhéanaim conclúid, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhír a thuairiscí.

### Tuairiscí ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## RIÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Rialachas

Bunaíodh Údarás Teagasc faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Leagtar feidhmeanna an Údaráis amach sa Chéad Sceideal den Acht sin. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le saincheisteanna príomhghnó uile. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil Teagasc. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann an treo ginearálta straitéiseach a leanúint a leagann an tÚdarás amach agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Údaráis ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus lucht bainistíochta Teagasc.

### Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach san Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, ina bhfuil cúrsaí freisin atá coimeáda le sainiúil le haghaidh chinneadh an Údaráis. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha na gcoistí,
- tuarascálacha airgeadais/ cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Éilítear le halt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, in éineacht le I.R. Uimh. 418 de 2011, ar an Údarás gach gnáthchuntas cuí a choinneáil ar airgead a fhaigheann nó a chaitheann an tÚdarás, i cibé foirm a ordóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Údarás Teagasc:

- beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a shonnú cé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a bhí nochta agus atá mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chúil chuntasaíochta a choimeád lena nochtar, le cruinneas réasúnta, staid an Údaráis ó thaobh airgeadais de ag aon am, agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcoíonn na ráitis airgeadais le halt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil agus macántacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin Teagasc.

Ó mhí an Mhárta 2020, tá nua-thréithchineál coróinvíris (Covid-19), agus na bearta a ghlac an Rialtas chun a thionchar a mhaolú, ag dul i bhfeidhm go mór ar ghníomhaíocht Teagasc. Tá an tÚdarás ag coinneáil súil ghéar ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bpaindéim ar na buiséid, na sreafaí airgid agus na rioscaí gaolmhara don bhliain 2020. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Teagasc d'fhonn a chinntiú go mbíonn oibríochtaí ag teacht le treoirínte reatha na n-údarás sláinte, ar gá iad chun sláinte na foirne, na mac léinn agus na gcliant a chosaint, agus leanúnachas gnó a chinntiú.

Rinneadh na rioscaí a bhaineann le Covid-19 a mheas agus a dhoiciméadú ar chlár riosca, atá á athbhreithniú ag an Lucht Ardbhainistíochta ar bhonn leanúnach.

Meastar go mbeidh roinnt de na foinsí ioncaim atá ag Teagasc gann ar na hionchais bhunaidh do 2020 agus, dá réir sin, tá cur chuige an-aireach á ghlacadh i leith caiteachais. Is ón Stát a thagann an chuid is mó d'ioncam Teagasc, bíodh sé mar Dheontas i gCabhair, maoiniú do thionscadail taighde nó deontais eile. Amhail dáta sínithe na ráiteas airgeadais, níl cosúlacht ar bith ar an scéal go bhfuil an maoiniú stáit a thugtar do Teagasc i mbaol. An t-athbhreithniú ar ioncam a rinneadh mar gheall ar Covid-19, thug sé le fios gur féidir an riosca a bhainistiú. Is ar an Údarás atá an fhreagracht as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais comhdhlúite do gach bliain airgeadais. Tá an tÚdarás den tuairim gur cuí go fóill glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile.



# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tuairim sin bunaithe ar réamhaisnéisí ioncaim, caiteachais agus sreabhaidh airgid maidir le tréimhse dhá mhí dhéag ó dháta sínithe na ráiteas airgeadais, ar réamhaisnéisí iad a léiríonn nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Teagasc a dhliteanais a sheasamh nuair a bheidh siad dlite. Bunaithe ar an bhfaisnéis uile atá ar fáil don Údarás agus ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil leis go leanfaidh na cúrsaí oideachais, tionscadail taighde agus seirbhísí comhairleacha ar aghaidh, measann an tÚdarás é a bheith inmhharthana go leanfaidh bonn an ghnóthais leantaigh sna blianta airgeadais amach romhainn.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean gnó agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Teagasc trí thagairt don phlean gnó agus buiséad bliantúil an 4 Márta 2020.

Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaóis agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach agus cóir le ráitis airgeadais Teagasc ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Teagasc amhail an 31 Nollaig 2019.

### Athbhreithniú ar fheidhmíocht an údaráis

Rinneadh measúnú feidhmíochta seachtrach in 2019 ar an gcaoi a bhfeidhmíonn Bord Teagasc.

### Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deich ngnáthchomhalta, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Is iondúil go gceaptar comhaltaí chun an Údaráis go ceann tréimhse cúig bliana (agus féadtar iad a athcheapadh uair amháin) agus go dtagann siad le chéile uair sa mhí, seachas mí Lúnasa. Sa tábla thíos sonraítear an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí an Údaráis a bhí in oifig le linn 2019:

Comhalta den Údarás	Ról	Tréimhse an cheapacháin
Herlihy, An tUas. Liam	Cathaoirleach	An 17 Meán Fómhair 2018 – An 16 Meán Fómhair 2023
Buckley, An tUas. John	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Cooke, An tUas. Tommy	Gnáth-Chomhalta	An 5 Deireadh Fómhair 2011 – An 4 Deireadh Fómhair 2021
Donnelly, Martina, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 10 Deireadh Fómhair 2019 – An 9 Deireadh Fómhair 2024
Duffy, An tUas. Patrick	Gnáth-Chomhalta	An 28 Meán Fómhair 2018 – An 27 Meán Fómhair 2023
Fitzgerald, an tOll. Gerald	Gnáth-Chomhalta	An 15 Meán Fómhair 2013 – An 14 Meán Fómhair 2023
Hennessy, An tOll. Thia	Gnáth-Chomhalta	An 23 Bealtaine 2018 – An 22 Bealtaine 2023
Kennedy, An tUas. Richard	Gnáth-Chomhalta	An 25 Bealtaine 2016 – An 26 Eanáir 2020
Larkin, An tUas. Joseph	Gnáth-Chomhalta	An 10 Deireadh Fómhair 2014 – An 9 Deireadh Fómhair 2019
Murphy Uas., Clíona	Gnáth-Chomhalta	An 29 Aibreán 2015 – An 28 Aibreán 2020
O'Connell, Eilís, Uas.	Gnáth-Chomhalta	An 30 Deireadh Fómhair 2018 – An 21 Eanáir 2023
Woulfe, An tUas. Liam	Gnáth-Chomhalta	An 29 Aibreán 2015 – An 28 Aibreán 2020

Tá cúig choiste curtha ar bun ag an Údarás, eadhon:

**1. An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC):** triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin. Is é ról an ARC tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i dtaca le saincheistean riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhaithe ghaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn 2019: An tUas. Liam Woulfe, Cathaoirleach, An tOll. Thia Hennessy agus Eilís O'Connell, Uas. Ba é an tUas. Noel O'Connell an comhalta seachtrach. Bhí ceithre chruinniú den ARC in 2019.

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

**2. An Coiste Oibríochtaí (OC):** comhdhéanta de cheathrar comhaltaí den Údarás. Is é ról an OC tacú leis an Údarás athbheithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an gClár Oibríochtaí i dTeagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo le linn 2019: An tUas. Tommy Cooke, Cathaoirleach, an tUas. Liam Herlihy, **RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS**

Cliona Murphy, Uas. agus an tUas. Joe Larkin. Bhí ceithre chruinniú den OC in 2019. I gcaitheamh 2019, chríochnaigh an tUas. Joe Larkin a théarma ar an Údarás agus tháinig Martina Donnelly, Uas. i gcomharbacht air ar an gcoiste.

**3. An Coiste Comhairleach agus Oideachais (AEC):** Cúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an AEC tacú leis an Údarás athbheithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Chomhairleacha agus Oideachais i dTeagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí Údaráis an Choiste seo le linn 2019: An tUas. Richard Kennedy, Cathaoirleach, an tUas. Patrick Duffy, an tUas. Joe Larkin, an tUas. Tommy Cooke agus an tUas. John Buckley. Bhí trí chruinniú den AEC in 2019. I gcaitheamh 2019, chríochnaigh an tUas. Joe Larkin a théarma ar an Údarás agus tháinig Martina Donnelly, Uas. i gcomharbacht air ar an gcoiste.

**4. An Coiste Taighde (RC):** comhdhéanta de chúigear comhaltaí den Údarás. Is é ról an RC tacú leis an Údarás athbheithniú agus machnamh a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le Clár Taighde in Teagasc agus chun tuairisciú agus moltaí a dhéanamh don Údarás, chomh maith le glacadh le dea-chleachtas. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2019: An tOll. Gerald Fitzgerald, Cathaoirleach, an tUas. Richard Kennedy, an tUas. Joe Larkin, an tUas. John Buckley agus an tOll. Thia Hennessy. Bhí dhá chruinniú den RC in 2019. I gcaitheamh 2019, chríochnaigh an tUas. Joe Larkin a théarma ar an Údarás agus tháinig Martina Donnelly, Uas. i gcomharbacht air ar an gcoiste.

**5. An Coiste Ainmniúchán (NC):** seisear comhaltaí den Údarás. Is é ról an NC folúntais a bhreithniú ar Údarás Teagasc agus moltaí a dhéanamh maidir le conas na folúntais a líonadh ar an mbealach is fearr. Seo a leanas comhaltaí an Choiste seo le linn 2019: An tUas. Liam Herlihy, Cathaoirleach, an tOll. Gerald Fitzgerald, an tUas. Tommy Cooke, Cliona Murphy, Uas., an tOll. Thia Hennessy agus an tUas. Patrick Duffy. Ní raibh aon chruinniú den NC in 2019.

## Sceideal tinrimh, táillí agus costas

Tá sceideal tinrimh chruinnithe an Údaráis agus na gCoistí in 2019 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

Cruinnithe an Údaráis 2019	09 - Ean.	06 - Fea.	06 - Már.	03 - Aib.	01 - Bea.	05 - Mei.	03 - Iúil	04 - M.Fó.	02 - D.Fó.	06 - Sam.	04 - Noll.	Táillí 2019 €	Costais 2019 €
Herlihy, An tUas. Liam	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	20,520	9,644
Buckley, An tUas. John	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	11,970	4,582
Cooke, An tUas. Tommy	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	11,970	860
Donnelly, Martina, Uas.										√	√	-	641
Duffy, An tUas. Patrick	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	11,970	3,359
Fitzgerald, an tOll. Gerald	√	√	√	√	√	√	√	√	-	√	√	3,990	2,643
Hennessy, An tOll. Thia	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	√	-	1,886
Kennedy, An tUas. Richard	√	√	√	√	-	√	√	√	√	√	√	11,970	1,068
Larkin, an tUasal Joe	√	√	√	√	√	√	√	√	√			-	1,865
Murphy Uas., Cliona	√	√	√	√	√	√	√	-	-	√	√	-	1,717
O'Connell, Eilís, Uas.	√	√	√	√	√	-	-	√	√	√	√	-	982
Woulfe, An tUas. Liam	√	√	√	-	√	√	√	√	√	√	√	11,970	1,626
												<b>84,360</b>	<b>30,873</b>

Bhí ceithre chomhalta den Údarás nach bhfuair táille faoin bprionsabal Aon Duine, Aon Tuarastal (OPOS). Tharscaoil Cliona Murphy, atá i dteideal táille ó bhí 2015 ann, a cheart chun na teidlíochta. Fuair an tUas. Noel O'Connell, comhalta seachtrach den ARC, táillí €5,652 in 2019.

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	22 - Fea.	02 - Iúí	02 - D.Fó.	04 - Nol
Woulfe, An tUas. Liam	√	√	√	√
Hennessy, An tOll. Thia	√	√	√	√
O'Connell, Eilís, Uas.	√	-	√	√
O'Connell, an tUasal Noel	√	√	√	√

An Coiste Oibríochtaí	26 - Feabh.	27 - Bea.	26 - Lún	20 - Nol
Cooke, An tUas. Tommy	√	√	√	√
Herlihy, An tUas. Liam	√	-	√	-
Murphy Uas., Clíona	√	-	√	√
Larkin, an tUasal Joe	√	√	√	
Donnelly, Martina, Uas.				√

An Coiste Comhairleach & Oideachais	22 - Fea.	31 - Iúí	15 - Sam
Kennedy, An tUas. Richard	√	√	√
Duffy, An tUas. Patrick	√	√	-
Larkin, an tUasal Joe	√	√	
Cooke, An tUas. Tommy	-	√	√
Buckley, An tUas. John	√	√	√
Donnelly, Martina, Uas.			-

An Coiste Taighde	05 - Mei	15 - Sam
Fitzgerald, an tOll. Gerald	√	√
Kennedy, An tUas. Richard	-	√
Larkin, an tUasal Joe	√	
Hennessy, An tOll. Thia	√	-
Buckley, An tUas. John	√	√
Donnelly, Martina, Uas.		-

### Na príomhathruithe pearsanra

Tar éis do dhuine amháin dul ar scor, ceapadh comhalta nua amháin chun an Údaráis le linn 2019.



# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR GRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Teagasc riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

#### Costais chomhairleachta

Folaíonn costais chomhairleoireachta an costas i leith comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní fholáíonn feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnáthghnó'.

	2019	2018
	€'000	€'000
Comhairle dhlí	201	430
Comhairle airgeadais/um chánachas	27	85
Pinsin/Acmhainní Daonna	76	78
Comhairle ailtireachta/ innealtóireachta	813	1,034
Comhairle taighde	226	347
Eile	289	215
Costais chomhairleachta iomlána	<u>1,632</u>	<u>2,189</u>
Costais chomhairleachta arna gcaipitliú	736	837
Costais chomhairleachta arna ngearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	896	1,352
Iomlán	<u>1,632</u>	<u>2,189</u>

#### Costais dlí agus socraíochtaí

Tá miondealú sa tábla thíos de na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí eadrána agus idir-réitigh a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl san áireamh leis sin caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle ghinearálta dlí a fuair Teagasc atá nochtá rud a nochtar sna costais Chomhairleachta thuas.

	2019	2018
	€'000	€'000
Táillí dlí - imeachtaí dlíthiúla	43	81
Costais dlí chontrapháirtí	9	17
Socraíochtaí	175	179
Iomlán	<u>227</u>	<u>277</u>

Tá 24 cás san áireamh faoi Shocraíochtaí sa bhliain 2019 (2018: 22).

#### Caiteachas taistil agus cothaithe

Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Éire		
Údarás	31	30
Fostaithe	4,768	4,794
Idirnáisiúnta		
Údarás	-	-
Fostaithe	837	814
	<u>5,636</u>	<u>5,638</u>

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

### Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	2019	2018
	€'000	€'000
Fáilteachas don fhoireann	36	28
Fáilteachas do chliaint	18	12
Iomlán	54	40

De réir a gcomhaontuithe fostaíochta/socrúcháin tá cuid den fhoireann agus de na mic léinn i dteideal béilí i gceaintíní coláiste. In 2019 chosain sé €41,362 (2018: €42,086) leis na béilí sin a chur ar fáil.

Tá comhaontú urraíochta scothshuíochán 10 mbliana ag Teagasc le Páirc an Chrócaigh ar chostas bliantúil €4,800 chun an fhoireann a dhreasú agus siamsa a thabhairt do pháirtithe leasmhara, rud a chlúdaíonn an tréimhse ó mí Dheireadh Fómhair 2012 go dtí mí Mheán Fómhair 2022. Is é €4,800 an costas a bhí ar dhreasachtaí foirne in 2019.

### Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha ar bun aige chun comhlíontacht ina leith a chinntiú. Chomhlíon Teagasc an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2019.

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Raon feidhme na freagrachta

Thar ceann Teagasc, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tugtar riachtanais an Cóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

### Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Deartar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas le dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

### Cumas chun déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag Teagasc atá comhdhéanta de thriúr atá ina gcomhaltaí den Údarás, agus duine acu mar Chathaoirleach, mar aon le comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an ARC le chéile 4 huaire le linn 2019.

Bhunaigh Teagasc feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a soláthraítear acmhainní imleora di agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC. Faigheann an feidhmeannas tacaíocht ó ghnólachtaí seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí iniúchta inmheánaigh.

Rinne an ARC athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca lena leagtar amach a shásta atá Teagasc glacadh le riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann uile nach mór di oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca Teagasc, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí agus laig rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas rialaithe bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag teagasc lena ndéantar na príomhrioscaí a shainithint agus a thuairisciú mar aon leis na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainithnítear na príomhrioscaí os comhair Teagasc agus rinneadh iad sin a shainithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an tÚdarás an clár a athbhreithniú ar bhonn míosúil agus an ARC ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú arna sannadh d'fhoireann shainiúil. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- trí nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha cinntítear rialú imleor ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh maoiniú deontais i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.



## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a fheidmiú agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is ábhartha, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus aon easnaimh a shainaitnítear a thuirisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun comhlíontacht rialacha agus treoirlínte soláthair a chinntiú. Ba é an caiteachas iomlán a bhain le soláthar ná € 59.7m. Déanann Teagasc athbhreithniú ar stádas comhlíontachta na n-orduithe ceannaigh uile a bhfuil a luach níos mó ná €25,000. In 2019, as na 233 ordú ceannaigh a eisíodh, fuair Teagasc amach go raibh na cinn a bhain le ceithre sholáthraí neamh-chomhlíontach (luach €168,098). Tabhaíodh €309,645 sa bhreis le soláthraí teileachumarsáide agus tá línte líonra Teagasc á n-athsholáthar ar bhonn céimnithe faoi chonradh comhlíontach. D'ainneoin nach raibh na soláthairtí seo comhlíontach, tá Teagasc sásta go bhfuairamar luach ár gcuid airgid.

As na seacht soláthraí a bhí neamhchomhlíontach in 2018, bhí trí cinn acu fós ann in 2019. An soláthraí teileachumarsáide a dtagraítear dó thuas, tá conradh comhlíontach aige leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus a luaithe a bheidh na línte eile suiteáilte ar an líonra seo, beidh Teagasc comhlíontach. San áireamh sna horduithe ceannaigh neamh-chomhlíontacha do 2019 tá soláthraí teileachumarsáide eile agus soláthraí seachfhoinisithe a bhí neamh-chomhlíontach in 2018. Tá línte an tsoláthraí teileachumarsáide á mbogadh ar bhonn céimnithe chuig soláthraí comhlíontach agus tá tús á chur le próiseas soláthair i dtaca leis an soláthraí seachfhoinisithe.

### Réamhíoc deontas

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Teagasc chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha maidir le deontais réamh-mhaoinithe. Cuireann Teagasc réamh-mhaoiniú deontais ar fáil do thrí choláiste phríobháideacha agus do roinnt ollscoileanna. Chuaigh Teagasc i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun maolú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le ceadú dó leanúint de dheontais a réamh-mhaoiniú. Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí ceist an mhaolaithe sin fós le réiteach.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Teagasc chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Teagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann a gcuid oibre bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh in Teagasc.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019 ar an 5 Feabhra 2020.

### Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh

Seachas na cinn a luadh faoi 'Soláthar', ní dhearnadh aon laigí sa rialú inmheánach a shainaithint maidir le 2019 a n-éilítear iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

An tUas. Liam Herlihy  
Cathaoirleach  
An 26 Meitheamh 2020

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontais ón Oireachtas	4	149,594	149,171
Maoiniú ón AE	5	3,440	2,045
Ioncam trádála beostoic		3,302	2,692
Ioncam oibríochtúil	6	34,684	33,245
Maoiniú iarchurtha glan do shochair scoir	10	(6,421)	(2,644)
Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta	12	162	34
Deontais, tabhartais agus tobhaigh dheonacha		4,665	5,693
Díolachán earraí		134	103
Seirbhísí taighde agus teicneolaíochta		1,819	1,867
<b>Ioncam Iomlán</b>		<u>191,379</u>	<u>192,206</u>
<b>Caiteachas</b>			
<b>Barrachas oibríocháin</b>	7	<u>(185,684)</u>	<u>(186,612)</u>
Ús infhaighte		16	15
<b>Barrachas roimh aistriú agus cáin</b>		5,711	5,609
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	24	<u>(5,787)</u>	<u>(4,802)</u>
<b>(Easnamh)/barrachas don bhliain airgeadais roimh cháin</b>		(76)	807
Cánachas	11	<u>(9)</u>	<u>(18)</u>
<b>(Easnamh)/barrachas don bhliain airgeadais</b>		<u>(85)</u>	<u>789</u>
<b>(Easnamh)/barrachas inchurtha i leith</b>			
Teagasc		(98)	739
Leas neamh-urlámhais		13	50
		<u>(85)</u>	<u>789</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>(Easnamh)/barrachas don bhliain airgeadais</b>		(85)	789
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	(156,742)	136,676
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	156,742	(136,676)
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>		<u>(85)</u>	<u>789</u>
Teagasc		(98)	739
Leas neamh-urlámhais		13	50
		<u>(85)</u>	<u>789</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.



# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

	Nóta	An Grúpa		Teagasc	
		2019 €'000	2018 €'000	2019 €'000	2018 €'000
<b>Sócmhainní neamhreatha</b>					
Maoin, gléasra agus trealamh	12	121,211	110,865	108,768	102,981
Infheistíochtaí	14	616	719	617	720
		<u>121,827</u>	<u>111,584</u>	<u>109,385</u>	<u>103,701</u>
<b>Sócmhainní reatha</b>					
Fardail	15	5,542	5,265	5,542	5,265
Infháltais: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	17	27,142	27,610	26,605	27,005
Airgead tirim agus coilbhéisí airgid thirim	18	35,230	27,645	32,127	25,709
		<u>67,914</u>	<u>60,520</u>	<u>64,274</u>	<u>57,979</u>
<b>Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin</b>					
Suimeanna iníoctha agus fabhrúithe	19	21,649	18,802	20,551	18,314
Ioncam iarchurtha	21	30,286	26,299	30,226	26,200
		<u>51,935</u>	<u>45,101</u>	<u>50,777</u>	<u>44,514</u>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<u>15,979</u>	<u>15,419</u>	<u>13,497</u>	<u>13,465</u>
<b>Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha</b>		<u>137,806</u>	<u>127,003</u>	<u>122,882</u>	<u>117,166</u>
<b>Soláthairtí do dhliteanais</b>					
Cáin iarchurtha	23	120	119	-	-
<b>Suimeanna iníoctha: méideanna atá dlite tar éis bliain amháin</b>					
Ioncam iarchurtha	22	350	354	151	108
Suimeanna iníoctha agus fabhrúithe	20	375	-	-	-
		<u>136,961</u>	<u>126,530</u>	<u>122,731</u>	<u>117,058</u>
Maoiniú sochar scoir iarchurtha	10	1,299,840	1,149,519	1,299,840	1,149,519
Oibleagáid i ndáil le sochar scoir	10	(1,299,840)	(1,149,519)	(1,299,840)	(1,149,519)
<b>Glansócmhainní</b>		<u>136,961</u>	<u>126,530</u>	<u>122,731</u>	<u>117,058</u>
<b>Caipiteal agus cúlchistí</b>					
Cuntas caipitil		108,768	102,981	108,768	102,981
Cúlchistí ioncaim		15,448	15,533	13,963	14,077
Ranníocaíocht chaipitiúil		12,745	8,016	-	-
		<u>136,961</u>	<u>126,530</u>	<u>122,731</u>	<u>117,058</u>
Cúlchistí inchurtha i leith Teagasc		129,974	120,445	122,731	117,058
Leas neamh-urlámhais		6,987	6,085	-	-
		<u>136,961</u>	<u>126,530</u>	<u>122,731</u>	<u>117,058</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.

An tUas. Liam Herlihy  
Cathaoirleach  
An 26 Meitheamh 2020

An tOllamh Gerry Boyle  
Stiúrthóir  
An 26 Meitheamh 2020

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

### GRÚPA

	Nóta	Cuntas	Ranníocaíocht	Cúlchistí ioncaim		Ranníocaíocht	Iomlán
		caipitil	chaipitiúil	An	Leas neamh-	Leas neamh-	
		€'000	€'000	Grúpa	urlámhais	Leas neamh-	€'000
				€'000	€'000	urlámhais	
						€'000	€'000
<b>Amhail an 1 Eanáir 2018</b>		<b>98,179</b>	-	<b>14,165</b>	<b>579</b>	<b>3,044</b>	<b>115,967</b>
Barrachas don bhliain		-	-	739	50	-	789
Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais sochair scoir	10	-	-	136,676	-	-	136,676
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	(136,676)	-	-	(136,676)
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán</b>		-	-	<b>739</b>	<b>50</b>	-	<b>789</b>
Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil		-	2,560	-	-	2,412	4,972
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	12,899	-	-	-	-	12,899
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(468)	-	-	-	-	(468)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,629)	-	-	-	-	(7,629)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2018</b>		<b>102,981</b>	<b>2,560</b>	<b>14,904</b>	<b>629</b>	<b>5,456</b>	<b>126,530</b>
			<b>120,445</b>		<b>6,085</b>		<b>126,530</b>
(Easnamh)/barrachas don bhliain		-	-	(98)	13	-	(85)
Cailteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	-	(156,742)	-	-	(156,742)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	-	156,742	-	-	156,742
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán</b>		-	-	<b>(98)</b>	<b>13</b>	-	<b>(85)</b>
Breisiú ar ranníocaíocht chaipitiúil		-	3,840	-	-	889	4,729
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	13,136	-	-	-	-	13,136
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(47)	-	-	-	-	(47)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,302)	-	-	-	-	(7,302)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2019</b>		<b>108,768</b>	<b>6,400</b>	<b>14,806</b>	<b>642</b>	<b>6,345</b>	<b>136,961</b>
			<b>129,974</b>		<b>6,987</b>		<b>136,961</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHAIPITEAL AGUS AR CHÚLCHISTÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

### TEAGASC

	Nóta	Cuntas caipitil €'000	Cúlchistí ioncaim €'000	Iomlán €'000
<b>Amhail an 1 Eanáir 2018</b>		<b>98,179</b>	<b>13,405</b>	<b>111,584</b>
Barrachas don bhliain		-	672	672
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	136,676	136,676
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	(136,676)	(136,676)
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán</b>		-	672	672
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	12,899	-	12,899
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(468)	-	(468)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,629)	-	(7,629)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2018</b>		<b>102,981</b>	<b>14,077</b>	<b>117,058</b>
Easnamh don bhliain		-	(114)	(114)
Caillteanas achtúireach ar dhliteanais sochar scoir	10	-	(156,742)	(156,742)
Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha	10	-	156,742	156,742
<b>Ioncam cuimsitheach iomlán</b>		-	(114)	(114)
Méideanna arna gcaipitliú maidir le sócmhainní ceannaithe	12	13,136	-	13,136
Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí	12	(47)	-	(47)
Lúide: amúchta i gcomhréir le dímheas ar shócmhainní	12	(7,302)	-	(7,302)
<b>Amhail an 31 Nollaig 2019</b>		<b>108,768</b>	<b>13,963</b>	<b>122,731</b>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.



# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2019

### GRÚPA

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>	28	21,065	19,523
Ús a íocadh		(91)	(77)
Cáin a íocadh		(9)	(9)
<b>Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<u>20,965</u>	<u>19,437</u>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	12	(18,309)	(18,058)
Fáltais ó dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe	12	230	547
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí a fháil	14	(70)	(263)
Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí	14	24	-
Ús faighte		16	15
Ranníocaíocht chaipitiúil a fháil		4,729	4,972
<b>Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<u>(13,380)</u>	<u>(12,787)</u>
<b>Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim</b>		7,585	6,650
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		27,645	20,995
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig</b>		<u>35,230</u>	<u>27,645</u>
<b>Is é atá cuimsithe le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim:</b>			
Airgead sa bhanc agus ar láimh	18	19,730	12,145
Taiscí gearrthéarmacha	18	15,500	15,500
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig</b>		<u>35,230</u>	<u>27,645</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-36.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1. Eolas ginearálta

Bunaíodh Teagasc faoin (Údarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia na hÉireann) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Is é an misean tacú le nuálaíocht eolaíochtbhunaithe san earnáil agrairbhia agus leis an mbithgheilleagar níos leithne, rud a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag brabúsacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá príomhoifig chláráithe Teagasc suite ag Páirc na Darach, Ceatharlach.

Tá sciar 57% i seilbh Teagasc i Moorepark Technology Limited a bhfuil mar phríomhghníomhaíocht aige seirbhísí a sholáthar do Thaighde agus d'Fhorbairt.

### 2. Achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta, agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha, arna nglacadh ag Teagasc leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

#### 2.1 Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Teagasc don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

#### 2.2 Bunús an chomhtháthaithe

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo, cuimsítear le 'Grúpa Teagasc' an máthaireintiteas Teagasc agus an fochuideachta dá chuid Moorepark Technology Limited. Tá beartais chuntasaíochta agus tréimhse chuntasaíochta na fochuideachta i gcomhréir le cinn an Ghrúpa. Cuirtear idirbhearta idirchuideachta agus iarmhéideanna agus gnóthachain ar idirbhearta as an áireamh. Tuairiscítear ar infheistíocht san fochuideachta ar chostas líúde lagú. Tá sonraí maidir leis an bhfochuideachta i Nóta 14.

#### 2.3 Bonn a n-ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi Alt 12 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, in éineacht le I.R. Uimh. 418 de 2011. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhí plé á dhéanamh le míreanna a mheastar atá bainteach le ráitis airgeadais Teagasc.

#### 2.4 Aithint ioncain

##### *Deontais ón Oireachtas*

Faigheann Teagasc deontais ón rialtas maidir le taighde agus tionscadail eile (deontais ioncain) agus deontais chaipitil chun infheistíocht chaipitiúil a mhaoiniú. Aithnítear deontais ioncain nach bhfuil critéir feidhmíochta san áireamh leo mar ioncam ar bhonn fáiltas airgid. Cuirtear deontais lena bhforchuirtear critéir feidhmíochta shainiúla i leith ioncam iarchurtha agus déantar iad a thaifeadadh mar chreidiúnaí go dtí go gcomhlíontar na critéir feidhmíochta ábhartha agus go dtí go n-aithnítear na deontais mar ioncam. Déantar deontais chaipitil a scaoileadh go hioncam thar shaolré úsáideach ionchasach na sócmhainne ábhartha arna ceannach.

##### *Díolachán earraí*

Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a aistrítear na rioscaí suntasacha agus luachanna saothair úinéireacht na n-earraí chuig an gceannaitheoir, ar sheoladh na n-earraí de ghnáth, nuair is féidir méid an ioncain a thomhas go hiontaoifa, nuair is dóchúil go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an idirbheart chuig an aonán agus nuair is féidir na costais a tabhaíodh, nó a bheidh le tabhú, maidir leis an idirbheart a thomhas go hiontaoifa.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### *Táillí comhairleacha*

Faigheann Teagasc ioncam le haghaidh conarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla, conarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise a chuirtear ar fáil. Aithnítear ioncam ó chonarthaí seirbhíse comhairlí bliantúla sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar an sonrasc a eisiúint. Aithnítear ioncam ó chonarthaí um pléghrúpaí bliantúla agus seirbhísí comhairleacha breise sa tréimhse chuntasaíochta ina soláthraítear an tseirbhís nuair is féidir toradh an chonartha a mheas ar bhonn iontaofa.

### *Ioncam fabhráithe*

Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar earraí/seirbhísí arna soláthar, ach nach bhfuil billeáilte, de réir na dtéarmaí conarthacha mar ioncam fabhráithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam a dhéantar a thuilleamh ar thionscail taighde, ach nach bhfuil éillithe, mar ioncam fabhráithe ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, agus rialacha aonair na gcomhlachtaí maoinithe uile á dtabhairt san áireamh.

### *Ioncam dleachta*

Aithnítear ioncam dleachta ar bhonn fabhráithe de réir shubstaint na gcomhaontuithe ábhartha.

### *Táillí teagaisc*

Aithnítear ioncam thar thréimhse an teagaisc.

### *Figúirí comparáideacha*

Rinneadh figúirí comparáideacha a athghrúpáil agus a anailísú arís, nuair a bhí sé riachtanach, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

## **2.5 Sochair fostaithe**

Cuireann an Grúpa réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, mar shampla, socruithe íoctha saoire agus pleananna pinsin le sochar sainithe.

### *(Sochair ghearrthéarmacha)*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile dá shamhail ina measc, mar chostas sa tréimhse a bhfaightear an tseirbhís lena linn.

### *Pleananna pinsin le sochar sainithe*

Feidhmíonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe a bhíonn maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead a bhíonn ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na mball foirne. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid. Faightear luachálacha achtúireacha gach bliain agus déantar iad a nuashonrú ar dháta gach Ráitis ar an Staid Airgeadais.

Ina theannta sin, feidhmíonn Teagasc Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), ar scéim pinsin le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin a earcaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais na sochar scoir na sochair scoir a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne, a gcoinníonn an Grúpa iad. Déantar ranníocaíochtaí maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú. Aithnítear aon suim a bhaineann le muirear na sochar scoir mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí sochar scoir a íoc. Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha de dheasca athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn dliteanais sochar scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtéimhsí amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.6 Léasanna

Ag an dáta tionscanta measann Teagasc comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Meastar cibé acu atá nó nach bhfuil sa chomhaontú léas atá bunaithe ar bhunús an tsocraithe.

#### *Léasanna oibriúcháin*

Tugtar léasanna oibriúcháin ar léasanna nach n-aistrítear na rioscaí agus na buntáistí ar fad a bhaineann le húinéireacht iontu. Gearrtar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin ar an ráiteas ar ioncam ar bhonn na líne dírlí thar thréimhse an léasa.

### 2.7 Cánachas

Tá an costas cánachais don thréimhse comhdhéanta den cháin reatha agus den cháin iarchurtha a aithnítear sa thréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa ráiteas ar ioncam. Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais na cánach reatha nó iarchurtha a lascainiú.

#### *Cáin reatha*

Is éard atá i gceist le cáin reatha ná an méid cáin ioncaim atá iníoctha i leith an bhrabúis inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe. Ríomhtar cáin ar bhonn na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse.

Go thréimhsiúil, déanann an lucht bainistíochta suíomhanna a mheasúnú a ghlactar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina bhfuil an rialachán cánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaíonn sé forálacha, nuair is iomchuí, ar bhonn na méideanna lena bhfuiltear ag súil le bheith íoctha do na húdaráis chánach.

#### *Cáin iarchurtha*

Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainiúcháin arb ionann iad agus difríochtaí idir brabúis inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán de réir mar atá luaithe sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí ama sin a tharlaíonn nuair a chuirtear ioncam agus costais i measúnuithe cánach san áireamh i dtréimhsí atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht ama ar an dáta tuairiscithe seachas i roinnt eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamh-mhaolaith ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go n-aisghabhfar iad in aghaidh aisiompú na ndlíteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach amach anseo.

Ríomhtar cáin iarchurtha de réir na rátaí cánach agus na ndlíthe atá achtaithe nó atá achtaithe go substainteach faoi dheireadh na thréimhse agus a cheaptar a mbeidh feidhm acu ar aisiompú na difríochta ama.

### 2.8 Taighde agus forbairt

Aithnítear caiteachas ar thaighde mar chostas sa thréimhse ina dtabhaítear e.

### 2.9 Sócmhainní inláimhsithe

#### *Maoin, gléasra agus trealamh*

Tá maoin, gléasra agus trealamh luaithe ar a gcostas lúide dhímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear lena leithéid de chostais costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a dhéanamh oibríochtúil de réir mar a bhí beartaithe.

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas. Déantar dhímheas maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh ar rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta, ar bhonn córasach, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

Trealamh ríomhaireachta	3 bliana
Gléasra agus feithiclí	5 bliana
Trealamh saotharlainne agus oifige	10 bliana
Gléasra agus trealamh tionsclaíoch	10 bliana
Foirgnimh feirme	20 bliana
Foirgnimh thionsclaíocha agus dhéantúsaíochta	30 bliana
Foirgnimh eile	50 bliana

Gearrtar dhímheas leathbhliana sa bhliain ina bhfaightear sócmhainní agus ina ndéantar iad a dhiúscairt.



## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Déantar athbhreithniú ar luachanna anonn maoinne, gléasra agus trealamh maidir le lagú nuair a léirítear le himeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an luach anonn inghnóthaithe. Má léirítear lagú déantar an lagú, nó cealú caillteanais lagaithe, a aithint go láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar saolréanna úsáideacha ionchasacha, luachanna iarmharacha agus modhanna dímheasa a athbhreithniú agus a choigeartú ag deireadh gach bliana airgeadais.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, arb ionann é agus an difríocht idir fáiltas na ndíolachán agus luach anonn na sócmhainne, a eascraíonn as diúscairt nó astarraingt earra maoinne, gléasra nó trealamh sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar aon mhéid sa chúlchiste athluachála a bhaineann leis an tsócmhainn sin a aistriú go díreach chuig tuilleamh coimeáda.

Coimeádtar gléasra agus trealamh arna ndímheas ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

### *Sócmhainní le hathdhíol*

Rangaítear sócmhainní inláimhsithe mar choinnithe le díol nuair atáthar ag súil go ndéanfar an luach anonn a ghnóthú go príomha trí idirbheart díolacháin agus nuair a bhíonn sé thar a bheith dóchúil do ndéanfar díolachán. Luaitear iad ar an tsuim is ísle de luach anonn nó de luach cóir lúide costas an díolacháin.

### *Lagú sócmhainní neamh-airgeadais*

Déantar sócmhainní nach sócmhainní airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir a mheas ar dháta deiridh gach bliana airgeadais lena fháil amach an bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Más amhlaidh, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim tugtha anonn na sócmhainne (nó aonad ginte airgid na sócmhainne).

## 2.10 Sócmhainní airgeadais

### *Infheistíocht i bhfochuideachta*

Déantar an infheistíocht san fhochuideachta Moorepark Technology Limited ar chostas lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas sa bhliain.

### *Infheistíochtaí eile*

Déantar infheistíochtaí ata liostaithe ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus taifeadtar gluaiseachtaí tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus tríd an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar sócmhainní airgeadais eile lena gcuimsítear infheistíochtaí i scaireanna neamhluaithe agus infheistíochtaí airgeadais a thomhas ag a luach cóir más féidir sin a chinntiú go hiontaoifa; murar féidir déantar iad a thomhas ag an luach inchurtha ina leith ag dáta a bhfála lúide lagú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar lagú, aithnítear caillteanas i ndáil le lagú sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain.

## 2.11 Fardal

### *Sócmhainní bitheolaíocha*

Déantar beostoc agus torthaí feirme féin a luacháil le samhail an luacha chóir. Cinntítear luach cóir ar an mbonn go ndóltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Léirítear gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo ina n-iomláine in ioncam oibriúcháin.

### *Fardal eile*

Luaitear fardal eile uile ag an tsuim is ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

## 2.12 Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i gcoinne lagaithe. Soláthar sonracha is ea an soláthar i gcoinne lagaithe, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh Teagasc in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i gcoinne lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 2.13 Suimeanna iníochta

Aithnítear suimeanna iníochta ar dtús, lena n-áirítear suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile agus ioncam iarchurtha, ar a bpraghas idirbheart, ach amháin más rud é go bhfuil an socrú ina idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltas amach anseo arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh.

### 2.14 Soláthairtí agus bearta teagmhasachta

#### *Soláthairtí*

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid láithreach dlí nó inchiallaithe ag an nGrúpa mar thoradh ar rudaí a tharla san am atá thart, agus nuair atá gach cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil leis an oibleagáid sin a ghlanadh, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide sin a mheas go héasca.

Déantar soláthairtí a thomhas ar luach reatha an chaiteachais lena bhfuiltear ag súil a bheith de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh agus ráta réamhchánach á úsáid lena léirítear measúnuithe an mhargaidh reatha ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go saineúil leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an soláthar mar gheall ar imeacht ama mar chostas airgeadais.

#### *Teagmhais*

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de bharr rudaí a tharla san am atá thart, (i) nuair nach bhfuil cosúlacht ar an scéal go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go héasca ar an dáta tuairiscithe, nó (ii) nuair a dhéanfar iad a dhearbhu nuair a tharlóidh nó nuair nach dtarlóidh rudaí áirithe amach anseo nach bhfuil faoi rialú iomlán an Ghrúpa. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh buntáistí eacnamaíocha ann.

## 3. Meastacháin agus breithnithe ríthábhachtacha cuntasáochta

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna arna dtuairisciú i ndáil le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasáí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

#### *Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha maoinne, gléasra agus trealaimh*

Déanann an Grúpa na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhímheas thar a saolréanna úsáideacha measta tar éis a luachanna iarmharacha measta a thabhairt san áireamh. Léirítear le saolré úsáideach mheasta meastachán an luchta bainistíochta ar an tréimhse ina bhfuil sé de rún ag an nGrúpa tairbhí eacnamaíocha todhcháíochta a bhaint as sócmhainní seasta inláimhsithe an Ghrúpa. Léirítear le luach iarmharach an méid measta an luchta bainistíochta a gheobhadh an Grúpa ar dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, faoi mar a bheadh an tsócmhainn den aois agus sa riocht cheana féin a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí. D'fhéadfadh athruithe ar an leibhéal úsáide lena bhfuiltear ag súil agus forbairtí teicneolaíochta dul i bhfeidhm ar eacnamaíocht, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní sin agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh tionchar a bheith ar mhuirir dímheasa sa todhcháí. Féach nóta 12 le haghaidh méid anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe.

#### *Luacháil ar infheistíochtaí*

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar measúnú maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil táscairí ann go bhfuil infheistíocht Teagasc san fhochuideachta lagaithe. Nuair is gá, bíonn measúnuithe Teagasc bunaithe ar mheastachán ar luach úsáide na sócmhainní trí na sreafaí airgid sa todhcháí lena bhfuiltear ag súil a thuar do thréimhse suas le 5 bliana, agus ráta lascaine oiriúnach á úsáid chun luach reatha na sreafaí airgid sin a ríomh. Féach nóta 14 le haghaidh méid anonn na n-infheistíochtaí.

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### *Lagú infháltas*

Déanann Teagasc infháltais a mheasúnú ar bhonn leanúnach le haghaidh aon fhianaise oibiachtúil ar lagú trí fhachtóirí a bhreithniú, lena n-áirítear an próifíl aosaithe, acmhainneacht creidmheasa agus stair bailithe san am atá thart gach féichiúnaí. Dá ndéanfaí dálaí airgeadais na bhféichiúnaithe sin a mheathlú, agus lagú a n-ábaltachta chun íocaíocht a dhéanamh ina thoradh air sin, d'fhéadfadh liúntais bhreise a bheith de dhíth. Féach nóta 17 le haghaidh méid anonn na n-infháltas trádála agus infháltas eile.

### *Oibleagáid sochair scoir*

Tá d'oibleagáid ar Teagasc sochar scoir a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luacháil ar shócmhainní agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáide. Cuireann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin san áireamh agus an oibleagáid um shochar scoir glan á cinntiú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léiríonn na foshuíomhanna taithí stairiúil agus treochtaí reatha. Féach Nóta 10 le haghaidh na nochtuithe a bhaineann leis an scéim sochair scoir.

### *Soláthairtí*

Déanann an Grúpa soláthar i gcoinne oibleagáidí dlí agus oibleagáidí inchiallaithe, arb eol dó go bhfuil siad dlite ag deireadh na bliana. De ghnáth, déantar an soláthar sin ar bhonn faisnéis stairiúil nó faisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar chostais airgeadais a ghabhann le teagmhais b'fhéidir nach dtarlódh go ceann tamall de bhlianta. Mar gheall air sin agus mar gheall ar leibhéal na neamhchinnteachta a ghabhann leis na torthaí airgeadais, is féidir go mbeadh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an meastachán ar an toradh.

### *Gnóthas leantach*

Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar réamhaisnéisí buiséid agus sreafaí airgid maidir le tréimhse dhá mhí dhéag ó dháta sínithe na ráiteas airgeadais agus léiríonn siad nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Teagasc a dhliteanas a sheasamh nuair a bheidh siad dlite, agus leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Agus an méid sin á mheas, rinne an tÚdarás breithniú ar thionchar Covid-19 agus níor mheas go mbeadh an tionchar chomh suntasach sin go gcaithfí amhras ar chumas na heagraíochta leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. Measann an tÚdarás dá bhrí sin gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, níl sna ráitis airgeadais seo aon athruithe ar na suimeanna glanluacha ná ar aicmiú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh Teagasc in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

# RÁITIS CHOMHDHLÚITE AIRGEADAIS TEAGASC DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2019

## NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 4. Deontais ón Oireachtas

	Fo- cheanteideal	2019 €'000	2018 €'000
Vóta 30: Deontas i gcabhair ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do chaiteachas ginearálta	C.5	124,220	122,629
Deontas chun críocha acmhainní daonna	C.5	10,500	10,500
Deontas d'fhorbairt Chaisleán Bhaile Sheáin	C.11	1,020	2,500
An clár tacaíochta agus comhairleach um inbhuanaitheacht na talmhaíochta	B.3	130	-
Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht	C.3	2,279	2,360
Clár taighde chomhoibrithigh Stimulus	C.3	2,519	3,118
Clár na ndobharcheantar talmhaíochta	B.3	1,630	1,594
Scéim GLAS	B.3	19	310
Clár aistrithe eolais	B.7	3,269	3,685
Ionad na mbianna tomhaltais	C.4	4,001	2,288
Loingseoir carbóin	C.10	-	36
Deontas maidir le poiblíocht na foraoiseachta agus feasacht agus oiliúint	B.10	670	670
Deontas maidir le hoideachas um fhoraoiseacht	B.10	26	38
Ranníocaíochtaí ball leis an scéim pinsin aonair		(689)	(557)
		<u>149,594</u>	<u>149,171</u>

Is faoi ioncam a aithnítear deontas nach bhfuil aon chritéir feidhmíochta ag baint leis nuair a fhaightear na fáltais ón deontas. Aithnítear deontais ón Oireachtas a fhaightear lena bhforchuirtear coinníollacha feidhmíochta sonraithe don todhchaí in ioncam nuair a chomhlíontar na coinníollacha sin. Taifeadtar deontais ón Oireachtas, a fhaightear roimh aithint ioncaim a chomhlíonadh, mar dhliteanais ar leith sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Ag deireadh na bliana, bhí coinníollacha neamhchomhlíonta i gceist le Teagasc atá san áireamh leis an Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanais i dtaca leis an méid a leanas:

	Nóta	2019 €'000	2018 €'000
Taighde ar bhia agus taighde ar thalmhaíocht	21	2,178	2,335
